14 -15 Meán Fómhair	AILG <i>"Celebrating Local Government"</i> <i>Baile Átha Troim</i>	<i>Mary Hilda Cavanagh, Fidelis Doherty, Ger Frisby, Peter Cleere, Micheal McCarthy, Eamon Aylward, John Coonan, Martin Brett, Deirdre Cullen, Michael Delaney, Matt Doran, Michael Doyle, Pat Dunphy, John Brennan, Pat Fitzpatrick, Maria Dollard, Joe Malone.</i>	€2,635.00	€6,110.68	€8,745.68
15 Meán Fómhair, 2021	AILG <i>Trá Lí</i>	<i>Peter Cleere</i>	€0.00	€333.98	€333.98
24 - 25 Meán Fómhair, 2021	Celtic Conference <i>"Health & Safety in the Workplace"</i> <i>Corcaigh</i>	<i>Peter Cleere</i>	€0.00	€498.24	€498.24
29 Meán Fómhair go 25 Deireadh Fómhair	Irish Language Course <i>Ar Líne</i>	<i>Deirdre Cullen, Martin Brett, Mary Hilda Cavanagh, Ger Frisby, John Brennan</i>	€996.00	€0.00	€996.00

DÁTA	COMHDHÁIL & SUÍOMH	COMHALTA TOFA	TÁILLÍ	COSTAIS	IOMLÁN
30 Meán Fómhair – 2 nd October	Celtic Conference “A Practical Guide to Budget 2023” <i>Lú</i>	<i>Eamon Aylward, Mary Hilda Cavanagh, Ger Frisby, John Brennan,</i>	€400.00	€2,306.27	€2,706.27
07-09 Deireadh Fómhair	Celtic Conference “Irish State Pensions and Benefits” <i>Corcaigh</i>	<i>Michael McCarthy</i>	€0.00	€608.54	€608.54
21 - 22 Deireadh Fómhair	AILG Conference <i>Disability and Inclusion</i> Cill Airne	<i>Andrew McGuinness, Ger Frisby, John Brennan, Maria Dollard, Mary Hilda Cavanagh, Michael McCarthy, Pat Dunphy</i>	€490.00	€3,071.91	€3,560.91
25 -26 Deireadh Fómhair	AILG Conference <i>Disability and Inclusion</i> Sligeach	<i>John Coonan Peter Cleere</i>	€140.00	€833.72	€973.72
28 - 30 Deireadh Fómhair	Celtic Conference “Innovation in Solar Energy” <i>Corcaigh</i>	<i>Peter Cleere</i>	€100.00	€512.84	€612.84
3 - 5 Samhain (21)	LAMA <i>County Development Plans</i> <i>Sligeach</i>	<i>Martin Brett</i>	€0.00	€416.65	€416.65
9 -11 Samhain	LAMA “Cost of Living Crisis & Sustainable & Renewable Energy” <i>Muineachán</i>	<i>Peter Cleere, Matt Doran, Michael Doyle, Patrick O'Neill, Pat Fitzpatrick, Michael McCarthy, Michael Delaney, Andrew McGuinness, Joe Malone, John Coonan, Eugene McGuinness, Martin Brett, Pat Dunphy, Eamon Aylward, Ger Frisby</i>	€2,400.00	€6,873.80	€9,273.80
17 Samhain	AILG <i>Data Protection</i> Port Láirge	<i>Mary Hilda Cavanagh</i>	€140.00	€171.13	€311.13
25 -26 Samhain	AILG <i>Data Protection</i> An Uaimh	<i>Pat Dunphy, Michael McCarthy, Ger Frisby</i>	€210.00	€787.85	€997.85
Meán Fómhair	Purchase of IT Equipment	<i>Joe Malone, Joe Lyons</i>	€1,710.92	€0.00	€1,710.92
6 Bealtaine	IPB AGM & Conference <i>Baile Átha Cliath</i>	<i>Mary Hilda Cavanagh</i>	€0.00	€299.52	€299.52
		IOMLÁN	€18,034.77	€47,873.02	€65,907.79

ÍOCAÍOCHTAÍ LE COMHALTAÍ TOFA

Comhalta Tofa	An Lón Cruinnithe	Tuarastal Ionadaí	Caiteachais Bhliantúla/ Liúntas Bliantúil	Liúntas Ionadaí Áitiúil	Liúntas Cathaoirligh/ Leas-Chathaoirligh	Liúntas Ceantair Bhardasaigh	Liúntas Cathaoirligh CBS	Méid Iomlán a Íocadh le Comhaltaí Tofa 2021	Caiteachais a d'íoc Comhlachtaí Seachtracha
John Brennan	30 as 33	€26,261.55	€2,810.32	€2,911.59				€31,983.47	€1,901.76
Mary Hilda Cavanagh	43 as 43	€26,975.65	€3,563.13	€4,232.78		€3,173.73		€37,945.30	€1,941.18
Pat Fitzpatrick	44 as 48	€26,975.65	€2,139.65	€1,990.23	€10,732.40	€2,799.18		€44,637.11	€5,261.59
Michael McCarthy	38 as 44	€25,664.31	€2,139.65	€5,190.82	€1,850.79			€34,845.57	€1,053.81
Michael Delaney	30 as 36	€26,975.65	€2,139.65	€5,189.69				€34,304.99	
Denis Hynes	27 as 42	€26,975.65	€2,305.22	€3,644.43				€32,925.30	
Peter 'Chap' Cleere	31 as 37	€25,664.31	€2,452.23	€5,769.04				€33,885.58	€2,094.13
Matt Doran	42 as 43	€26,975.65	€3,348.04	€4,605.72		€3,380.72	€5,930.20	€44,240.33	
Michael Doyle	31 as 36	€26,319.98	€3,240.50	€3,179.25		€2,615.19		€35,354.92	
Patrick O'Neill	30 as 41	€26,319.98	€2,139.65	€2,990.11	€2,146.48			€33,596.22	
Deirdre Cullen	39 as 40	€26,975.65	€2,139.65	€5,190.42				€34,305.72	
Joe Lyons	40 as 50	€26,975.65	€2,306.05	€4,697.15				€33,978.85	
David FitzGerald	41 as 45	€26,975.65	€2,139.65	€4,602.74		€5,366.20	€5,930.20	€45,014.44	
Joe Malone	40 as 46	€26,975.65	€2,139.65	€5,190.15			€2,733.48	€37,038.93	€9,687.48
Andrew McGuinness	47 as 50	€26,975.65	€2,139.65	€5,194.31		€4,599.60		€38,909.21	€1,581.72
Martin Brett	45 as 56	€26,319.98	€2,139.65	€2,989.17				€31,448.80	

Comhalta Tofa	An Lón Cruinnithe	Tuarastal Ionadaí	Caiteachais Bhliantúla/ Liúntas Bliantúil	Liúntas Ionadaí Áitiúil	Liúntas Cathaoirligh/ Leas-Chathaoirligh	Liúntas Ceantair Bhardasaigh	Liúntas Cathaoirligh CBS	An méid iomlán a íocadh to le Comhaltaí 2021	Caiteachais a d'íoc Comhlachtaí Seachtracha
John Coonan	37 as 42	€26,319.98	€2,139.65	€1,990.23				€30,449.86	
Eugene McGuinness	39 as 40	€26,975.65	€2,139.65	€5,190.15				€34,305.45	
Eamon Aylward	35 as 38	€25,664.31	€3,563.13	€2,832.81			€3,196.72	€35,256.97	€318.00
Tomás Breathnach	51 as 51	€26,975.65	€3,993.30	€2,244.97				€33,213.92	
Fidelis Doherty	40 as 42	€26,319.98	€3,993.30	€2,045.02	€9,253.96	€3,380.72		€44,992.98	€6,594.52
Pat Dunphy	52 as 52	€26,975.65	€4,746.10	€2,824.30		€2,615.19	€5,930.20	€43,091.44	€632.04
Ger Frisby	48 as 51	€26,975.63	€4,531.02	€1,692.29			€5,930.20	€39,129.14	€3,123.58
Maria Dollard	39 as 41	€26,975.65	€2,139.65	€5,190.19				€34,305.49	
IOMLÁIN		€639,489.11	€66,528.09	€91,577.62	€23,983.63	€27,930.53	€29,651.00	€879,159.98	€34,189.81

ÓCÁIDÍ & IMEACHTAÍ CATHARTHA 2022

FÉILE NAOMH PADRAIG I gCILL CHAINNIGH

Mhair Féile Naomh Pádraig Chill Chainnigh 2022 6 lá, bhí os cionn 45 imeacht ar siúl lena linn, bhíothas ag obair in éineacht le taibheoirí/eagraíochtaí/díoltóirí lena linn (130 san iomlán agus meastar gur mealladh 100,000 duine chuig an gCathair thar an tréimhse sé lá. Ba é an tinreamh a bhí ann don Pharaid an tinreamh ba mhó riamh i stair Pharaid Lá Fhéile Pádraig i gCill Chainnigh; bhí 40,000 duine ar na sráideanna chun breathnú uirthi agus bhí os cionn 1,000 rannpháirtí ann agus daoine de chuid na Stát Aontaithe, na Ríochta Aontaithe agus na Fraince i measc an lucht féachana agus na rannpháirtithe.

Sroicheadh os cionn 650,000 cuntas ar na cainéil mheán sóisialta idir Facebook, Instagram, YouTube agus Twitter. I rith sheachtain na féile, tugadh 93,090 cuairt ar an láithreán gréasáin. Rinneadh tagairt do Chill Chainnigh ar leathanach tosaigh an Irish Times ar Lá Fhéile Pádraig, chaith nuacht RTÉ 45 shoicind ag tagairt do Chill Chainnigh agus clúdaíodh Cill Chainnigh i bhfoilseacháin de chuid na Stát Aontaithe agus na Ríochta Aontaithe, gan trácht ar fhoilseacháin náisiúnta. Mar thoradh ar chaiteachas €10,000 ar ghníomhaíocht mhargaíochta, thuill an fhéile beagnach 150 mír poiblíochta sna meáin ar líne, ar an raidió agus sna meáin chlóite. Fuarthas maoiniúchán don fhéile ó Chomhairle Chontae Chill Chainnigh, ó Oifig Ealaíon Chomhairle Chontae Chill Chainnigh, tríd an Scéim um Chlárú Léirithe Beo Áitiúla (LLPPS). agus ó Fháilte Éireann.



Taispeántas Tinte Ealaíne, Caisleán Chill Chainnigh_Creidiúint Ghrianghraif_Robby Berry

LÁ CHILL CHAINNIGH

Is é atá i Lá Chill Chainnigh ná ceiliúradh ar gach ní a bhaineann le Cill Chainnigh - éagsúlacht ár bpobal áitiúil agus ár bpobal nua, saibhreas ár n-oidhreachtachtaí cultúir agus, chomh maith leis sin, ár gcruthaitheacht ilchineálach agus ár sármhaitheas spóirt. Is é sin, gach ní a fhágann gurb ionann Cill Chainnigh agus áit an-speisialta le bheith ann.

Mar thoradh ar mhórmhír dhealbhóireachta a nochtadh i gCill Chainnigh ar Lá Chill Chainnigh, an 9 Deireadh Fómhair, 2022, tá ionad dodhearmadta bainte amach anois ag an mBarróg Fhíorúil a bhfuil clú agus cáil uirthi anois tar éis í a theacht chun cinn ar an Late Late Show nuair a bhí paindéim COVID19 i mbarr a réime.

Chuir Uachtarán na hÉireann, Micheál D. Ó hUiginn chuig an gCorcaíoch óg a thug inspioráid don náisiún ag tráth fíorthábhachtach agus mhol an tUachtarán dearfach an fhir óig sin a thug ardú meanman don náisiún.

Ba iad Adam King, agus Mary Fitzgerald, Paroilimpeach uailmhianach agus duine de bhunadh Chill Chainnigh, a nocht an mhír dhealbhóireachta mar chuid de cheiliúradh Lá Chill Chainnigh sa Chathair.

Bailíodh €8,500 do Chumann N. Uinseann de Pól trí thicéid a dhíol le haghaidh an Rogu Fire Show a bhí ann mar chuid d'imeachtaí na dTaispeántas Tinte Ealaíne.

Bhí Féile Naomh Pádraig Chill Chainnigh 2022 ar siúl i gcomhthráth le Tradfest Chill Chainnigh agus le sraith Cheol Mhúsaem an Mhíle Mheánaoisigh, rud a chuir le "Pointe Uathúil Díola" cheiliúradh Fhéile N. Pádraig Chill Chainnigh.

Ina theannta sin, bailíodh €12,000 ón tsraithe LLPPS le haghaidh Thearmann Amber na mBan.



FÉILE NA NOLLAG i gCILL CHAINNIGH

Bhunaigh Comhairle Chill Chainnigh Féile Nollag Chill Chainnigh den chéad uair sa bhliain 2016 chun Cill Chainnigh a chur chun cinn mar cheann scríbe i rith thréimhse na Nollag do mhuintir na háite agus do chuairteoirí agus mar imeacht a mbeadh daoine in ann taitneamh a bhaint as.

Príomhghné de chuid Fhéile Nollag Chill Chainnigh is ea an idircheangailte phobail a léirítear lena linn. Ba ábhar lúcháire é d'Fhéile Nollag Chill Chainnigh raon tallainne áitiúla ceoil a óstáil i Margadh na Féile Nollag trí bhíthin taibhiúcháin ó chóir, ó ghrúpaí agus ó thaibheoirí aonair ar fud sheachtain na Nollag! Bhí taibhiúcháin éagsúla ann ar an ardán gach lá lena n-áirítear Ali Comerford, Alchemy, Music Generation Kilkenny, The Hit Machine, agus cuid mhór dreamanna nach iad. Bhí an tob-Ardán Victoireach ina ghné bhreise álainn de chuid na Paráide agus chuir sé ionad foirfe ar fáil dár ngigeanna Féile Nollag. Bhain gach duine sult as an ardú meanman séasúrach, as na cóirithe córúla, as an gceol féilteúil agus as na drumadóirí Ceilteacha le titim na hoíche ar Mhargadh Fhéile na Nollag agus soilse drithleacha le feiceáil timpeall Chaisleán Chill Chainnigh agus le linn thráthnóna Dé hAoine, an 23 Nollaig nuair a bhí Taispeántas Tinte Ealaíne Fhéile na Nollag ann chun an spéir os cionn Chaisleán Chill Chainnigh a lasadh.



Margaí Nollag Fhéile na Nollag

Rinne Cathaoirleach Chomhairle Chontae Chill Chainnigh, an Comhairleoir Pat Fitzpatrick, taispeántas grianghraf iontach a lainseáil go hoifigiúil in Óstán Pembroke, Cill Chainnigh, tráthnóna Déardaoin, an 8 Nollaig. B'ionann na híomhanna a bhí ar taispeáint agus ceiliúradh ar thráthanna tábhachtacha i stair spóirt Chill Chainnigh agus, le linn na hócáide, bhí deis ag na cuairteoirí ar an taispeántas breathnú siar ar roinnt imeachtaí nach ndéanfar dearmad orthu go deo. I measc na n-íomhanna áirítear pictiúir de Sheaimpíní Reatha Sinsearach Camógaíochta Uile-Éireann, Claire Phelan agus Katie Power; pictiúir íocónacha de chaptaein iománaíochta Chill Chainnigh agus iad ag glacadh le Corn Liam Mhic Cárthaigh; pictiúir d'iarimreoirí agus d'imreoirí reatha agus de cheiliúradh an lucht tacaíochtaí le linn theacht abhaile na bhfoirne buaiteacha. Bhí na híomhanna sin, agus iad frámáilte go hálainn, ar fáil lena gceannach agus bronnadh na fáilais uile ar Bhailiúchán Nollag Lions Club Chill Chainnigh.



Clé go Deas_Philip O'Neill (Lions Club Chill Chainnigh), Philip Tierney (Lions Club Chill Chainnigh), iar-Iománaí Sinsearach Chill Chainnigh, Eddie Keher, agus Gerry McGovern (Lions Club Chill Chainnigh)



St. Patrick's Day Festival-March 2022



PRESENTATION OF AWARDS FOR ST.PATRICKS DAY WINNERS-APRIL 2022





CIVIC RECEPTION FOR VIOLINIST AND CONDUCTOR PATRICK RAFTER APRIL 2022



Regional National Day of Commemoration - July 2022





KILKENNY HURLING AND CAMOGIE HOMECOMINGS JULY/ AUGUST 2022



STRUCHTÚR BAINISTÍOCHTA

Is mar a leanas atá Struchtúr Bainistíochta Chomhairle Chontae Chill Chainnigh:



Sean McKeown
Príomhfheidhmeannach Eatramhach

☎ 056-7794075
✉ sean.mckeown@kilkennycoco.ie

Príomhfheidhmeannach Eatramhach
Comhairle Chontae Chill Chainnigh



Mary J. Mulholland
Stiúrthóir Seirbhísí

☎ 056-7794900
✉ mary.mulholland@kilkennycoco.ie

Stiúrthóir Seirbhísí ar a bhfuil freagracht i leith an mhéid seo a leanas:

Tithíocht, Cúrsaí Pobail, Leabharlainne, agus Oidhreacht, agus an tSeirbhís Dóiteáin
Ceantar Bardasach Challainn/Bhaile Mhic Andáin



Tim Butler
Stiúrthóir Seirbhísí

☎ 056-7794070
✉ tim.butler@kilkennycoco.ie

Stiúrthóir Seirbhísí ar a bhfuil freagracht i ndáil leis an méid seo a leanas:
Cúrsaí Corparáideacha, Acmhainní Daonna, Bóithre agus Iompar, Seirbhísí Uisce, Cumarsáid, Sláinte & Sábháilteacht

Ceantar Bardasach Chill Chainnigh



Denis Malone
Stiúrthóir Seirbhísí Gníomhach

☎ 056-7794010
✉ denis.malone@kilkennycoco.ie

Stiúrthóir Seirbhísí ar a bhfuil freagracht i ndáil leis an méid seo a leanas:

Pleanáil, Comhshaol, Rialú Foirgníochta, Páirceanna, LEO/Forbairt Eacnamaíochta, Margaíocht Turasóireachta & Seirbhísí Tréidliachta
Ceantar Bardasach Bhaile an Phoill



Martin Prendiville
Ceann Airgeadais

☎ 056-7794214
✉ martin.prendiville@kilkennycoco.ie

Stiúrthóir Seirbhísí ar a bhfuil freagracht i ndáil leis an méid seo a leanas

Airgeadas, Teicneolaíocht Faisnéise, Bainistiú Saoráidí, Earraí & Seirbhísí a Fháil & Tionscadail Speisialta

Ceantar Bardasach Chaisleán an Chomair



Fiona Deegan
Stiúrthóir Seirbhísí Gníomhach

☎ 056-7794196
✉ fiona.deegan@kilkennycoco.ie

Stiúrthóir Seirbhísí ar a bhfuil freagracht i ndáil leis an méid seo a leanas:

Bainistiú staid na nDaoine Díláithrithe ón Úcráin

AN STIÚRTHÓIREACHT CÚRSAÍ CORPARÁIDEACHA AGUS BONNEAGAIR

Stiúrthóir Seirbhísí: Tim Butler

checktheregister.ie

Clár na Rollaí Toghcháin

Tá roinnt athruithe tagtha ar Chlár na dToghthóirí mar thoradh ar an Ordú fán Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022 (Tosach Feidhme), 2022.


Ó bhí Deireadh Fómhair 2022 ann, níl feidhm ag timthriall an chláir bhliantúil a thuilleadh agus tá próiseas rollaithe clár ann anois.

Cuireadh an Clár Rollaithe Toghcháin nua i bhfeidhm i mí na Samhna 2022. Táthar ag iarraidh ar gach toghthóir anois cuairt a thabhairt ar www.checktheregister.ie chun a n-iontráil a dhaingniú nó a uasdátú trína PPSN, trína nDáta Breithe agus trína nEirchód a chur ar fáil nó trí chlárú a dhéanamh den chéad uair agus úsáid á baint as foirm nua-uasghrádaithe ar líne. Cabhróidh sé sin lena chinntiú go bhfuil iontrálacha cruinn agus cothrom le dáta agus, cumasóidh sé iontrálacha sa chlár a bhfuil gá le beart ina leith a shainaithint. Is fusa ná riamh seiceáil, uasdátú nó clárú a dhéanamh.

Tríd an Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022, soláthraítear an reachtaíocht chun tacú le hathchóirithe suntasacha toghcháin atá leagtha amach sa Chlár Rialtais - Ár dToghthóirí Chomhroinnte.

Lainseáladh feachtas náisiúnta cumarsáide chun spreagadh a thabhairt do dhaoine cuairt a thabhairt ar checktheregister.ie agus uasdátú a dhéanamh ar a gcuid mionsonraí.

Ba é a bhí sa líon iomlán daoine ar an gClár ar an 31 Nollaig 2022 ná 73,475.



Is féidir le haon duine den phobal seiceáil a dhéanamh ar an láithreán gréasáin seo a leanas lena fháil amach an bhfuil siad luaite sa chlár: www.checktheregister.ie, nó is féidir leo teagmháil a dhéanamh le Roinn Seirbhísí Corparáideacha na Comhairle.

CÚRAM CUSTAIMÉARA

Tá an Chomhairle tiomanta i leith seirbhís ardchaighdeán a sholáthar dá custaiméirí go léir. Tá an tslí ina bhféachann Comhairle Chontae Chill Chainnigh le déileáil lena custaiméirí leagtha amach i gCairt Chustaiméara Chomhairle Chontae Chill Chainnigh. Tá an doiciméad sin ar fáil ar ár láithreán gréasáin ag www.kilkennycoco.ie.

Tá gealltanais ann sa Chairt sin i leith comhionannais le linn seirbhísí a sholáthar agus tugtar aitheantas inti d'éagsúlacht an phobail a bhfónaimid dó. Tá Nós Imeachta Gearáin leagtha amach sa Chairt agus is féidir le haon duine nach bhfuil sásta le caighdeán na seirbhíse a fuarthas leas a bhaint as. Déanann Oifigeach Sinsearach Feidhmiúcháin na Seirbhísí Corparáideacha imscrúdú faoi gach gearán/tuairim a fhaightear. I gcás nach bhfuil duine sásta leis an bhfreagra a thugann an tOifigeach Sinsearach Feidhmiúcháin a iarraidh go ndéanfaidh Stiúrthóir Seirbhísí na Seirbhísí Corparáideacha an cas a bhreithniú arís.

Sa bhliain 2022, dhéileáil Comhairle Chontae Chill Chainnigh le 14 ghearán fhoirmiúla ó chustaiméirí.

TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

In Alt 126(c) den Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014, leagtar amach feidhmeanna an Coimisiúin Náisiúnta um Fhormhaoirsiú agus Iniúchóireacht (CNFI) ina gcuimsítear scrúdú a dhéanamh ar fheidhmíocht comhlachtaí rialtais áitiúil i gcomhthéacs dhá tháscaire is daichead.

D'fhoilsigh CNFI an tuarascáil maidir leis an mbliain 2021 i mí na Samhna 2022.

Tá feidhmíocht Comhairle Chontae Chill Chainnigh maidir le gach réimse sa bhliain 2021 i gcomparáid le húdaráis áitiúla eile ar fáil lena léamh ag www.noac.ie

AN tOMBUDSMAN

Bunaíodh Oifig an Ombudsman faoin Acht Ombudsman, 1980. Is é ról an Ombudsman imscrúdú a dhéanamh faoi ghearáin i dtaobh gníomhartha, moilleanna nó neamhghníomh riaracháin a dhéanann difear dochrach do dhaoine nó do chomhlachtaí le linn dóibh a bheith ag plé le comhlachtaí stáit lena n-áirítear Údaráis Áitiúla.

Dhéileáil Oifig an Ombudsman le 4 ghearán custaiméara sa bhliain 2022. Thug Comhairle Chontae Chill Chainnigh tuairiscí faoi gach gearán ar leith díobh sin d'Oifig an Ombudsman.

AN tOMBUDSMAN DO LEANAÍ

Ní dhearnadh aon ghearán chuig an Ombudsman do Leanaí sa bhliain 2022.

AN SCÉIM TEANGA

Shínigh Uachtarán na hÉireann, Micheál D. Ó hUiginn, Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú, 2021 ina dhlí i mí na Nollag 2021).

Nearthaíonn an reachtaíocht nua sin Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, agus aithnítear go forleathan go rfannchuideoidh sí go suntasach le caighdeán na seirbhísí i nGaeilge a sholáthraíonn Comhlachtaí Stáit.

Dhaingnigh an tAire Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta Scéim Teanga Chomhairle Contae Chill Chainnigh 2019-2022 agus tháinig an scéim i bhfeidhm ar an 8 Aibreán 2019. Beidh an Scéim sin i bhfeidhm go dtí go bhforardaíonn an tAire caighdeán nua faoin Acht nua, ar caighdeán iad a mbeidh feidhm acu maidir le comhlachtaí poiblí chun úsáid na Gaeilge a chur chun cinn ar mhaithe le cuspóirí oifigiúla. Tá an scéim reatha ar fáil lena léamh ar ár láithreán gréasáin ag: www.kilkennycoco.ie.

Aithníonn Comhairle Chontae Chill Chainnigh go bhfuil an ceart ag ár gcustaiméirí a roghnú gnó a dhéanamh linn sa teanga is fearr leo agus éascaítear sin a mhéid is indéanta, cibé acu trí Ghaeilge nó trí Bhéarla, nuair a bhíonn siad ag plé leis an gComhairle.

Is é atá sa phríomhathrú a dhéantar leis an Acht leasaitheach seo agus a bhfuil feidhm aige maidir le Comhairle Chontae Chill Chainnigh ná a cheangal nach mór 20% d'earcaithe nua chuig an tseirbhís phoiblí a bheith inniúil sa Ghaeilge faoi dheireadh na bliana 2030. Ceanglaítear freisin nach mór 20% d'aon fhógraíocht a dhéantar a bheith i nGaeilge agus nach mór 5% d'aon airgead a chaitheann an Chomhairle ar fhógraíocht a chaitheamh ar fhógraíocht i nGaeilge sna meáin Ghaeilge.

Beidh ar gach comhlacht poiblí tuairisceáin bhliantúla a dhéanamh maidir lena gcaiteachas ar fhógraíocht. Más mian leat teagmháil a dhéanamh leis an gComhairle i nGaeilge, cuir teachtaireacht ríomhphoist chuig gaeilge@kilkennycoco.ie

Sa bhliain 2022, dhéileáil Comhairle Chontae Chill Chainnigh le 4 ghearán fhoirmiúla i nGaeilge.

NOCHTADH COSANTA

Tháinig an tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014, i ngníomh ar an 15 Iúil 2014. Leis an Acht sin, soláthraíodh creat reachtúil ar laistigh de is féidir le hoibrithe ábhair imní a ardú maidir le héagóiritheoireacht ionchasach atá tugtha faoi deara acu san áit oibre agus a fhios acu gur féidir leo leas a bhaint as cosaintí suntasacha fostaíochta agus as cosaintí eile má dhéanann a bhfostóir iad a phionósú nó má fhulaingíonn siad aon dochar mar thoradh ar nochtadh a dhéanamh.

Tá athchóiriú substaintiúil déanta ar Acht 2014 leis an Acht um Nochtadh Cosanta (Leasú), 2022, a síníodh ina dhlí i mí Iúil 2022. Tháinig an reachtaíocht nua sin i ngníomh ar an 1 Eanáir 2023.

De réir alt 22 d'Acht 2014, tá oibleagáid ar Chomhairle Chontae Chill Chainnigh tuairisc a thabhairt faoin líon na nochtaí cosanta a rinneadh chuig an gComhairle sa bhliain roimhe sin.

Suas go dtí an 30 Meitheamh, 2022, ní raibh aon nochtadh faighte ag an Oifigeach Ainmnithe i leith Nochtadh Cosanta.

COSAINT SONRAÍ (RGCS)

Déanann Comhairle Chontae Chill Chainnigh faisnéis phearsanta a phróiseáil de réir an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí 2016 agus na nAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 go 2018.

Tá feidhm ag an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) ó bhí an 25 Bealtaine 2018 ann. Baineann sé le próiseáil sonraí pearsanta i gcoitinne san Aontas Eorpach agus leagann sé amach oibleagáidí forleathana do rialaitheoirí sonraí agus do phróiseálaithe sonraí agus soláthraíonn sé cosaintí agus cearta neartaithe d'ábhair sonraí.

Ráiteas Príobháideachais

Tá Comhairle Chontae Chill Chainnigh tiomanta i leith do phríobháideachas a chosaint agus a urramú. Tugann an Ráiteas Príobháideachais faisnéis duit i dtaobh conas a thugaimid cúram do do chuid sonraí pearsanta. Ina theannta sin, cuireann sé in iúl duit cad iad na hoibleagáidí atá orainne, agus cad iad na cearta atá agatsa, faoin dlí a bhaineann le cosaint sonraí. Is féidir teacht ar ráiteas príobháideachais Comhairle Chontae Chill Chainnigh ag: https://kilkennycoco.ie/eng/Your_Council/Data-Protection/General-Privacy-Statement-for-Local-Authorities.docx

Sa bhliain 2022, dhéileáil Comhairle Chontae Chill Chainnigh le 10 n-iarraidh ar rochtain ó ábhair shonraí. Fuair an tOifigeach Cosanta Sonraí (OCS) fógra faoi 9 sárú i leith sonraí agus cuireadh 3 cinn acu sin in iúl don CCS. Tá teagmháil ghníomhach déanta ag an OCS le Ranna Seirbhísí le linn Measúnachtaí Tionchair a dhéanamh ar Phríobháideachas Sonraí agus le linn aghaidh a thabhairt ar aon rioscaí a sainaithníodh.

SAORÁIL FAISNÉISE

IARRATAÍ SAORÁLA FAISNÉISE

Achtaíodh an tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014, ar an 14 Deireadh Fómhair 2014. Leis an Acht sin, tugadh isteach athruithe suntasacha ar an gcóras Saorála Faisnéise trí na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003, a aisghairm agus a ionadú agus trí scóip Saorála Faisnéise a leathnú chuig roinnt comhlachtaí breise. Ina theannta sin, rinneadh an reachtaíocht i gcoitinne a chomhdhlúthú, a nuachóiriú agus a uasdátú leis an Acht nua.

Is é atá i mbeartas Chomhairle Chontae Chill Chainnigh ná rochtain a thabhairt do dhaoine den phobal ar fhaisnéis a shealbhaíonn an tÚdarás agus sin a dhéanamh de réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014. Tá tuilleadh faisnéise ar fáil ar láithreán gréasáin na Comhairle ag www.kilkennycoco.ie

Ina theannta sin, déileálann an tAonad Saorála Faisnéise le hiarrataí ó dhaoine den phobal, ó Iriseoirí agus ó Eagraíochtaí ar thaifid a shealbhaíonn Comhairle Chontae Chill Chainnigh. Is comhlacht poiblí é Comhairle Chontae Chill Chainnigh agus tagann sí faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014, lena ndéantar socrú maidir le rochtain a thabhairt ar thaifid áirithe a shealbhaíonn an t-údarás áitiúil, ach sin faoi réir roinnt díolúintí.

Fuair Comhairle Chontae Chill Chainnigh 76 iarraidh Saorála Faisnéise sa bhliain 2022.

2022	Iriseoirí	Gnó/ Grúpaí Leasa	Oireachtas/ Ionadaithe Poiblí	Foireann	Cliaint	Eile	IOMLÁN
IOMLÁN	17	5	2	0	2	50	76

Rinne an tOifigeach Saorála Faisnéise 77 gcinneadh san iomlán sa bhliain 2022.

Rinneadh iarratas amháin ar Athbhreithniú Inmheánach tar éis don Oifigeach Saorála Faisnéise cinneadh a dhéanamh i dtaobh an ábhair a bhí i gceist.

CINNÍ SAORÁLA FAISNÉISE SA BHLIAIN 2022					
	Iarrataí ar Géilleadh Dóibh	Iarrataí ar Géilleadh Go Páirteach Dóibh	Iarrataí ar Diúltaíodh Dóibh	Iarrataí a Tarraingíodh Siar	IOMLÁN
IOMLÁN	23	19	27	8	77

ROCHTAIN AR FHAISNÉIS FAOIN gCOMHSHAOL

Tá tú i dteideal rochtain ar fhaisnéis faoin gcomhshaol, ar fhaisnéis í a shealbhaíonn Comhairle Chontae Chill Chainnigh, a iarraidh. Tá an ceart sin ann mar thoradh ar Threoir 2003/4/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ar Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol), 2007 go 2014 (dá ngairtear Rialacháin RFC anseo ina dhiaidh seo).

Faoi na rialacháin sin, ní mór faisnéis a bhaineann leis an gcomhshaol agus a shealbhaíonn údarás poiblí, nó a shealbhaítear thar ceann údarás poiblí, a chur ar fáil ar í a iarraidh, ach sin faoi réir eisceachtaí áirithe. Ina theannta sin, leagann rialacháin RFC oibleagáid ar údarás phoiblí a bheith réamhghníomhach i dtaca le faisnéis faoin gcomhshaol a scaipeadh i measc an phobail.

Sa bhliain 2022, fuair Comhairle Chontae Chill Chainnigh 16 iarraidh. Géilleadh do 10 n-iarraidh, diúltaíodh do 5 iarraidh agus tarraingíodh 1 iarraidh siar.

Níl aon táille thosaigh ann i leith iarratas a dhéanamh faoi na Rialacháin RFC. Ach ceadaíonn na Rialacháin d'údarás poiblí táille réasúnach a mhuirearú maidir leis an gcostas a bhaineann le faisnéis faoin gcomhshaol a sholáthar agus tá na muirir seo a leanas socraithe ag Comhairle Chontae Chill Chainnigh:

- Cuardach, aisghabháil agus cóipeáil taifead:€20 in aghaidh an uair an chloig
- Fótachóipeáil:.....€0.04 in aghaidh an leatháin
- CD Rom:€10.00
- Radagraf:.....€6.00

CUMARSÁID & MEÁIN SHÓISIALTA 2022

Déanann an Mheitheal Chumarsáide formhaoirseacht ar chúrsaí cumarsáide thar ceann na Comhairle, idir chumarsáidí corparáideacha agus chumarsáidí inmheánacha. Tá freagracht ar an Meitheal i ndáil le gach cumarsáid inmheánach agus sheachtrach, i ndáil le caidreamh poiblí, i ndáil le bainistíocht ghéarchéime agus i ndáil le margaíocht thar ceann na Comhairle agus baineann an fhreagracht sin le gach seirbhís a sholáthraíonn an Chomhairle.

Soláthraíonn an Mheitheal tacaíocht iomlán don Chathaoirleach, don Mhéara agus do na Comhaltaí Tofa maidir leis na nithe seo a leanas:

- Comhairle a thabhairt maidir le Cúrsaí Prótacail agus Bainistiú Imeachtaí.
- Imeachtaí cathartha a eagrú.
- Scaipeadh preaseisiúintí tar éis imeachtaí.
- Seisiúin ghrianghrafadóireachta agus físeáin a bhaineann le bolscaireacht.
- Nótaí cainte a ullmhú.
- Imeachtaí cathartha a bhainistiú.

Gnóthachtálacha sa bhliain 2022:

Eisíodh 101 Phreasráiteas sa bhliain 2022

Imeachtaí agus gníomhaíochtaí de chuid na Comhairle a chur chun cinn agus a bhainistiú.

An tríú nuachtlitir de chuid na Comhairle a fhoilsiú is é sin “Kilkenny

Tuarascáil Bhliantúil 2021 a fhoilsiú.

Cuntais mheán sóisialta na Comhairle a bhainistiú.

Láithreáin ghréasáin na Comhairle a bhainistiú.

Tacaíocht d’Imeachtaí Cathartha sa bhliain 2022.


- Tacaíocht chun Féilte Cathartha na Comhairle a chur chun cinn, is é sin le rá, Féile Naomh Pádraig, Lá Chill Chainnigh agus Féile Nollag Chill Chainnigh.
- Comhordaíodh inneachar le haghaidh Leathanach Údaráis Áitiúil an Kilkenny People.
- Glacadh páirt i Líonra Réigiúnach Oifigigh Chumarsáide an Oirdheiscirt le haghaidh feachtais réigiúnacha.
- Cuireadh an Branda Contae kilkenny.ie chun cinn..
- <http://kilkenny.ie/>
- Cuireadh feachtais éagsúla náisiúnta chun cinn trí bhíthin feachtais mheán sóisialta a raibh na nithe seo a leanas ina measc:
- Lá Comhairle S’Agatsa
- Bí Ullamh don Gheimhreadh
- Seachtain Oidhreacht
- Oíche Chultúir
- Pionóis Pháirceála a Mhéadú
- Seachtain na Gaeilge
- Seachtain an Fhuinnimh
- An Scéim um Chlárú Léirithe Beo Áitiúla
- Bíodh Meas ar an Áit seo




Leantóirí Meán Sóisialta ar an 31/12/2022:




Leantóirí Facebook




An Líon Cuairteoirí ar Phríomhíeathanach Facebook Chomhairle Chontae Chill Chainnigh sa bhliain 2022



Leantóirí Twitter




Leantóirí Instagram



An Líon Cuairteanna ar an Láithreán Gréasáin amhail ar an 31/12/2022

Cuairteanna ar an Láithreán Gréasáin



ACMHAINNÍ DAONNA

Is é is cuspóir don Roinn Acmhainní Daonna ná “a chinntiú go bhfuil fórsa saothair ann a gcuirtear acmhainní, scileanna agus spreagadh cuí ar fáil dó chun freastal ar thosaíochtaí agus ar chuspóirí na hEagraíochta agus sábháilteacht, leas agus folláine gach duine dár bhfoireann a áirithiú a mhéid is indéanta”.

Is é atá i bhfís na Roinne Acmhainní Daonna ná tacaíocht éifeachtach, de chineál straitéiseach agus oibríochtúil, a chur ar fáil, mar chomhpháirtí gnó, do na haonaid de chuid na Comhairle a sholáthraíonn seirbhísí. Leanann Comhairle Chontae Chill Chainnigh de Straitéis Daoine na nÚdarás Áitiúil, a lainseáil CBRÁ sa bhliain 2018, a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Agus an méid sin á dhéanamh, déanann Comhairle Chontae Chill Chainnigh cumas agus acmhainn na mball foirne láithreach a fheabhsú agus déanann sí planáil i leith fórsa saothair atá ag teastáil le haghaidh soláthar seirbhísí faoi láthair agus amach anseo.

Déileálann an Roinn Acmhainní Daonna leis na réimsí seo a leanas:

- | | |
|------------------------------------|---|
| ▪ An Straitéis Acmhainní Daonna | ▪ Comhionannas |
| ▪ Pleanáil Fórsa Saothair | ▪ Bainistíocht Éagsúlachta |
| ▪ Earcaíocht agus Roghnúchán | ▪ Cóimheá Oibre agus Saoil - Obair Chumaisc a Áireamh |
| ▪ Párolla agus Aoisliúntas | ▪ Caidreamh Tionscail |
| ▪ Oiliúint agus Forbairt Fostaithe | ▪ Anailísíocht Sonraí |
| ▪ Bainistíocht Feidhmíochta | ▪ Sláinte, Sábháilteacht agus Leas na bhFostaithe |
| ▪ Forbairt Ceannaireachta | |

Sa bhliain 2022, lean an tSeirbhís Acmhainní Daonna d’fhormáid agallóireachta a thairiscint d’aon duine a d’iarr í agus chuir sí modúil oiliúna ar líne ar fáil nuair ba chuí déanamh amhlaidh. Cuireadh obair chumaisc ar fáil don fhoireann i mí na Nollag 2022.

Pleanáil Fórsa Saothair/Leibhéil Foirne

Ba é a bhí sa líon ball foirne a bhí ar fostú ar an 31 Nollaig 2022 ná 606 (an líon daoine iarbhrí) nó 575 (an líon coibhéiseach post lánaimseartha). I gcomhar le comhghleacaithe bainistíochta líne, déanann an Roinn Acmhainní Daonna comhordú ar bhainistíocht leanúnach na bpleananna fórsa saothair, ar bainistíocht fostaithe nua, ar aistriú foirne agus ar imeacht ball foirne.

Earcaíocht

Tá an Roinn Acmhainní Daonna tar éis aistriú go próiseas r-earcaíochta agus tá comórtas á riaradh ar líne anois trí úsáid a bhaint as córas ar a dtugtar submit.com. Déantar riaradh na gcomórtas ar líne anois agus is féidir iarratas a dhéanamh ar líne agus tá céimeanna áirithe den chéim roghnúcháin á n-eagrú ar líne, lena n-áirítear seirbhís agallamh nua hibrideach ar tríd a thairgtear agallamh i bpearsa nó fíis-agallamh a thairiscint d’iarrthóirí.

Seoladh 44 chomórtas san iomlán i rith na bliana agus, mar thoradh air sin, fuair an Chomhairle 580 iarratas. Tairgeadh 261 post i rith na bliana 2022 agus, mar thoradh air sin, rinneadh 166 cheapachán nua (poist laistigh & lasmuigh). Maidir leis na ceapacháin nua sin, ba iarrthóirí seachtracha iad 76 dhuine acu agus ba iarrthóirí inmheánacha iad 90 duine acu.

Ghlac Comhairle Chontae Chill Chainnigh páirt in Aonach Gairmréimeanna a seoladh i Músaem an Mhíle Mheánaoisigh ar an 30 Nollaig 2022. Baineadh leas as an Aonach Gairmréimeanna chun aird a tharraingt ar na poist a bhí á dtarraingt ag Comhairle Chontae Chill Chainnigh ar mhaithe le leathnú a dhéanamh ar theagmháil an Údarais ar mhargáí tallainne.

Clár Samhraidh Mac Léinn & Gardaí Tarrthála

D’fhostaigh an Chomhairle 27 mac léinn i rith mhíonna an tsamhraidh sa bhliain 2022 chun déileáil le Glanadh Bruscair, Garraíodóireacht agus obair shéasúrach eile faoin gclár seo. B’ionann an líon sin agus méadú beag i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.

Ina theannta sin, fostaíodh 19 nGarda Tarrthála ar fud an Chontae i rith thréimhse an tsamhraidh sa bhliain 2022.

Seirbhís Chomhroinnte Párolla & Aoisliúntais

Tá an tseirbhís seo á soláthar ag Pá S' Agamsa (My Pay), is é sin, Soláthróir Seirbhísí Comhroinnte an Rialtais Áitiúil, rud a dhéantar óna gcuid oifigí i bPort Laoise, Co Laoise, le tacaíocht ó Roinn Acmhainní Daonna Chill Chainnigh, Contae Chill Chainnigh.

Bainistíocht Freastail

Athbhreithníodh Beartas Bainistíochta Freastail na nEarnálacha Rialtais Áitiúil sa bhliain 2013 agus tugadh isteach scéimeanna athbhreithnithe pá breoiteachta don Earnáil. Tá leibhéil asláithreachta á mbainistiú de réir na mbeartas sin i gcónaí. Tá leibhéal laghdaithe asláithreachta tugtha dá aire ag an Údarás i gcomparáid le hasláithreachtaí sa bliain roimhe seo.

Sa bhliain 2022, tháinig laghdú ar an líon ball foirne ar a raibh Covid agus maolaíodh na rialacha maidir le dlúth-theagmháil.

Oiliúint & Forbairt

Tá Comhairle Contae Chill Chainnigh tiomanta i leith forbairt ghairmiúil agus forbairt phearsanta a áirithiú do gach fostaí. Tá sé mar aidhm ag oiliúint agus forbairt cabhrú le fostaíthe teacht chun bheith níos éifeachtaí ina gcuid post agus forbairt a dhéanamh ar a n-acmhainneacht agus, ag an am céanna, cabhrú le spriocanna agus cuspóirí na Comhairle a bhaint amach. Cuireadh clár cuimsitheach oiliúna i bhfeidhm sa bhliain 2022 agus, mar chuid de, bhí oiliúint éigeantach ann mar aon le cláir a bhain le cúrsaí oibre agus cláir forbartha pearsanta. D'áirigh sé sin, oiliúint Sláinte & Sábháilteachta, Cláir Foghlama Tríú Leibhéal, oiliúint ar Athrú Aeráide agus ceardlanna oiliúna intí. Seo a leanas sampla de na cláir oiliúna a soláthraíodh sa bhliain 2022:-

- | | |
|--|---|
| ▪ Roithleáin Scríobacha | ▪ Oiliúint maidir le Ceannaireacht |
| ▪ Bruachaire | ▪ Oiliúint maidir le Seirbhísí Leabharlainne |
| ▪ Oiliúint ar Athrú Aeráide | ▪ Seirbhísí Leabharlainne |
| ▪ Oiliúint ón bhForas Riaracháin maidir le hAgallaimh ar bhonn Inniúlachta | ▪ Staidéir Rialtais Áitiúil |
| ▪ Spásanna Cúnga | ▪ Suíomh Seirbhísí faoi Thalamh |
| ▪ Scéim Deimhniúcháin Scileanna Tógála le haghaidh Oiliúint | ▪ Láimhsiú Ualaí Troma |
| ▪ i leith Comharthaí, Soilsiúcháin & Gardáil | ▪ Oiliúint maidir le hArdán Soghluaiste Oibre os cionn na Talún |
| ▪ Oiliúint maidir le Cúram Custaiméara | ▪ Pas Sábháilte |
| ▪ Deimhniú Inniúlachta Gairmiúla do Thiománaithe | ▪ Oiliúint d'Ionadaithe Sábháilteachta |
| ▪ Cúrsa Athnuachana do Chéadfhreagróirí Garchabhrach | ▪ Oiliúint maidir le Bainistíocht Mhaoirseachta |

Faoi réir na n-acmhainní a bhíonn ar fáil, féachann Comhairle Chontae Chill Chainnigh le tacú le forbairt phearsanta ball foirne ar mian leo Cúrsaí Tríú Leibhéal a dhéanamh atá bainteach, agus a rannchuidíonn, lena ról sa Chomhairle agus le riachtanais ghnó na Comhairle agus leis an oiliúint sin a éascú. Táimid tiomanta i leith leabharlann cúrsaí/faisnéise a chur ar fáil agus rochtain éasca ar líne uirthi ag ball foirne, mar aon le cúrsaí hibrídeacha nua a chur ar fáil ar líne agus go himmheánach. D'fhreastail 700 duine ar 105 chúrsaí éagsúla oiliúna sa bhliain 2022.

Comhionannas & Ag Tacú le hÉagsúlacht

Is fostóir comhionannais deiseanna í Comhairle Chontae Chill Chainnigh agus tá sí tiomanta i leith raon leathan beartas, cleachtas agus nósanna imeachta arb é is aidhm leo ná aitheantas a thabhairt do rannchuidiú agus d'fheidhmíocht gach duine ar leith, acmhainneacht gach duine ar leith a fhorbairt agus agus deis chomhionann a thabhairt do gach duine chun a bhuanna/buanna a úsáid agus barr a chumais/cumais a bhaint amach.

Déanann Comhairle Chontae Chill Chainnigh fostú daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn, agus tacaíonn sí le fostaíocht den sórt sin, agus sáraímid sprioc na hearnála poiblí atá leagtha amach san Acht um Míchumas i.e. 3%.

INIÚCHADH INMHEÁNACH

Is é atá i bhfeidhm an Aonaid Iniúchta Inmheánaigh ná tuairim fhíorthábhachtach neamhspleách a thabairt maidir le dóthanacht agus éifeachtacht an chreata rialaithe ar fud an Údaráis Áitiúil. Mar chuid den timpeallacht fhoriomlán rialachais agus rialaithe i gComhairle Chontae Chill Chainnigh, soláthraíonn an tAonad deimhneacht maidir le cúrsaí iniúcháireachta á rá go ndéantar gach riosca suntasach oibriúcháin a shainaithint, a bhainistiú agus a rialú go héifeachtach. Tá an tAonad Iniúchta Inmheánaigh neamhspleách i dtaca le comhlíonadh a chuid dualgas agus i dtaca lena chuid socruithe maidir le tuairisciú. Is feidhm de chuid na Stiúthóireachta Seirbhísí Corparáideacha é.

Cuimsíonn an Coiste Iniúchta triúr comhaltaí seachtracha agus beirt Chomhaltaí Tofa. Bunaíodh an Coiste Iniúchta reatha le rún ón gComhairle tar éis ainmniúcháin a fháil ón nGrúpa Beartais Chorporáidigh agus tar éis dul i gcomhairle leis an bPríomhfheidhmeannach. Is ionann téarma oifige an choiste agus téarma oifige na Comhairle reatha ar cuireadh tús leis ar an 1 Meitheamh 2019 agus críochnóidh an téarma sin ar an 31 Bealtaine 2024. Seo a leanas an ról atá ag an gCoiste:

Athbhreithniú a dhéanamh ar chleachtais agus ar nósanna imeachta na Comhairle sa réimse tuairiscithe airgeadais

Forbairt an dea-chleachtais a chothú maidir le feidhm iniúchta inmheánaigh an Údaráis Áitiúil

Athbhreithniú a dhéanamh ar thuarascálacha na Comhairle agus tuairisciú a dhéanamh maidir le torthaí a chuid oibre

Measúnú a dhéanamh éifeachtúlacht agus ar luach ar airgead agus na nithe sin a chur chun cinn

Athbhreithniú a dhéanamh ar chórais a oibríonn an tÚdarás Áitiúil chun rioscaí a bhainistiú.

Bhí ceithre chruinniú den Choiste Iniúchta ann sa bhliain 2022.

Seoladh cruinniú mhí an Mhárta ar mhodh cianda de bharr shrianata COVID-19.

Seoladh na trí chruinniú eile i bpearsa sa gComhairle Comhairle Chontae Chill Chainnigh agus bhí rogha ag an gCoiste rochtain chianda a fháil ar an gcruinniú.

I rith na bliana, bhuail an Coiste leis an Iniúchóir Rialtais Áitiúil agus le Stiúthóirí Seirbhísí éagsúla agus leis an gCeann Airgeadais chun raon leathan saincheistanna a phlé.

I measc na réimsí tosaíochta a bhí ann, áiríodh na nithe seo a leanas:

- Tuarascáil Bhliantúil 2023
- Ráiteas Airgeadais Bliantúil 2021
- Impleachtaí airgeadais Covid-19
- Tithíocht
- Tuarascálacha Iniúchta Inmheánaigh
- Tionscadail Chaipitiúla Tábhachtacha
- Tuarascáil Reachtúil Sheirbhís Iniúchta an Rialtais Áitiúil 2021
- Staid na nÚcránach Díláithrithe a Bhainistiú
- Tuarascálacha an Coimisiúin Náisiúnta um Fhormhaoirsiú agus Iniúcháireacht (CNFI)
- Pleanáil, Turasóireacht agus Forbairt Eacnamaíochta

Déantar plean nua oibre i leith Iniúchadh Inmheánach a cheapadh agus a ullmhú gach bliain agus é bunaithe ar mheasúnú riosca agus ar chomhairliúchán le lucht bainistíochta na Comhairle agus leis an gCoiste Iniúchta. Bhí na Tascanna Iniúchta Inmheánaigh seo a leanas i measc na dtascanna a cuireadh i gcrích sa bhliain 2022:

- An Clár Ealaíon
- Iarrataí Saorála Faisnéise
- Iasachtaí Tithíochta
- Stocáireamh Deireach Bliana maidir le Mótarcháin
- Nósanna Imeachta Párolla
- Seirbhísí agus Earraí a Fháil
- Cód Caiteachais Phoiblí - Athbhreithniú Forleathan ar Thionscadail Chaipitiúla agus Ioncaim.
- Seiceáil Randamach ar Airgeadóirí Mótarchánach, Trácht/Fáltais
- SICAP 2019 - 2020
- Clár na Láithreán Folamh & Tobhaigh Láithreán Folamh.

BÓITHRE & IOMPAR

Ghlac na Comhaltaí Tofa Scéim na nOibreacha Bóthar 2022 do Chontae Chill Chainnigh i Márta 2022. Ba é a bhí i luach iomlán na Scéimeanna Cothabhála agus Feabhsaithe ná €25m.

D'éirigh le Comhairle Contae Chill Chainnigh maoiniúchán €566,800 (Cothabháil B12, Oibreacha Caipitiúla Friotaíochta in aghaidh Sciorradh HD28) a áirithiú mar mhaoiniúchán breise ó Bhonneagar Iompair Éireann [TII] i rith na bliana agus, mar thoradh air sin, bhíodhas in ann oibreacha breise dearthóireachta, feabhsaithe agus cothabhála a dhéanamh ar an Líonra Bóithre Náisiúnta.

D'éirigh le Comhairle Chontae Chill Chainnigh maoiniúchán €628,610 a fháil sa bhliain 2022 faoi chlár na Scéimeanna Feabhsaithe Áitiúil (LIS) le haghaidh oibreacha ar bhóithre nach bóithre poiblí iad.

Tionscadail Chaipitiúla Bóthair agus Feabhsuithe Bóthair

Le deich mbliana anuas táthar tar éis leanúint de chaiteachas suntasach caipitiúil a chur ar fáil do scéimeanna bóthair i gContae Chill Chainnigh.

MÓRTHIONSCADAIL

Mórscéim an N25 ón nGleann Mór go Port Láirge.

Níor leithroinneadh aon mhaoiniúchán don scéim seo sa bhliain 2022 chun dul chun cinn a dhéanamh maidir le roghnú bealaí i gcás scéimeanna roimhe seo agus cuireadh an scéim ar fionraí go foirmiúil i Ráithe 3 den bhliain 2022.

Mórscéim an N24 ó Phort Láirge go dtí an Chathair.

Soláthraíodh leithroinnt €2m chun dul chun cinn a dhéanamh maidir le Céim 2 (Roghnú Bealaigh) i rith na bliana 2022.

AN CLÁR MIONOIBREACHA

Faoin gClár Mionoibreacha a maoiníonn Bonneagar Iompair Éireann é, rinne Comhairle Contae Chill Chainnigh dul chun cinn suntasach i leith na nithe seo a leanas:

- (a) **N24 - Scéim Mionfheabhsuithe i leith Bhóthar na Carraige**
Soláthraíodh leithroinnt €150,000 sa bhliain 2022 chun céim dheartha na Scéime seo a chur ar aghaidh agus chun doiciméid a ullmhú le haghaidh chéim na gceaduithe reachtúla. Rinneadh an t-iarratas ar Cheadú Pleanála 177AE agus ar Dhaingniú an Ordaithe Ceannaigh Éigeantaigh chuig an mBord Pleanála i rith Ráithe 4 den bhliain 2022. Táthar ag súil le cinneadh i rith Ráithe 3 den bhliain 2023.
- (b) **N24 - Scéim Feabhsaithe Acomhal Bhóthar an Túir**
Soláthraíodh leithroinnt €2m sa bhliain 2022 chun an scéim seo a chur ar aghaidh. Eisíodh an tairiscint maidir le tógáil trí r-thairiscintí i rithe Ráithe 3 den bhliain 2022 agus, i Ráithe 4 den bhliain 2023, bronnadh an tairiscint ar an gconraitheoir ar éirigh leis, is é sin, Wills Bros, Maigh Eo. Tá tús le cur leis an tógáil ar an 16 Eanáir 2023.
- (c) **N77 - Scéim Feabhsaithe Bóthair ó Bhéal Átha Ragad go Baile na Slí**
ASoláthraíodh leithroinnt €500,000 sa bhliain 2022 chun an scéim a chur ar aghaidh. Cheadaigh an Bord Pleanála Pleanáil 177 AE agus Ordú Ceannaigh Éigeantaigh sa bhliain 2021. Críochnaíodh oibreacha cumasúcháin i rith Ráithe 2 den bhliain 2022 agus éascóidh sé sin an chéim tógála amach anseo. I Ráithe 3 den bhliain 2022, seirbheáladh Fógra Gnóthaíochta ar na húinéirí talún a ndéanfaidh na hoibreacha difear dóibh agus tá nósanna imeachta fála talún ar siúl i gcónaí. Cuireadh tús le hard-imscrúduithe seandálaíochta i rith Ráithe 4 den bhliain 2022 agus leanfar de na himscrúduithe sin i Ráithe 1/2 den bhliain 2023..

MIONTIONSCADAIL CHAIPITIÚLA EILE

N78 - Droichead Coisithe Chaisleán an Chomair

Mar thoradh ar Chomhaontú Alt 85, rinne Comhairle Chontae Chill Dara (An Oifig Bainistíochta Droichead) bainistíocht tionscadail maidir le tógáil an droichid coisithe thar ceann Chomhairle Chontae Chill Chainnigh. Fuarthas deontais 100% ó Bhonneagar Iompair Éireann (BIÉ) chun tógáil an droichid a mhaoiniú. Ceapadh RPS Consulting Engineers Ltd ina sainchomhairleoirí le haghaidh an tionscadail agus bhí siad i gceannas ar an tionscadal ó thús go deireadh. D'fhostaigh RPS Powell Williams Architects (as an Ríocht Aontaithe) chun comhairle speisialtóireachta ailtireachta droichid a fháil ag tús an tionscadail agus breithníodh roinnt roghanna maidir le dearadh an droichid ag an gcéim sin. Ceapadh Kenny Civils & Plant Ltd (Gaillimh) mar chonraitheoirí i leith an tionscadail. Cuireadh tús leis na hoibreacha i Meitheamh 2021 agus cuireadh deireadh leo go luath sa bhliain 2022 nuair a seoladh an oscailt oifigiúil. Bhí costas foriomlán an tionscadail os cionn €1.7m.



Radharc ar an Droichead Coisithe san Oíche

An Clár Náisiúnta Feabhsaithe Pábhála

Faoi gClár Feabhsaithe Pábhála agus Mionoibreacha a maoiníonn BIÉ é, rinne Comhairle Contae Chill Chainnigh dul chun cinn suntasach i leith na nithe seo a leanas:

(a) N78 - Baile Fhrainc

Chuir Kilkenny Block Company Limited an tionscadal seo i gcrích i rith na bliana 2022 trí bhíthin conradh ina raibh luach €640,000 (gan CBL a áireamh) agus chuimsigh sé tuairim is 1.9km d'fheabhsú pábhála agus oibreacha gabhála eile.



N78 Baile Fhrainc – An Phábháil Chríochnaithe

(b) N10 - Dún Feart

Eisíodh an iarraidh ar thairiscintí i leith an tionscadail i rith na bliana 2022, bronnadh an conradh ar Lagan Asphalt Ltd agus cuireadh tús leis an tógáil i rithe mhí na Samhna 2022. Cuimsíonn an tionscadal seo tuairim is 1.3km d'fhorleagan feabhsaithe pábhála agus oibreacha sábháilteachta agus oibreacha gaolmhara eile. Tá sé beartaithe an tionscadal a chríochnú i Ráithe 1 den bhliain 2023 trí bhíthin conradh a bhfuil luach €825,000 aige, gan CBL a áireamh.

(c) N77 - Scéim Pábhála Ráth an tSutúnaigh

Eisíodh iarraidh ar thairiscintí i leith an tionscadail seo agus bronnadh an conradh ar Priority Construction Ltd i rith na bliana 2022.

(d) Cuimsíonn an tionscadal seo tuairim is 1.6km d'fhorleagan feabhsaithe pábhála agus oibreacha gaolmhara eile. Tá sé beartaithe tús a chur leis an tionscadal i Ráithe 2 den bhliain 2023 trí bhíthin conradh a bhfuil luach €818,330 aige, gan CBL a áireamh.

Oibreacha Cothabhála ar Bhóthar Náisiúnta an B12

Fuair Comhairle Chontae Chill Chainnigh €170,800 sa bhliain 2022 chun aghaidh a thabhairt ar roinnt saincheistanna sonracha a bhí sainaitheanta ag na hInnealtóirí Ceantair Bhardasaigh maidir leis an líonra bóithre náisiúnta.

Oibreacha Cothabhála Friotaíochta in aghaidh Sciarradh ar Bhóthar Náisiúnta an HD28

Eisíodh iarraidh ar thairiscintí agus bronnadh conradh ar Tracblast ar conradh é a raibh luach €41,614 leis chun oibreacha scríobchaithimh mheicniúil a chur i gcrích ar na bóithre náisiúnta N10, N24 & N76. Críochnaíodh na hoibreacha sin i rith Ráithe 2 den bhliain 2022.

Faoin gclár Oibreacha Cothabhála Friotaíochta in aghaidh Sciarradh, chríochnaigh Comhairle Chontae Chill Chainnigh mór-oibreacha athsholáthair dromchla chun aghaidh a thabhairt ar shaincheistanna pábhála a tháinig chun cinn i ndáil le Timpealláin Chuarbhóthar Chill Chainnigh ar an N10/N76.

Cuireadh an tionscadal sin i gcrích i rith na bliana 2022 agus ba é a bhí i gceist leis ná oibreacha feabhsaithe pábhála ar 8 dtimpeallán agus ar bhealaí isteach iontu, agus amach astu, ar Chuarbhóthar Chill Chainnigh, mar aon le hoibreacha gaolmhara eile. Chríochnaigh Lagan Asphalt Ltd an tionscadal ar luach conartha €1,600,000 (gan CBL a áireamh).



Gnáthoibreacha Oíche de chuid Conraitheora ar an N10 ag Timpeallán Bhóthar Bhaile Átha Cliath

Oibreacha Cothabhála Caipitiúla ar Bhóithre Náisiúnta

Chríochnaigh Priority Construction Ltd oibreacha a bhain le hatógáil pábhála ar an N76 - Bóthar Challainn i gceantar Bhaile an Áirséaraigh agus b'fhiú tuairim is €250,000 (gan CBL a áireamh) an conradh sin.



N76 - Bóthar Challainn, Cill Chainnigh (le linn Oibreacha Atógála)

Aisfheistiú an Fhálaithe ar an nGréasán Bóithre Náisiúnta.

I rith na bliana 2022, d'eisigh Comhairle Chontae Chill Chainnigh iarraidh ar thairiscintí agus bhronn sí 2 chonradh ar leithligh arbh fiú €67,000 (gan CBL a áireamh) san iomlán. Tá na hoibreacha sin ar siúl í gcónaí agus ceaptar go gcuirfear i gcrích iad i Ráithe 1 den bhliain 2023. Leis an scéim sin, déantar socrú maidir le fálú sábháilteachta éighníomhaí a chur in ionad seanchuaille coinceíte agus an fhálaithe ráillí a bhí ann roimhe sin. Mar thoradh ar an maoiniúchán, críochnaíodh oibreacha ar an N10, ar an N77 agus ar an N78.



Gnáth-Oibreacha Athfheistithe Fálta a cuireadh i gcrích ar an N10 ag Dún Dá Radharc

Uasghrádú an Chórais Sriantha Feithiclí (VRS)

Bronnadh conradh ar Lagan Operations & Maintenance i rith na bliana 2021 chun codanna lochtacha damáistithe de Chórais Sriantha Feithiclí (VRS a athsholáthar ar an gcóras bóithre náisiúnta. Cuireadh tús leis an obair sin ag deireadh Ráithe 3 den bhliain 2021 agus críochnaíodh í i rith Ráithe 1 den bhliain 2022. Bhí luach an chonartha sin os cionn €600,000. Tá measúnú á dhéanamh faoi láthair ar an gcéad sraith VRS eile lena chinneadh cén áit a meastar gá a bheith ann le hoibreacha.



Roinn nua VRS ar an R723 (Sean-N25)

LÍONRA NA mBÓITHRE NACH BÓITHRE NÁISIÚNTA IAD

Clár Athbhunaithe/Feabhsaithe agus Athbhunaithe/Cothabhála 2022

Déantar na príomhfheabhsuithe bóthair sa líonra bóithre Nach Bóithre Náisiúnta Iad a mhaoiniú tríd an Scéim Deontas maidir le hAthbhunú/Feabhsú agus Athbhunú/Cothabháil Bóithre Fuair an Chomhairle leithroinnt deontais €11.5m sa bhliain 2022. Tugtar tús áite d'oibreacha faoin Scéim seo ar an mbonn go ndéantar foráil maidir le feabhsuithe ar rátáil an riochta ina bhfuil an bóthar, ar fhriotaíocht in aghaidh sciorradh agus ar neamh-thréscaoilteacht. Tá dul chun cinn suntasach déanta ar an ngréasán bóithre nach bóithre náisiúnta iad thar na blianta ón tráth a tugadh isteach an Deontas maidir le hAthbhunú agus tá an rátáil i leith riocht na mbóithre i gCill Chainnigh chomh maith le haon Chontae eile.

An Clár Sábháilteachta Ísealchostais maidir le Bóithre Nach Bóithre Náisiúnta iad

Tá an Clár Sábháilteachta Ísealchostais maidir le Bóithre Nach Bóithre Náisiúnta iad dírithe ar shuíomhanna ar leith sa líonra bóithre nach bóithre náisiúnta iad, ar shuíomhanna iad atá sainaitheanta mar chriosanna ina dtarlaíonn líon mór imbhualte. I measc na n-oibreacha atá déanta faoin gclár seo áirítear marcálacha acomhail agus spréanna léargais, moilliú tráchta, marcálacha feabhsaithe ar thaobh an bhóthair agus saoráidí trasnaithe bóthair do choisithe laistigh de limistéir uirbeacha. Sa bhliain 2022, críochnaíodh 19 scéim faoin gclár seo ar chostas €397,400.

Soilsiúchán Poiblí

Déanann Comhairle Contae Chill Chainnigh cothabháil ar thuairim is 11,000 solas poiblí ar fud an Chontae.

Sa bhliain 2022, rinneadh an conradh le Comhairle Chontae Chill Chainnigh chun cothabháil a dhéanamh maidir leis an stoc soilsiúcháin phoiblí a bhronnadh ar Enerveo. Ba phróiseas tairisceana comhpháirteach é sin idir Comhairlí Chontae Chill Chainnigh agus Chontae Cheatharlach. Tríd an gconradh nua cothabhála sin a thabhairt isteach beidh sábháil airgid ann don dá Údarás Áitiúla lena mbaineann.

Clár Athsholáthair Soilse LED ar Bhóithre nach Bóithre Náisiúnta iad i gCill Chainnigh

Déanfar laindéir nua LED nua a chur in ionad na laindéir atá ann anois mar chuid den Tionscadal foriomlán maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh Soilsiúcháin Phoiblí (PLEEP). Bronnadh an conradh le haghaidh oibreacha ar thionscadal PLEEP ar an 17 Lúnasa 2022 ar Killaree Lighting Services -- Comhfhiontar ASD agus Innealtóirí Sainchomhairleacha Arup faoi seach. Cuirfear tús leis na hoibreacha i gContae Chill Chainnigh i Ráithe 1 den bhliain 2023 agus críochnófar na hoibreacha i Ráithe 4 den bhliain 2023. Is gá uasghrádú a dhéanamh ar thuairim is 5,200 solas (i.e. 50% de na soilse i gCill Chainnigh).



Tionscadail Faoisimh Tuile

D'infheistigh Comhairle Chontae Chill Chainnigh €29.6 milliún i mbearta Bainistíochta Riosca Tuilthe a bhí beartaithe i gcás 6 scéim sa Chontae, agus bhí maoiniúchán le fáil ina leith sin ó Chlár Infheistíochta Deich mBliana an Rialtais (2018-2028 atá á riaradh ag Oifig na nOibreacha Poiblí).

Sa bhliain 2022, cuireadh dhá mhór-Thionscadal Chaipitiúla Faoisimh Tuile ar aghaidh trí Chéim Dhearthar na scéimeanna a bhaineann le pobail Ghráig na Manach agus Bhaile Héil. Cuireadh tús le Céim 2 - Pleanáil de scéim Bhaile Héil sa bhliain 2022. Tá tús le cur le Céim 2 - Pleanáil de scéim Ghráig na Manach sa bhliain 2023. Cheadaigh an Bord Pleanála iarratas ar Oibreacha Imscrúdaithe Láithreáin i nGráig na Manach sa bhliain 2022. Cuirfear tús leis na hoibreacha sin sa bhliain 2023 agus baileofar eolas lena linn maidir le dearadh an rogha is fearr.

Nuair atá siad críochnaithe, soláthróidh na scéimeanna faoisimh tuile sin caighdeán cosanta do thuairim is 92 mhaoin agus rachaidh siad chun tairbhe, ó thaobh cúrsaí sóisialta agus eacnamaíochta de, do na pobail atá i gceist, mar atá, pobal Ghráig na Manach agus pobal Bhaile Héil.

An Clár Mionoibreacha

Lorg Comhairle Chontae Chill Chainnigh maoiniúchán ó Oifig na nOibreacha Poiblí faoin gClár Mionoibreacha le haghaidh 2 thionscadal mionoibreacha i gCill Chainnigh sa bhliain 2022. Fuair Callainn €18,000 le haghaidh staidéar tuile agus measúnacht ar na socrúithe caidéalaithe atá ann faoi láthair agus fuair Ard Lú €54,000 le haghaidh staidéar forleathan tuile. Cuireadh tús leis an dá thionscadal sa bhliain 2022 agus tá siad le cur i gcrích sa dara ráithe den bhliain 2023.

SEIRBHÍSÍ UISCE

Oibriú & Cothabháil

Faoin gComhaontú Leibhéal Seirbhíse le Irish Water (IW) (ar a dtabharfar Uisce Éireann le héifeacht ón 1 Eanáir 2023), bainistíonn Comhairle Chontae Chill Chainnigh na nithe seo a leanas::

- 19 soláthar uisce óil phoiblí
- 35 scéim cóireála dramhuisce phoiblí
- 9.59 billiún lítear uisce (26.28 milliún lítear, ar an meán, in aghaidh an lae) a sholáthraítear do thuairim is 67,500 custaiméir.



Stáisiún Faireacháin i leith Cáilíocht Uisce

Príomh-Dhraenáil i gCill Chainnigh - Ionad Saitilíte Dí-Uiscithe

Faoin bPlean Náisiúnta Bainistíochta Sloda Dramhuisce, d'fhorbair Uisce Éireann sraith ceanglas maidir le dearadh agus suiteáil saoráidí cóireála chun an cur chuige a chaighdeánú ar fud na tíre. Rinneadh príomhghléasra cóireála dramhuisce Chill Chainnigh atá suite ag Inse an Phuirséalaigh a shainnithint mar shuíomh oiriúnach le haghaidh saoráidí cóireála sloda i gCill Chainnigh.

Tar éis cead pleanála a dheonú, eisíodh iarraidh ar thairiscintí agus ceapadh an tairgeoir rathúil sa bhliain 2022. Cuireadh tús le hobair thógála go luath i mí Mheán Fómhair ar láithreán Inse an Phuirséalaigh ar Bhóthar Shióin i gCathair Chill Chainnigh agus cuimsíonn an obair sin na príomhghnéithe seo a leanas:

- Oibreacha Glactha Sloda lena n-áirítear scagadh
- Umar Glactha Sloda Iompórtáilte
- Umar Cumaiscthe Sloda
- Sumpá Aiscurtha Sloda Biotáille
- Umar Cóimheáite Aiscur Sloda Biotáille
- An tAonad Bolaithe
- Tiúsóir Fálta Cuailí Athfheistithe
- Fáisceán Nua Dí-Uiscithe Sloda



Oibreacha Suiteála Sloda Iompórtáilte & Umair Sloda Biotáille - Gléasra Cóireála Dramhuisce Chathair Chill Chainnigh & an Cheantair Máguaird

Scéim Soláthair Uisce Réigiúnaigh Chathair Chill Chainnigh (RWSS)

Is é atá i gceist le Scéim Soláthair Uisce Réigiúnaigh Chathair Chill Chainnigh ná uasghrádú Ghléasra láithreach Cóireála Dramhuisce Choill an reoigh chun méadú a dhéanamh ar an acmhainn laethúil táirgeachta ó 8MLL (meigílítir sa lá go 19MLL, na hoibreacha foghabhálacha go léir chun díchoimisiúnú an ghléasra cóireála uisce láithreach i mBaile Rád a éascú agus aghaidh a thabhairt ar easnamh i leith cháilíocht an uisce sa ghléasra láithreach.

Leanadh den uasghrádú ar RWSS Chathair Chill Chainnigh ar fid na bliana críochnaíodh tuairim is 45% den obair fhoriomlán tógála i rith na bliana 2022.

I measc na ngnéithe den obair a críochnaíodh sa bhliain 2022, áirítear an méid seo a leanas:

- Foirgneamh nua a thógáil inar cuimsíodh stóráil agus dáileadh ceimiceán, stáisiún caidéalaithe ardbhrú, seomra rialaithe, fostáisiún BSL.
- Tógáil umar nua gléghlanta & scagtha.
- Saoráidí nua cóireála uisce níocháin a thógáil, lena n-áirítear umair shlada agus umair síothlaithe.
- Pointe astarraingthe uisce na Feoire a thógáil.
- Críochnaíodh oibreacha nua iontógála ina gcuimsítear sumpá síothlaithe dríodair, seomra mín-sciatha, sumpá caidéalaithe, foirgneamh rialaithe.
- Críochnaíodh príomhphíobán aníos 2.8km chun uisce cóireáilte ó Ghléasra Cóireála Uisce Choill an Treoigh a sholáthar do na taiscumair láithreacha ag Gléasra Cóireála Uisce Bhaile Rád.



Oibreacha Nua Intógála - RWSS Chathair Chill Chainnigh, Coill an Treoigh



Foirgneamh & Umair Nua Ceimiceán - RWSS Chathair Chill Chainnigh, Coill an Treoigh

Clár Fáis Bailte agus Sráidbhailte Beaga

Rinneadh tionscadal uasghrádaithe Ghléasra Cóireála Dhramhuisce Dhroichead Binéid, ar cuid den Chlár Fáis Bailte agus Sráidbhailte Beaga é, a chur faoi chúram Mheitheal Soláthair Uisce Éireann i rith na bliana 2022 agus tá an chéim choincheapa deartha ar siúl faoi láthair. Cheap Uisce Éireann conraitheoir faoin gcineál conartha ar a dtugtar conradh Luath-Rannpháirtíochta Conraitheora.

Faoi réir ceaduithe reachtúla a fháil, lena n-áirítear cead pleanála agus talamh a fháil, tá an tógáil le críochnú sa bhliain 2028.

An Clár Laghdaithe Sceití Uisce

Leithroinn Uisce Éireann buiséad tuairim is €4.2 milliún chun cabhrú leis an sprioc maidir le sceití uisce i gCill Chainnigh a bhaint amach sa bhliain 2022 agus chomh maith leis sin, le feabhas a chur ar na sócmhainní foriomlána faoi thalamh. Maidir le athsholáthar príomhphíobán, tógadh tuairim is 6.5km sa bhliain 2022 agus bhí 5.8km eile ag céim an deartha.

Oibreacha Athshlánúcháin Príomhphíobán

Áirítear an méid seo a leanas i measc na n-oibreacha a rinneadh sa bhliain 2022:

- **Sráidbhaile Chnoc an Tóchair** - críochnaíodh suiteáil tuairim is 1,250m de phríomhphíobán uisce nua in ionad sean-phríomhphíobán uisce 100mm aispeiste ar an R713 idir Cnoc an Tóchair agus Baile Héil.



Príomhphíobán uisce nua a thógáil ag Sráidbhaile Chnoc an Tóchair

- **Sráidbhaile an tSléibhe Rua** - suiteáil 1200m de phríomhphíobán 125mm a chríochnú.



Príomhphíobán nua uisce a dhruileáil ag Sráidbhaile an tSléibhe Rua

- **Carraig Mhuirne, Baile Mhic Andáin** - 3250m de phríomhphíobán uisce 125mm a shuiteáil. Críochnaíodh an obair i Ráithe 4 den bhliain 2022.
- **Taiscumar na Rátha Duibhe** - Gléasra Cóireála Uisce Fhearann na Feoire - athsholáthar 2.8km de phríomhphíobán aníos aispeiste agus 4.2 km de phríomhphíobán dáilte aispeiste trí úsáid a bhaint as HDPE nua. Cuireadh tús leis an obair i Ráithe 4 den bhliain 2022.
- **Bóthar Bhaile Átha Cliath, Baile Mhic Andáin** - Suiteáil 1220m de 180 HDPE chun ionad sean-phríomhphíobáin uisce aispeiste a ghlacadh. Cuireadh tús leis an tionscadal i Ráithe 4 den bhliain 2022.

Seirbhísí Cúlchlóis

Cuireadh tionscadal athshlánaithe príomhphíobán agus seirbhísí cúlchlóis *Shráid Mhichíl, Cill Chainnigh*, i gcrích i Ráithe 2 den bhliain 2022. Tar éis an tionscadal a chur i gcrích, ba iad na tairbhí a baineadh amach laghdú ar sceití agus brú feabhsaithe do chónaitheoirí Shráid Mhichíl.

Plás Fhiachra, Cill Chainnigh – Cuireadh tús leis an tógáil i Ráithe 4 den bhliain 2022 chun athshlánúchán ar phríomhphíobán uisce (697m) agus seirbhísí cúlchlóis (99 dteach cónaithe) a chur i gcrích.

Brú a Bhainistiú

Trí bhrúnna níos cobhsaí a ghiniúint laistigh den líonra bhíothas in ann méadú a dhéanamh ar an úsáid a bhaintear as bainistíocht brú agus tá éifeacht dhíreach aige sin ar na leibhéil sceite. Cuireadh na Comhlaí Laghdaithe Brú (PTV-anna) sin, a ghníomhachtaítear go hiodrálach, in ionad comhlaí scóigthe rud a laghdaigh brúnna sa líonra i gcomhréir leis an sreabhadh trí na comhlaí agus ba é a lean as sin ná laghdú ar mhinicíocht na bpiopaí réabtha a bhí á taifeadadh.



Aistriú seirbhísí chuig príomhphíobán nua HDPE, ar thaobh an phobail, ar Shráid Mhichíl, Cathair Chill Chainnigh.



Suiteáil PRV-anna ag Kiltown Cross, Inis Tíog

Aimsigh & Deisigh

Leanadh den phróiseas ‘Aimsigh agus Deisigh’ sa bhliain 2022 agus laghdaíodh na sceití i gcriosanna soláthair uisce Dhroichead Binéid, Chaisleán an Chomair, Bhaile Mhic Andáin, Inis Tíog, Chill Chainnigh Theas, Bhaile an Phoill agus Chathair Chill Chainnigh.

First Fix

Athchromadh ar mhangaíreacht fóin sa bhliain 2022 tar éis deireadh a chur le srianta Covid-19. Chuir conraitheoir réigiúnach nua tús le hoibreacha ‘Aimsigh & Deisigh’ i Ráithe 1 den bhliain 2022 a mhéid a bhain le Sceití ar thaobh Custaiméirí i gCill Chainnigh i gcás ina raibh tarscaoileadh faighte ag úinéirí maoin. Cabhraíonn na hoibreacha sin le feabhas a chur ar sholáthairtí i gcás na gcustaiméirí go léir atá páirteach sa scéim agus le laghdú a dhéanamh ar dhiomailt uisce.

An Clár Díghalrúcháin agus Cosanta Foinse

Mar thoradh ar an uasghrádú ar oibreacha ag Gléasraí Cóireála Uisce agus ag taiscumair tá caighdeánú déanta ar an réimse díghalrúcháin ar fud an Chontae. Tá feabhas tagtha ar cháilíocht uisce óil mar gheall ar fheabhsú an chórais agus na gcaighdeán díghalrúcháin agus, ag an am céanna, mar gheall ar dheimhin a dhéanamh de go gcomhlíonfar na rialacháin go léir. Cuireadh tús le tionscadail chosanta foinse ag na láithreáin seo a leanas i Ráithe 4 den bhliain 2022:

- Baile Shéamais
- An Goirtín
- Callainn

Rochtain ar Ionaíd Arda agus Cosaint Ciumhaise - Scéim AHEP

Chuathas i mbun na scéime seo i gcomhpháirtíocht le hUisce Éireann. Ceapadh conraitheoirí chun oibreacha a dhéanamh d'fhonn aghaidh a thabhairt ar an riosca a bhaineann le titim ó ionaid arda agus d'fhonn sábháilteacht an phearsanra i Láithreáin ainmnithe Dramhuisce agus Uisce i gCill Chainnigh a áirithiú. Oibreacha ar dhréimírí, ar ardáin agus ar chlúdaigh, lámhráillí, fálú, slándáil etc. Táthar tar éis measúnacht riosca a thíolacadh i leith 19 láithreán agus cuirfear tús leis na hoibreacha i Ráithe 1 den bhliain 2023.



Ardán Rochtana Nua, agus tacaíocht Lámhráille ann, in GCDU Ghabhalmhaí

Clár Leasa

I gcomhar le hUisce Éireann, tá Saoráidí Leasa le soláthar sna Gléasraí Cóireála Uisce seo a leanas i gCill Chainnigh:

- Loon
- Béal Átha Ragad
- Gabhrán
- Droichead Binéid
- Callainn



Saoráid Nua Leasa a suiteáladh i nGléasra Cóireála Uisce Loon

AN CLÁR UISCE TUAITHE

Is í an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil an tÚdarás Maoirseachta i leith soláthairtí uisce poiblí. Is í Comhairle Contae Chill Chainnigh an tÚdarás Maoirseachta i leith soláthairtí uisce príobháideacha i gContae Chill Chainnigh a thagann faoi réim na Rialachán maidir le hUisce Óil. Tá 133 Sholáthar Phríobháideacha bheaga (SPB-anna) ann, ina gcuimsítear scoileanna, áitribh bhia agus eastáit tithíochta tuaithe de ghnáth.

Déanann an Chomhairle bainistíocht ar Dheontais Rialtais a cheadaítear faoin gClár Uisce Tuaithe le haghaidh grúpscéimeanna uisce agus dramhuisce, agus leithroinneann an Chomhairle na deontais sin, agus, chomh maith leis sin, déanann an Chomhairle an bhainistíocht agus an leithroinnt sin i ndáil le deontais i leith toibreacha príobháideacha.

- 195 Ghrúpscéim Uisce i gContae Chill Chainnigh.
- Freastalaítear ar 125 cinn as foinsí dílse.
- Freastalaítear ar 70 ceann as príomhphíobáin phoiblí.
- Íocadh suim €420,000 le 55 Ghrúpscéim i bhfoirm Fóirdheontais Ghrúpa i gcomhair na gcostas a ghabhann le Scéimeanna Uisce.
- Ceadaíodh 189 n-iarratas ar dheontas chun toibreacha a sholáthar do thithe príobháideacha.
- Íocadh €393,152 i bhfoirm deontas do thoibreacha

Maidir leis an gClár Caipitiúil le haghaidh Uisce Tuaithe, críochnaíodh an obair ar fad a bhí beartaithe don tréimhse 2019 -2021, lena n-áirítear bearta chun cúnamh a thabhairt chun déileáil le dálaí tromaigh.

Sa bhliain 2022, íocadh suim iomlán €101,282 mar Dheontais Chaipitiúla. Táthar ag ceapadh go bhfaighfear iarrataí ón Roinn maidir leis an gcéad chlár 5 bliana eile faoi dheireadh Ráithe 1 den bhliain 2023.

AN STIÚRTHÓIREACTH SEIRBHÍSÍ TITHÍOCHTA, SÓISIALTA, POBAIL & CULTÚIR

Stiúrthóir Seirbhísí: Mary J. Mulholland

TITHÍOCHT

TITHÍOCHT

Soláthraíonn Comhairle Chontae Chill Chainnigh tacaíochtaí tithíochta sóisialta do dhaoine nach bhfuil in ann freastal ar a gcuid riachtanas tithíochta as a n-acmhainní féin. Tá sé mar aidhm ag an Roinn Tithíochta na spriocanna atá leagtha amach i gclár 'Tithíocht do Chách' an Rialtais a bhaint amach. Cabhraíonn an Roinn Tithíochta le teaghlaigh trí bhíthin Scéim Iasachta Tithe Cónaithe na nÚdarás Áitiúil agus soláthraíonn sí deontais do theaghlaigh phríobháideacha. Soláthraítear seirbhís ardchaighdeán cothabhála agus, chomh maith leis sin, cuirtear uasghrádú fuinnimh ar fáil tríd an gClár Aisfheistithe Fuinnimh.

An Clár Caipitiúil Tithíochta

Tá Comhairle Chontae Chill Chainnigh uailmhianach agus nuálach maidir le haonaid tithíochta a sholáthar agus bainfidh sí úsáid as gach beart atá ar fáil laistigh den Chlár 'Tithíocht do Chách' d'fhonn na spriocanna atá leagtha síos don Chontae suas go dtí an bhliain 2026 a bhaint amach agus d'fhonn spriocanna níos airde ná sin a bhaint amach. Cé go raibh socruithe daingne soláthair i bhfeidhm ag Comhairle Chontae Chill Chainnigh chun an sprioc 170 don bhliain 2022, níor sroicheadh an sprioc sin. Is é atá sa soláthar don bhliain 2022, i gcás aonaid tithíochta a bhí críochnaithe go substaintiúil, ná 144. De bhreis ar an líon sin, fuarthas 15 aonad agus soláthraíodh 3 aonad tríd an bPlean Cóiríochta don Lucht Siúil, rud a d'fhág soláthar foriomlán tithíochta sóisialta 161 don bhliain reatha.

Seo a leanas na Príomhthionscadail:

- **Limegrove, Port an Chalaídh:**
Críochnaíodh 10 n-aonad in Eanáir 2022 - Tionscadal Turnkey de chuid CCCC.
- **Cúirt Pennefeather, Bóthar Hebron, Cill Chainnigh:**
Críochnaíodh 8 n-aonad i mBealtaine 2022 - Tionscadal Turnkey de chuid CCCC
- **Faiche Pennefeather, Bóthar Hebron, Cill Chainnigh:**
Críochnaíodh 58 n-aonad i Meitheamh 2022 - Tionscadal Turnkey de chuid CCCC
- **Orchard Close, An tAbhallort Nua, Cill Chainnigh:**
Críochnaíodh 23 aonad i Lúnasa 2022 - Turnkey AHB -Tithíocht Cluid
- **Plás an Bhráthar Tomás, Lána an Teampaill, Cill Chainnigh:**
Críochnaíodh 12 aonad i Lúnasa 2002 - Tógáil Dhíreach AHB CAS - Good Shepherd Services Ltd.
- **Bailtíní Uí Dhroighneáin, Baile Mhic Andáin:**
Críochnaíodh 5 Aonad. CAS Construction – Camphill Communities of Ireland.
- **Tigh na Páirce, Bóthar Challainn:**
KCill Chainnigh.
- *Críochnaíodh 6 Aonad. CAS Turnkey – SOS Chill Chainnigh.*

Áirítear an méid seo a leanas i measc na láithreán a bhfuil obair ar siúl iontu:

- 25 Aonad ag Gráinseach agus Cúirt an Liagáin, Baile Mhic Andáin (Tógáil Dhíreach CCCC)
- 6 aonad ar Bhóthar an Mhachaire Ghailf, Cill Chainnigh (Tógáil Dhíreach CCCC)
- 6 Aonad i Móin Choinn (An Bóthar Nua & Bóthar an tSéipéil) (Turnkey CCCC)
- 9 nAonad ag Old Creamery, Cill Mhic Bhúith, Co. Chill Chainnigh (Turnkey CCCC)
- 88 nAonad ag Cnoc an Chrócarraigh, Bóthar Thobar Chainnigh, Cill Chainnigh (Tógáil Dhíreach CCCC)
- 12 aonad ag The Crescent, Baile na Gráige, Port an Chalaídh
- 5 aonad ag Village Gardens, Bóthar Phort Láirge, Cill Chainnigh.



58 UNITS AT PENNYFEATHER GREEN, KILKENNY CITY



17 UNITS AT LIMEGROVE, FERRYBANK



2 UNITS AT SHANGANNY, JENKINSTOWN



2 UNITS AT MULLINAVAT



4 UNITS, COMERAGH GRANGE, MOONCOIN



8 UNITS AT PENNYFEATHER COURT, KILKENNY CITY



2 UNITS, GRAIGUENAMANAGH



5 UNITS, BERKELEY DRIVE, FERRYBANK



2 UNITS AT CHAPEL VIEW, MOONCOIN



Kilkenny County Council

HOUSING CAPITAL DELIVERY 2022



Seirbhísí do Dhaoine Gan Dídean

Tá an líon daoine gan dídean atá ag teacht chuig an Oifig Tithíochta ag dul in airde i gcónaí agus bhí 478 nduine nua gan dídean ann sa bhliain 2022 i gcomparáid le 370 don bhliain 2021 agus 252 don bhliain 2020.

Tá cásanna na ndaoine atá ag teacht chun cinn ag éirí níos casta agus tá laghdú ag teacht ar na roghanna atá ar fáil sa réimse seo rud a fhágann gur rud an-dúshlánach é seirbhísí éifeachtacha a sholáthar do dhaoine gan dídean.

Leanaimid de bheith ag díriú ar deireadh a chur leis an staid ina bhfuil daoine gan dídean agus ar cóiríocht éigeandála a bheith á tairiscint mar rogha dheiridh amháin.

ACHOIMRE AR SHEIRBHÍSÍ DO DHAOINE GAN DÍDEAN	2021	2022
An Líon Daoine Gan Dídean a Láithrigh	370	478
Torthaí Measúnachtaí ar Dhaoine Gan Dídean		
Cosc & Idirghabháil	193	246
Seirbhís Éigeandála	84	77
Neamh-Incháilithe/Níor bhain leas as an tseirbhís	96	155
Seirbhís Aimsithe Áite HAP		
Tionóntachtaí Daoine Gan Dídean HAP @ 1 Eanáir	70	100
Tionóntachtaí Daoine Gan Dídean HAP cruthaíodh i rith na bliana	30	15
Tionóntachtaí Daoine Gan Dídean HAP i bhfeidhm @ 31 Nollaig	100	115
An líon tionóntachtaí Daoine Gan Dídean HAP nár éirigh leo	1	2

An Liosta Tithíochta

Ba é a bhí san oll-Éileamh ar Thithíocht ar an 31 Nollaig, 2022 ná 1,588 agus tá anailís chomparáideach, i gcomhthéacs blianta roimhe seo, le fáil anseo thíos:

Bliain	An Líon Daoine ar an Liosta Tithíochta	Bliain	Number on Housing List
Nollaig 2022	1,588	Nollaig 2016	2,059
Nollaig 2021	1,619	Nollaig 2015	2,744
Nollaig 2020	1,899	Nollaig 2014	2,456
Nollaig 2019	1,988	Nollaig 2013	2,144
Nollaig 2018	2,070	Nollaig 2012	3,688
Nollaig 2017	2,180	Nollaig 2011	3,118

Leithroinntí Tithíocht

Sa bhliain 2022, tairgeadh 306 thionóntacht d'Iarratasóirí ceadaithe ar Thithíocht Shóisialta.

	Comhairle Chontae Chill Chainnigh	%	Comhlacht Tithíochta Ceadaithe	%
Tairgeadh Leithroinnt	190		116	
Tairiscintí ar Glacadh Leo	156	82%	95	82%
Tairiscintí ar Diúltaíodh Dóibh	34	18%	21	18%
Cinntí Ar Feitheamh	0	0	0	0

Tionóntachtaí a Bhainistiú

Déileálann an Rannóg Bainistíochta Tionóntachtaí le leithroinntí, le cothabháil agus le gearáin faoi iompar frithshóisialta i ndáil lenár gcuid tionóntaí. Sa bhliain 2022, fuarthas os cionn 6,300 glao maidir lenár 2,668 n-aonad tithíochta.

An Clár Aisfheistithe Éifeachtúlachta Fuinnimh

Leanadh den Chlár Athfheistithe Éifeachtúlachta Fuinnimh sa bhliain 2022. Uasghrádaíodh 28 gcinn dár dtithe go dtí rátáil fuinnimh B2ar chostas €718k. I measc na n-oibreacha, áiríodh insliú ballaí agus áiléar, athsholáthar fuinneog & doirse agus suiteáil caidéal teasa.

Iasachtaí Tithíochta & an Scéim Ceannaigh ag Tionóntaí

Ghlac Scéim Iasachta Tí na nÚdarás Áitiúil (LAHL) ion ad Scéim Tí 'Atógáil Éireann' le héifeacht ón 4 Eanáir, 2022.

60.....	An Líon Iarratas ar Iasacht a Fuarthas
15.....	An Líon Deontas a Ceadaíodh [Luach €1.775m]
14.....	An líon Deontas a Íocadh [Luach €1.912m]
€136K.....	Meánmhéid Iasachta a Íocadh

Deontais do Thithíocht Phríobháideach

Riarann Comhairle Chontae Chill Chainnigh roinnt roghanna tithíochta chun cabhrú le daoine scothaosta agus le daoine faoi mhíchumas oibreacha a dhéanamh a bhfuil gá leo le go mbeidh a dteach níos oiriúnaí dá riachtanais chóiríochta. Is é atá sa bhuiséad bliantúil ná €1,977,000. Mar thoradh ar mhéadú ar na hoibreacha faoi na scéimeanna éagsúla deontais, tá méadú tagtha ar an gcaiteachas sa bhliain reatha agus ceaptar go mbeidh thart ar €2,057,389 i gceist leis an gcaiteachas sa bhliain 2022. Rinneadh iarratas ar mhaoiniúchán breise chuig an Roinn Tithíochta i rith mhí na Samhna 2022 agus fuarthas ceadú i leith an leithroinnt bhuiséid le haghaidh Deontais Tithíochta don bhliain 2022 a mhéadú de shuim €64,000 chun freastal ar an éileamh méadaithe.

Deontais a Ceadaíodh & a Gealladh sa bhliain 2022		
Scéim	An Líon	An Méid
DOT - Deontas Oiriúnaithe Tithíochta	163	€1,646,042
DCS - Deontas Cúnaimh Soghluasteachta	23	€87,359
CTDS - Cúnaimh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta	183	€992,880
Iomlán	369	€2,726,281

Cóiríocht Phríobháideach ar Cíos

Tá Comhairle Chontae Chill Chainnigh tiomanta i leith feabhas a chur ar chaighdeán mhaireachtála na dtionóntaí a chónaíonn i dtithíocht phríobháideach ar cíos. Déantar sin trí chigireacht a dhéanamh ar mhaoín phríobháideach ar cíos lena chinneadh an gcomhlíonann maoín na caighdeán a bhaineann le cóiríocht phríobháideach cíos agus, i gcás nach gcomhlíonann an mhaoín na caighdeán sin, a bhaineann le comhlíontacht a áirithiú trí leas a bhaint as fógraí feabhsúcháin agus toirmisc agus trí bhithin imeachtaí dlíthiúla. Tá sé de cheangal ar thiarnaí talún agus ar thionóntaí rochtain a thabhairt don Údarás Tithíochta chun cigireachtaí a dhéanamh.

CIGIREACHTAÍ AR CHÓIRÍOCHT PHRÍOBHÁIDEACH AR CÍOS	2021	2022
An Líon Iomlán Cigireachtaí a rinneadh sa bhliain	437	436
An líon Cigireachtaí Céaduaire	162	365
An líon Dara Cigireachtaí	275	71
An líon cigireachtaí deiridh comhlíontacha	219	93
An líon Fógraí Feabhsúcháin a eisíodh	6	1
An líon Fógraí Toirmisc a eisíodh	1	0



Tagann an Chomhghuaillíocht le chéile go tráthrialta ar fud na bliana agus tá freagracht uirthi i ndáil le forbairt agus cur i bhfeidhm Straitéis Aoisbhá Chill Chainnigh 2017-2022. Is é Príomhfheidhmeannach Eatramhach Chomhairle Chill Chainnigh, Sean McKeown, cathaoirleach na Comhghuaillíochta faoi láthair.

Tá ionadaithe de chuid roinnt eagraíochtaí ina mbaill den Chomhghuaillíocht, amhail FSS, an Garda Síochána, Aoisbhá Éireann, Comhpháirtíocht Leader, an Comhlachas Tráchtála, Comhpháirtíocht Spóirt Chill Chainnigh agus Comhairle Sheanóirí Chill Chainnigh.

Comhairle Chontae Chill Chainnigh

- Rinneadh dul chun cinn maidir le Stáisiún Traenach Aoisbháúil a dhéanamh de Stáisiún Mhic Donncha.
- Rinneadh iarratas i leith Scéim na Cruthaitheachta i measc Daoine Scothaosta 2022 a chur chuig 'Éire Ildánach' i bhfoirm leathnú ar thionscadal 'Cniotáilte Le Chéile' agus glacadh cur chuige de chineál níos idirghluíne agus trí 'Men's Sheds' a chur san áireamh.
- Suiteáladh scáthlín Bhus Aoisbháúil i 13 shuíomh ar fud na Cathrach.
- Rinneadh trí scáthlín bus, agus faisnéis fíorama ar fáil iontu, a sholáthar i gCaisleán an Chomair, i mBéal Átha Ragad agus i mBaile Phóil.
- Cuireadh trasrian rialaithe nua do choisithe ar fáil chun an Eaglais a nascadh leis an Reilig agus leis an Ionad Pobail i mBaile an Phoill.
- Cuireadh trasrian rialaithe nua do choisithe ar fáil ar an bPríomhshráid, Baile an Phoill, ag an Scáthlín Páirceáil agus Bus.
- Cuireadh trasrian rialaithe nua do choisithe ar fáil ar an R698 chun Mullach an Chnoic a nascadh leis an Scoil Náisiúnta.
- Cuireadh cosán nua ar fáil i gCill Mhic Bhúith Íochtarach chun an rochtain ón sráidbhaile go dtí an siopa a fheabhsú.
- Scéim soilsiúcháin phoiblí ag Lána an tSéipéil, an Móinín Rua - soláthraíodh 16 sholas nua LED.
- Soláthraíodh rampa, mar aon le lámhraise gaolmhar, ag Eaglais N. Lachtain, Achadh Úr.
- Atógáil 300m de chosáin feadh an N78 ar Bhóthar Chill Chainnigh i gCaisleán an Chomair.
- Fuarthas maoiniúchán ó Bhonneagar Iompair Éireann faoi Chlár B1.2.
- Soláthraíodh tithíocht aoisbháúil faoin gClár Tithíochta.
- Sábháilteacht Dóiteáin i bPobail - Seiceálacha Sábháilteachta Dóiteáin i dTithe Cónaithe (HFSV-anna)

Seirbhís Leabharlainne Chontae Chill Chainnigh

- Ceannaíodh Léamh-Phinn do gach leabharlann i gCill Chainnigh.
- Léann na pinn sin focail agus línte iomlána téacs os ard ar mhaithe le léitheoireacht neamhspleách a dhéanamh.
- Is Leabharlanna Aoisbháúla iad Leabharlanna an Locha Bhuí agus Ghráig na Manach.
- Tá seirbhís Leabharlainne Chill Chainnigh ag obair chun stádas Leabharlainne Aoisbháúla a bhaint amach do na brainsí go léir i gContae Chill Chainnigh.
- D'fhreastail baill foirne de chuid na Leabharlainne Ceiliúradh Chomhairle Sheanóirí Chill Chainnigh a seoladh i mí na Samhna, 2022.
- Tugadh tacaíocht don fheachtas 'Go dTé tú Slán' trí raon tionscnamh inar áiríodh ceardlanna scríbhneoireachta cruthaithí agus filíochta, Sraith Léitheoireachtaí Údar Éireannacha agus 'Dailigh Scéal'.
- Lainséaladh clár Ambasadóirí Digiteacha na Leabharlann Aoisbháúil chun baill foirne leabharlainne a oiliúint le go mbeidís in ann teacht chun bheith ina meantóirí digiteacha do dhaoine scothaosta.
- Méadaíodh na stoic leabhar leabharlainne chun freagairt ar an éileamh.
- Eagraíodh Seastáin Leabharlainne le linn Tionóil Aoisbháúla a seoladh ar fud an Chontae.
- Rinneadh teidil nua atá dírithe ar Néaltrú a chur le bailiúcháin leabhar 'Éire Shláintiúil' i do Leabharlann Áitiúil.

Comhpháirtíocht Áineasa agus Spóirt Chill Chainnigh (KRSP)

- Lainséaladh Straitéis KRSP 2022 - 2025.
- Freastalaíodh ar Cheiliúradh Chomhairle Sheanóirí Chill Chainnigh a seoladh ar an 1 Samhain.
- Tá Tionscnamh Geimhridh Spóirt Éireann ar fáil trí KRSP agus cuirtear líon mór deiseanna gníomhaíochtaí ar fáil d'aoisigh scothaosta chun bheith gníomhach.
- Ina measc sin, áiríodh stoc Cuaillí Siúil Activator ar féidir iad a thabhairt ar iasacht do ghrúpaí pobail.
- Seoladh clár ar líne 8 seachtaine d'aoisigh scothaosta go luath sa bhliain 2022.
- Reáchtáladh rang pobail cathaoir-bhunaithe 10 seachtaine, lena n-áirítear clár 6 seachtaine cleachtaí cathaoir-bhunaithe le haghaidh grúpa ban N. Cainneach.

- Babhláil, boccia agus craic d'aoisigh scothaosta gach oíche Luain sa Watershed agus bhí clár 'Men on the move' ar fáil sa Watershed freisin.
- Reáchtáil KRSP raon clár éagsúil do dhaoine a bhfuil riachtanais bhreise acu agus d'oibrigh siad le SOS, le Rehabcare, leis an Lónra Foghlama Náisiúnta agus le seirbhísí éagsúla de chuid FSS (TASK, N. Cainneach etc).
- I measc na gclár, áirítear snámh, Peil Do Chách, Cuailí Siúil Activator, ranganna Aclaíochta Ar Líne agus clár siúil.
- Bhí na nithe seo a leanas san áireamh sna cláir a reáchtáladh i rith na bliana:
- Bímis ag Gluaiseacht, a Mhnáibh, Ón Tolg go 3k, Men on the Move, Ióga d'Fhir, Siúl Thráthnóna Luain agus 1,000 duine a spreagadh chun bheith aclaí, agus scoileanna san áireamh (Strava).
- Seoladh ceithre sheisiún 'Men on the Move' (fir os cionn 45 bliana d'aois) ar an raon reatha.
- Fuarthas tacaíocht boccia agus eagraíodh cláir foghlama saor in aisce faoi cheannas teagascóra d'eagraíochtaí nó do ghrúpaí nó soláthraíodh suíomhanna le haghaidh cláir den sórt sin.

An Garda Síochána

- Thacaigh na Gardaí leis an Lions Club maidir le "Teachtaireacht i mBuidéal" a chur chun cinn. Is gnáthamh simplí é sin trína spreagtar do dhaoine a gcuid mionsonraí pearsanta agus sláinte a choimeád le chéile agus in áit a bhfuil teacht orthu ar eagla go dtarlaíonn éigeandáil.
- Reáchtáladh Seachtain na Feasachta ar Chalaois ón 28 Márta go dtí an 1 Aibreán chun daoine a chur ar an eolas faoi chamscéimeanna a bhí coitianta an tráth sin.

Comhairle Sheanáirí Chill Chainnigh

- Tá athbhreithniú ar siúl ar Straitéis Aoisbhá 2023-2027.
- Scaipeadh Nuachtlitreacha Ráithiúla ar gach ball i mbunachar sonraí na Comhairle Seanóirí.
- Glacadh páirt i seimineár gréasáin a reáchtáil Aoisbhá Éireann, is é sin, Comhdháil Ceiliúrtha 2022 dar teideal 'A Spotlight on Age Friendly Housing, Policy to Practice'
- Seoladh tionóil uile-chontae chun an Chomhairle Seanóirí a chur chun cinn agus baineadh méadú suntasach ballraíochta amach sa bhliain 2022.
- Bunaíodh fochoiste chun mapáil a dhéanamh ar fhorbairtí maidir leis an gClár Aoisbhá le deich mbliana anuas.
- Ullmhíodh leabhrán, mar aon le físeáin agus fuaimthaifeadtaí.
- Laineáladh an Leabhar agus an físeán i mí na Samhna 2022 chun ceiliúradh a dhéanamh ar 10 mbliana d'Aoisbhá i gCill Chainnigh.
- Rinneadh Iniúchadh Insiúltachta in Ospidéal N. Lúcas (an sciathán nua).
- Reáchtáladh Comhdháil Chomhairle na Seanóirí ar an 12 agus ar an 13 Bealtaine i mBaile Átha Troim.
- Co. na Mí.
- Ba é a bhí i dtéama na comhdhála ná "Health and Wellbeing – Live Well Be Well".
- Gné-ailt aoisbhá i nuachtlitir sheachtainiúil na mball/sa Kilkenny People.
- Ghlac beirt bhall de chuid na Comhairle Seanóirí sa Choiste Tithíochta a bhí curtha ar bun ag Comhairle Chontae Chill Chainnigh chun breithniú a dhéanamh ar dhoiciméid bheartais maidir le "Roghanna Tithíochta do Dhaoine Scothaosta".
- Tá ionadaithe de chuid na Comhairle Seanóirí ar an nGrúpa Oibre Náisiúnta i leith Cúrsaí Iompair.

Comhpháirtíocht LEADER Chill Chainnigh (KLP)

- Tá 'Trail Kilkenny', a fhaigheann tacaíocht ó KLP, ag suiteáil 43 chlosphointe feadh na bpríomh-lúbrianta ar fud an Chontae.
- Fágann na clostacaíochtaí go bhfuil an rian níos sorochtana do dhaoine lagamhairc.
- Soláthraíonn KLP Seirbhís Forordúcháin Shóisialta chun dul i ngleic le huaigheas agus le leithlisiú trí nasc a chruthú idir an cliant agus na seirbhísí pobail agus deonacha.
- Thacaigh KLP le Pobal Bhaile an Phoill chun forbairt a dhéanamh ar a gcóras leathanbhanda féin.
- D'eagraigh siad ceithre seó bóthair do phobail chun imscrúdú a dhéanamh i dtaobh an speis le pobail eile tionscadal den tsamhail chéanna a fhorbairt.
- Seoladh comhdháil maidir le hiompar poiblí.
- Suiteáladh scáthlámh bhus i gCallainn, i gCill Lamraí, i mBéal Átha Ragad, i gCaisleán an Chomair agus i mBaile Phóil (Applegreen).
- Tá sé beartaithe ag KLP maidineacha míosúla caife a eagrú mar ghníomhaíocht shóisialta i bPort an Chalaigh.
- Soláthraíodh oiliúint agus tacaíocht do líonra Men's Sheds.

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

- Tá Oifigigh Chothaithe agus Feabhsaithe Sláinte lonnaithe i gCallainn, i mBaile Mhic Andáin, in Ionad Cúraim Phríomhúil na Páirce Nua agus i bhFaiche Shan Séamas anois agus é mar chúram acu tacú le scor de chaitheamh tobac.
- Oibríonn an Nascóir Pobail go sonrach leis an Meitheal Chomhtháite Cúraim do Dhaoine Scothaosta.
- Tacaíodh le foilseachán agus clár faisnéise 10 mbliana Aoisbhá i mí na Samhna 2022.
- I mí na Samhna 2022, soláthraíodh Oiliúint CarePals 2 lá a bhí forbartha ag Aois agus Deis.
- Eagraíodh clár 'Health and Wellbeing - Living Well' chun é a chur ar fáil ar bhonn 'duine le duine' agus bhí ceardlanna ar líne ar fáil i gCill Chainnigh.

Comhlachas Tráchtála Chill Chainnigh

- Leanadh de bheith páirteach i dTionscnamh Gnó Aoisbháúil i rith na bliana 2022.
- Tá Cill Chainnigh aitheanta ar fud na tíre mar cheann de na suíomhanna is rathúla i dtaca leis an gcoincheap seo a fhorbairt.
- Ghlac baill an Chomhlachais páirt san Iniúchadh Insiúltachta a rinneadh ar an 17 Feabhra ag Stáisiún Traenach Mhic Donncha mar chuid den phróiseas a bhaineann le teacht chun bheith sa chéad Stáisiún Traenach Aoisbháúil in Éirinn.
- Tugadh tacaíocht agus cabhair maidir le Gradaim Chomhlachais Tráchtála na hÉireann i leith Shármhaitheas an Rialtais Áitiúil 2022 a chur chun cinn ar gradaim iad a raibh catagóir Aoisbhá san áireamh iontu.
- Seoladh Seimineár maidir le Daoine faoi mhíchumas a fhostú.

Bord Oideachais agus Oiliúna Chill Chainnigh/Cheatharlach (KCETB)

- Cuireadh oiliúint Acorn Tablet ar fáil tríd an Oifig Oideachais Aosach agus is féidir oiliúint a sholáthar ar bhonn 'duine le duine' nó mar chuid de shuíomh grúpa.
- Freastalaíodh ar thionóil phobail leis an gComhairle Seanóirí agus cuireadh pobail ar an eolas i dtaobh cad atá ar fáil trí KCETB.
- Deontais Ealaíon agus Cultúir Pobail 2022.
- Faoi Deontas Rochtana 2023, is féidir le grúpaí iarratas a dhéanamh chun nithe amhail banc ríomhairí glúine a cheannach dá n-úsáideoirí seirbhíse.

Líonra Rannpháirtíochta Poiblí (LRP) Chill Chainnigh

- Lean an LRP de bheith ag obair le Grúpa Rochtana Chill Chainnigh i leith forbairt acmhainne, soláthar tacaíochta agus rochtain ar fhaisnéis.
- I gcomhar le hIonad Oibrithe Deonacha Chill Chainnigh agus le Comhairle Sheanóirí Chill Chainnigh, ghlac LRP Chill Chainnigh páirt i seó bóthair pobail i rith mhíonna an Mhárta, Aibreáin agus Bhealtaine.
- Ba é ab aidhm don seó bóthair ná dul i dteagmháil le heagraíochtaí agus grúpaí pobail ar fud an Chontae chun iad a chur ar an eolas faoi obair an LRP agus Ionad na nOibrithe Deonacha.

CÚRSAÍ POBAIL

Éire Ildánach

I measc na ngníomhartha a bhí ann sa chlár áiríodh scéim deontais, tionscadail chun tacú le cruthaitheacht i measc daoine scothaosta agus Cruinniú na nÓg. Ba í an bhliain 2022 an bhliain dheireanach de Chlár 'Éire Ildánach' agus beidh clár nua 5 bliana ag tosú sa bhliain 2023. I rith na bliana 2022, ullmhaíodh Straitéis nia 'Éire Ildánach' do Chontae Chill Chainnigh chun an chéad chlár 5 bliana eile a chlúdach.

Líonra Rannpháirtíochta Poiblí (LRP) Chill Chainnigh

Leanann an Chomhairle de thacaíocht agus d'acmhainní a thabhairt do LPR Chill Chainnigh trí chistí a chur ar fáil chun baill foirne a fhostú agus trí chóiríocht oifige a sholáthar.

Ciste Athghiniúna agus Forbartha Tuaithe [RRDF]

Fuair an Chomhairle maoiniúchán €861,867 i mí Eanáir 2022 le haghaidh Láthair Mhainistir Challainn/ Athghiniúint Shráid an Droichid Uachtarach & Maistirphlean do chroílár stairiúil Bhaile Challainn. Cumasóidh an maoiniúchán sin don Chomhairle céimeanna deartha agus pleanála a chur i gcrích i leith úsáid a bhaint as Láthair Mhainistir Challainn amach anseo agus áireoidh sé sin athlonnú na seirbhísí leabharlainne atá ann i gCallainn faoi láthair. Fuair an Chomhairle maoiniúchán €1,345,301 le haghaidh Thionscadal Athghiniúna Tuaithe Lár Bhaile an Phoill.

Baineann an tionscadal seo leas as tionscadail athghiniúna atá ann cheana féin chun freagairt iomlánaíoch a chur ar fáil i leith aghaidh a thabhairt ar dhúshlán atá sainaitheanta i mBaile an Phoill. Áiríonn an tionscadal forbairt a dhéanamh ar fhoirgneamh stairiúil chun spás fiontraíochta sóisialta a chur ar fáil agus chun oibreacha fearainn poiblí a dhéanamh i lár an bhaile.

An Scéim Athnuachana Bailte & Sráidbhailte 2022

Fuair Comhairle Chontae Chill Chainnigh maoiniúchán €401,900 i leith 5 iarratas faoin Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte le haghaidh na dtionscadal seo a leanas i gContae Chill Chainnigh:

Baile Mhic Andáin: Páirc/Taitneamhacht láithreach allamuigh i lár an bhaile a fhorbairt tuilleadh agus bailchríoch a chur uirthi - €56,000.

Beart Feabhsaithe Sráid-dreacha i gCallainn: €100,000.

Beart Fála Foirgnimh sa Ghleann Mór - foirgneamh a cheannach chun café/siopa/spás cruinnithe pobail a chur ar fáil ann - €146,000

Beart Forbartha Tionscadail i mBaile Mhic Andáin agus sa Ghleann Mór: €49,950 an ceann - comhairliúchán, teoracha deartha, iarraidh ar thairiscintí, Measúnacht Tionchair Timpeallachta, suirbhéireachtaí agus scagthaí, pleanáil, táillí ailtire i leith foirgnimh atá le tiontú ina shaoráid phobail.

Rinneadh 7 n-iarratas eile faoin nGnáth Scéim Bailte & Sráidbhailte 2021 go luath sa bhliain 2022 le haghaidh tionscadal i mBaile an Phoill, i nGabhrán, i gCallainn, i mBaile Eoin, in Áth na nUrlainn, i nGráig na Manach agus i gCoill Mannach. Tá gach ceann de na tionscadail sin á fhorbairt faoi láthair.







Leabhrán na nDeontas Pobail

D'ullmhaigh an Chomhairle an cúigiú leabhrán faisnéise faoi Dheontais Phobail agus lainseáladh é go luath i mí Feabhra 2022. Bhí an doiciméad idirghníomhach sin ar fáil ar líne freisin.

Maoiniúchán don IONAD ILFHEIDHME

Forbraíodh Céim 5 den IONAD ILFHEIDHME ar líne i gcomhair maoiniúcháin. Tá an tairseach ar líne sin ceaptha chun rochtain níos fearr a chur ar fáil don phobal i gcoitinne ar Leabhrán Chill Chainnigh maidir le Deontais.



Comhpháirtíocht Áineasa agus Spóirt Chill Chainnigh (KRSP)

Sa bhliain 2022, cuireadh comhairliúcháin i gcrích leis na príomh-gheallsealbhóirí i leith Straitéis KRSP nua 2022-2025 agus lainseáladh an straitéis sa bhliain 2022.

Deontais Bhainistíochta Eastáit

Tá an deontas bainistíochta eastáit ar fáil do ghrúpaí cónaitheora/choistí pobail atá ionadaitheach d'Eastáit Tithíochta Sóisialta Chomhairle Chontae Chill Chainnigh. Sa bhliain 2022, fuarthas 44 iarratas san iomlán faoin scéim seo.

Mórtas Áite 2022

Sa bhliain 2022, d'ainmnigh Comhairle Chontae Chill Chainnigh triúr daoine áitiúla chun bheith ina n-ionadaithe thar ceann Chill Chainnigh i dtaca leis na Gradaim Náisiúnta Mórtais Áite, arb é an t-imeacht gradam is mó dá bhfuil ann in Éirinn é. Deirtear gurb ionann é agus 'Gradaim Oscair na hEarnála Pobail' agus is comórtas bliantúil é 'Mórtas Áite' a eagraíonn Comhar Éireann agus a bhfaightear urraíocht ina leith ó IPB Insurance. Déanann na Gradaim seo an chuid is fearr d'fhorbairt pobail a chur chun cinn agus a cheiliúradh agus tugann siad aitheantas d'iarrachtaí neamhleithleacha daoine le linn dóibh a gceantar áitiúil a fheabhsú le go mbeidh sé ina áit níos fearr chun cónaí agus obair ann agus le bualadh le daoine eile ann. I measc na dtionscadal a bhí ionadaíoch do Chill Chainnigh áiríodh Taitneamhacht Áineasa Nua Bhaile Mhic Andáin, Mol Gníomhaíochta Turasóireachta Ghráig na Manach agus Muileann an Bhata. Fógraíodh buaiteoirí ghradaim 2022 i mí Eanáir 2023 - bhuaigh Mol Gníomhaíochtaí Ghráig na Manach/Ghleann na Bearú Gradam Náisiúnta Mórtais Áite faoi Chatagóir na Turasóireachta Pobail agus fuair Muileann an Bhata an dara háit i gCatagóir na Sráidbhailte.



Bhuaigh Mol Turasóireachta Ghráig na Manach Gradam Náisiúnta Mórtais Áite faoi Chatagóir na Turasóireachta Pobail

Scéim Deontas le haghaidh Imeachtaí Pobail

Ba é an 30 Márta 2022 an dáta deireanach chun glacadh le hiontrálacha Scéim Deontas 2022 le haghaidh Imeachtaí Pobail. €22,400 a bhí sa bhuiséad iomlán a leithroinneadh le haghaidh scéim na bliana 2022. Fuarthas 35 iarratas san iomlán.

Fuaireamar roinnt fiosruithe tar éis an dáta dheireanaigh agus, ós rud é go raibh cistí fágtha gan caitheamh againn, cheadaíomar 5 ghrúpa pobail eile i gcomhair maoiniúcháin ina raibh €3,000 i leith Deontas le haghaidh Imeachtaí.

R-Nuachtlitir Faisnéise Pobail (IN FOCUS - R-Irisí Ceantair/Baile)

Sa bhliain 2022, foilsíodh an ceathrú nuachtlitir faisnéise Pobail, IN FOCUS, agus bhain an nuachtlitir sin le ceantar Ghráig na Manach. Bhí na nuachtlitreacha sin dírithe ar thionscadail Athghiniúna Bailte & Sráidbhailte agus Athghiniúna Tuaithe a cuireadh i gcrích agus a bhí ar siúl ar fud Chontae Chill Chainnigh. Trí na nuachtlitir sin, tugtar faisnéis phobal-bhunaithe don phobal i gcoitinne, lena n-áirítear cúrsaí maoiniúcháin, faisnéis uasdátaithe maidir le tionscadail agus faisnéis faoi thionscadail atá le bheith ann sa todhchaí.

IONAD ILFHEIDHME Faisnéise Athghiniúna Tuaithe
D'fhorbair Comhairle Chontae Chill Chainnigh IONAD ILFHEIDHME ar an láithreán gréasáin chun cabhrú le pobail nascleanúint a dhéanamh agus teacht ho héasca ar fhaisnéis a bhaineann le maoiniúchán le haghaidh Athghiniúint Tuaithe agus Athnuachan Bailte & Sráidbhailte. Mar chuid den leathanach lamairne sin, tá Doiciméid maidir le Pleananna Náisiúnta Beartais na Meithleacha Baile uaslódáilte againn agus, chomh maith leis sin, tá roinnt físeán curtha ar fáil againn ina gcuirtear tionscadail áirithe ar taispeáint. I measc na ndoiciméad eile atá ar fáil, áirítear irisí ar líne IN FOCUS ina ndéantar tionscadail atá curtha i gcrích agus ar siúl fós inár gcuid Bailte agus Sráidbhailte ar fud an Chontae a chur ar taispeáint.



Féach an nasc anseo <https://www.kilkennycoco.ie/eng/publications/rural-regeneration/>

Oíche Ghradaim Phobail Chomhairle Chontae Chill Chainnigh

Seoladh Oíche Ghradaim Phobail Chomhairle Chontae Chill Chainnigh i dTúr na Paráide i gCaisleán Chill Chainnigh Dé Céadaoin, an 23 Feabhra 2022. Le linn an tsearmanais sin, tugadh aitheantas d'obair pobal áitiúil ar fud an Chontae agus gabhadh buíochas leo as a ndúthracht gan teorainn i leith a gcuid tionscadal agus i leith a mbailte agus a sráidbhailte.

Bronnadh na gradaim seo a leanas:

Mórtas Áite:

Comhairle Sheanóirí Chill Chainnigh, KCAT, Callainn agus Sráidbhaile Bhearna na Gaoithe.

Bailte Slachtmhara:

Keep Kilkenny Beautiful, Inis Tíog, Tulchacht agus Bailte Slachtmhara Lios ar Glinn.

Eastáit Shlachtmhara:

Eastáit Mhóra: An Pháirc Nua Íochtarach, Cill Chainnigh, Páirc an tSéipéil, Áth na nUrlainn & Glenvale, Béal Átha Ragad. *Eastáit Mheánmhéide:* Bóthar an Mhuilinn, Inis Tíog, Plás De la Salle, Cill Chainnigh & Páirc Bhréanail, Gráig na Manach. *Eastáit Bheaga:* Clós N. Pádraig, Muileann an Bhata, Cúirt Ghleann Doimhin, Cill Chainnigh & Plás an Ath. Uí Reachtair, An Moinín Rua.



Rinne Taitneamhacht Áineasa Bhaile Mhic Andáin a d'fhorbair Comhairle Chontae Chill Chainnigh an Taispeántas Cispheile Allamuigh ba mhó riamh in Éirinn, chomh maith le hÓcáid do Theaghlaigh, a óstáil.

Tháinig SHOWTIME go Baile Mhic Andáin i mí Iúil le haghaidh an chluiche taispeántais cispheile allamuigh ba mhó riamh in Éirinn! Seoladh an ócáid phobail sin Dé Sathairn, an 9 Iúil 2022, sa taitneamhacht áineasa allamuigh nua-fhorbartha i mBaile Mhic Andáin. Ba ócáid teaghlaigh í sin ar lena linn a tháinig níos mó ná 700 duine áitiúil le chéile chun taitneamh a bhaint as an ócáid seo de chineál féile. Mar chuid de chéad-chothrom na taitneamhachta nua allamuigh seo a bhfuil an-tóir uirthi agus a d'fhorbair Comhairle Chontae Chill Chainnigh, eagraíodh an cluiche iontach seo chun scileanna na nImreoirí is fearr Idirnáisiúnta, Sraithe Náisiúnta agus Gairmiúla a chur ar taispeáint.

Tá an t-ionad seo suite i lár an bhaile agus ainmníodh é le haghaidh Gradam Náisiúnta Mórtais Áite sa chatagóir maidir le forbairt Bailte & Sráidbhailte. Féach an fiseán faisnéise anseo:

<https://www.youtube.com/watch?v=at0gexF9n1o>



Plean Mheitheal Bhaile Challainn (Athbhreithniú)

I mí Mheán Fómhair 2022, rinneadh athbhreithniú ar na gníomhartha a bhí i gceist le Plean Mheitheal Bhaile Challainn. Roghnaigh Comhairle Chontae Chill Chainnigh Callainn mar thionscadal píolótach le haghaidh “Creat i gcomhair Athuachan Láir Baile” a d’fhoilsigh an tAire Post, Fiontar agus Caomhantais sa bhliain 2016. Shainnaithin an Chomhairle Callainn mar shuíomh tosaíochta de bharr mheath dian a gheilleagair agus de bharr líon suntasach na limistéar tréigthe a bhí ann. Bunaíodh Meitheal Bhaile Challainn i mí Eanáir 2018. I bPlean Mheitheal Bhaile Challainn, forbraíodh roinnt gníomhartha a bhí sainaitheanta ag an bpobal áitiúil. Tar éis an plean a athbhreithniú, sainaithníodh go bhfuil os cionn 80% de na gníomhartha curtha i gcrích anois, nó ar siúl fós, agus go bhfuil maoiniúchán suntasach faighte faoi chistí Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte agus Forbartha Athghiniúna Tuaithe na Roinne.

Plean Chomhairle Contae Chill Chainnigh maidir le Míchumas

Sa bhliain 2022, chuir Comhairle Chontae Chill Chainnigh tús le próiseas chun Grúpa inmheánach Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas a chur ar bun agus reáchtáladh an chéad chruinniú de chuid an ghrúpa sin i mí na Nollag 2022. Déanfar an grúpa a fhorbairt tuilleadh sa bhliain 2023.

An Scéim Chaipitiúil i leith Saoráidí Pobail agus Cultúir (CCFCS)

Bronnadh deontais CCFCS ar naoi ngrúpa ar fud an Chontae sa bhliain 2022.

An Scéim Deontas Caipitiúil i leith Saoráidí Pobail agus Cultúir 2022		
Ainm an Iarratasóra	Mionsonraí an Tionscadail	An Méid a Ceadaíodh
1ú Grúpa Gasóg, Cill Chainnigh	Uasghrádú an tsoilsiúcháin láithrigh go soilsiúchán LED, feabhsú na suiteála san áiléar, uasghrádú an choire láithrigh agus suiteáil grianphainéal.	€15,000
Clós Súgartha Leanaí Bigwood	Forbairt saoráidí clóis súgartha.	€35,000
Club CLCG N. Lachtain	Forbairt chosán an chlub CLCG	€40,000
Club CLCG an Charraigín	Athsholáthar taobhphainéal ar fhaiche AstroTurf	€25,000
Club CLCG an Robhair, Inis Tíog	Tuilsoilsiú a chur in airde mar chuid de shaoráid bhalla liathróide láimhe.	€30,000
Club CLCG na Seamróg, Baile Héil	Cosán agus tuilshoilsiú a fhorbairt	€40,000
Ionad Pobail Bhaile Mhic Andáin	Pictiúrlann pobail a fhorbairt	€15,000
Coiste Pháirc Spóirt Bhaile Sheáin	Cosán pobail a fhorbairt	€40,000
Club Peile Cheiltigh Mhóin Choinn	Ráille lucht féachana a chur in airde timpeall faichí imeartha.	€10,000
	IOMLÁN	€250,000



Forbairt Thaitneamhacht CLCG na Gráige/Bhaile Uí Challáin faoi CCFCs 2021

Straitéis Chill Chainnigh maidir le Lánpháirtiú Imirceach/Fóram Lánpháirtíochta Chill Chainnigh

Leanann Comhairle Chontae Chill Chainnigh de bheith ag tacú le cur i bhfeidhm gníomhartha mar atá leagtha amach i Straitéis Lánpháirtíochta Imirceach Chill Chainnigh don tréimhse 2021-2023. Déantar an obair sin i gcomhpháirtíocht LRP Chill Chainnigh agus Cuideachta Chomhpháirtíochta LEADER Chill Chainnigh agus, chomh maith leis sin, i gcomhar le himircigh atá bainteach leis an bpróiseas.

Fóram Imirceach-Comhairleoirí Chomhairle Chontae Chill Chainnigh

D'éirigh le Comhairle Chontae Chill Chainnigh maoiniúchán a fháil ón nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (LGMA chun tacú le bunú Fóraim Imirceach-Comhairleoirí sa bhliain 2021. I rith na bliana 2022, eagraíodh clár a bhain le ceardlanna teagmhála, oideachais agus cumhachtaithe a bhí dírithe ar mhéadú a dhéanamh ar éagsúlacht agus ar uilechuimsitheacht i dtaca le cinnteoireacht de. Leithroinneadh cuid den mhaoiniúchán chun oibrí acmhainne a fhostú ar feadh bliana chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an réimse seo agus chun tacú leis na gníomhartha atá ann sa straitéis lánpháirtíochta. Cuirfear tús leis sin sa bhliain 2023.

Coiste Forbartha Pobal Áitiúil Chill Chainnigh (LCDC)

Leanann Comhairle Chontae Chill Chainnigh de thacaíocht a thabhairt don LCDC. Lean an LCDC de bheith ag teacht le chéile i bpearsa agus go fóirúil de bharr srianta sláinte poiblí sa bhliain 2022 (6 chruinniú. Rinne an LCDC na Deontais faoin gClár Feabhsaithe Pobail agus faoi Chlár 'Éire Shláintiúil' a riaradh go rathúil agus choimeád sé a ról formhaoirseachta ar bun i leith Chlár SICAP Chill Chainnigh. Déanann an LCDC riaradh agus faireachán ar shruthanna éagsúla maoiniúcháin do phobail ina bhfuil eisiamh nó míbhuntáiste sóisialta, lena n-áirítear Gluaiseacht Lucht Siúil Chill Chainnigh (KTCM).

An Plean Áitiúil Eacnamaíochta & Pobail (LECP)

Chuir LCDC Chill Chainnigh tús leis an bpróiseas le haghaidh na chéad ré eile den LECP a chlúdóidh an tréimhse 2023-2028. Cuireadh Coiste Stiúrtha Comhairleach ar bun ag tús na bliana chun an próiseas a stiúradh agus tá obair déanta ag an gcoiste sin i gcomhpháirtíocht leis an gComhairle, leis an LCDC agus le CBS 1. Seoladh comhairliúcháin, agus rinneadh teagmháil, le geallsealbhoirí i rith na bliana. Rinneadh an dréacht-Ráiteas Socheacnamaíochta agus na hAidhmeanna agus na Cuspóirí Ardleibhéil a chomhaontú le linn cruinniú comhphárteach de chuid an LCDC agus CBS 1. Sa bhliain 2023, leanfar den obair ar thorthaí oibre agus gníomhartha ardleibhéil a fhorbairt agus a chomhaontú chun eolas a chur ar fáil le haghaidh an chéad phlean formiúcháin dhá bhliain.

Maoiniúchán faoin gClár Feabhsaithe Pobail (CEP)

Rinneadh Ciste na nGníomhaíochtaí Pobail, faoi scéim CEP, a fhógairt go luath sa bhliain. Fuair Cill Chainnigh suim iomlán €272,638 ann chun tacú le grúpaí, go háirithe grúpaí i gceantair faoi mhíbhuntáiste, i dtaca le costais reachtála/costais oibriúcháin de chineál neamhphá agus, ina theannta sin, chun deisiúcháin/feabhsúcháin riachtanacha a dhéanamh ar a gcuid saoraidí.

Fuarthas 102 iarratas. Ceadaiódh 14 dheontas bheaga suas go luach €1,000, ceadaiódh 31 deontas meánmhéide suas go luach €5,000 agus ceadaiódh 17 ndeontas mhóra suas go luach €20,000.

I mí na Samhna 2022, d'fhógair an Roinn Forbartha Pobail agus Tuaithe Ciste na Tacaíochta Pobail faoin gClár Feabhsaithe Pobail. Fuair LCDC leithroinnt €290,749. Próiseálfar an ciste sin go luath sa bhliain 2023.

Éire Shláintiúil

Lean an Roinn Sláinte agus Pobal de thacaíocht a thabhairt don tríú babhta maoiniúcháin as Ciste 'Éire Shláintiúil' (HIF). Cuireadh tús leis an tréimhse dheontais le haghaidh Bhabhta 4 i Meitheamh 2022 agus leanfaidh sé sin ar aghaidh go dtí an 31 Nollaig 2025 trí chur chuige nua atá bunaithe ar thorthaí oibre a chur i ngníomh sa tréimhse 2023-2025.

Is é is aidhm don mhaoiniúchán sin tacú le heagraíochtaí áitiúla agus eagraíochtaí náisiúnta torthaí oibre a bhaint amach a chuirfidh feabhas ar shláinte agus ar fholláine i gcomhréir le 'Éire Shláintiúil, Creat le haghaidh Sláinte agus Folláine Fheabhsaithe 2013-2025'.

Faoi 'Éire Shláintiúil' (Meitheamh 2022-Nollaig 2025), ceadáíodh buiséad €218,629 don LCDC ar buiséad é atá leithroinnte mar a leanas:

- An méid iomlán maoiniúcháin a bronnadh ar LCDC Chill Chainnigh, Meit-Noll2022.....€40,000
- An méid iomlán maoiniúcháin a bronnadh ar LCDC Chill Chainnigh, le haghaidh Forordú Sóisialta, Meit-Noll 2022€23,629
- An méid iomlán maoiniúcháin a bronnadh ar LCDC Chill Chainnigh, 2023.....€75,000
- An méid iomlán maoiniúcháin a bronnadh ar LCDC Chill Chainnigh, 2024.....€40,000 (méid táscach)
- An méid iomlán maoiniúcháin a bronnadh ar LCDC Chill Chainnigh, 2025.....€40,000 (méid táscach)

Gnóthachtálacha de chuid Chill Chainnigh Shláintiúil 2022

Thacaigh Clár Chill Chainnigh Shláintiúil 2022 le gníomhartha a rinneadh in éineacht le Teaghlaigh Aontuismitheora, le daoine a bhíonn ag maireachtáil faoi mhíchumas, le pobail faoi mhíbhuntáiste agus le Pobal an Lucht Síúil agus leanadh de bheith ag tacú le Seirbhís Forordúcháin Shóisialta Chill Chainnigh. Bá chúis lúcháire do LCDC Chill Chainnigh fáilte a chur roimh Frank Feighan T.D., Aire Stáit Sláinte Poiblí, Folláine & na Straitéise Náisiúnta Drugaí i roinnt ionad ar fud Chill Chainnigh i mBealtaine 2022 chun an obair iontach a thaispeáint a fuair tacaíocht trí bhithin maoiniúchán ó 'Éire Shláintiúil'.



Clé-Deas Malcom Noonan, T.D., Aire Oidhreacht & Athchóiriú Toghcháin; Teresa Hennessy FSS, Janette Boran, Comhairle Chontae Chill Chainnigh, Karin Todd, Fr. McGrath FRC, Frank Feighan, T.D., Aire Sláinte Poiblí & na Straitéise Náisiúnta Drugaí, Amanda de Búrca, Comhpháirtíocht Leader Chill Chainnigh, Ellen Brophy, Pobal Aontuismitheoirí Chill Chainnigh, Declan Gibbons, LCDC Chill Chainnigh



Clé-Deas Declan Gibbons, LCDC Chill Chainnigh; An Comhairleoir Maria Dollard; Helena Power, KTCM; Frank Feighan, T.D.; Will Kinsella, FAI; Eimear Lynch KRSP; Lauren Walsh Kett, KRSP; An Ceannfort Derek Hughes; An Comhairleoir Fidelis Doherty, An Cathaoirleach; Chun Tosaigh; imreoirí a bhí páirteach i gclár Ains Nyuk

Pobal Aontuismitheoirí Chill Chainnigh (KOPC): Lean ciste 'Éire Shláintiúil' de bheith ag tacú le teagmháil le teaghlaigh aontuismitheora i gCill Chainnigh. Chuir an maoiniúchán deiseanna ar fáil do Líonra Aontuismitheoirí Chill Chainnigh chun leas a bhaint as cláir shláinte agus fholláine, chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí sóisialta agus i dtionscadail chruthaitheachta, chun dul i mbun piara-theagmháil shóisialta agus chun faisnéis agus tacaíochtaí a sholáthar. I measc na gclár/ngníomhaíochtaí a bhí ann, áiríodh na nithe seo a leanas: Tuismitheoireacht agus tú Idirscartha, Clár Ealaíon Cruthaitheach agus ceardlanna Ceiliúrtha, Grianghrafadóireacht Fóin Chliste, ceardlann folláine agus féinchúraim, maidineacha caife, gníomhaíochtaí sa Watergate, Butter House agus Acomhal Mhic Donncha.

Clár Sláinte agus Folláine FRC Chlós na Páirce Nua: Fuair FRC na Páirce Nua maoiniúchán chun clár sláinte agus folláine a sholáthar in éineacht le cónaitheoirí sa Pháirc Nua i gCill Chainnigh. Bhí an clár dírithe ar Shláinte agus Folláine, ar Féinchúraim agus ar Chaidreamh Sláintiúil agus ar fheasacht maidir le Drochúsáid Bhaile a mhéadú.

Clár Sláinte agus Folláine Ghluaiseacht Phobal Lucht Siúil Chill Chainnigh (KTCM): FGhlac teaghlaigh de chuid an Lucht Siúil páirt i gClár Sláinte agus Folláine 10 seachtaine inar áiríodh codanna a bhain le bia sláintiúil, gníomhaíocht fhisiciúil, tuismitheoireacht agus sláinte agus folláine mheabhrach. Chomhordaigh Éascaitheoir Sláinte an clár agus bhíodhas i dteagmháil leis na teaghlaigh agus spreagadh dóibh páirt a ghlacadh sa chlár dhá uair sa tseachtain. Bhí torthaí oibre an chlár seo an-rathúil agus bhí tionchar dearfach acu ar iompraíocht sláinte i gcás na dteaghlach a bhí páirteach ann.

Comhpháirtíocht Áineasa & Spóirt Chill Chainnigh (KRSP): Gníomhaíocht Fhisiciúil & Gníomh maidir le Míchumas: Thacaigh an maoiniúchán ó 'Éire Shláintiúil' le soláthar clár gníomhaíochta fhisiciúla do dhaoine atá ag maireachtáil faoi mhíchumas i gCill Chainnigh. Cuireadh na cláir seo a leanas i ngníomh:ampaí samhraidh, cláir shiúil, cláir choillearnaí ar mhaithe le sláinte/dúlra, lámhrothaíocht etc. - bhí leibhéal maith rannpháirtíochta ann ó thaobh seirbhísí agus úsáideoirí seirbhíse de, lena n-áirítear L'Arche, SOS, TASK, St Patricks agus NLN. Tharraing KRSP aird ar thionchar mór na gclár agus ar an tionchar dearfach a bhí acu ar iompraíocht sláinte agus ar rannpháirtíocht sa réimse dláinte agus folláine meabhairshláinte.

Comhpháirtíocht Leader Chill Chainnigh: Forordúchán Sóisialta Chill Chainnigh: Lean ciste 'Éire Shláintiúil' de bheith ag tacú le seirbhís Forordúcháin Shóisialta Chill Chainnigh go dtí mí na Nollag 2022. Is é atá i bhForordúchán Sóisialta ná seirbhís neamhliachta a théann i ngleic le huaigheas agus le leithlisiú trí nasc a chruthú idir an cliant agus na seirbhísí deonacha agus pobail.

Forbairtí Nua

- Earcaíodh Comhordaitheoir Cathrach Sláintiúla/Contae Shláintiúil don tréimhse ó Mheitheamh 2022 go Nollaig 2025.
- Cur chuige torthaí-bhunaithe a thabhairt isteach a bhfuil baint aige le táscairí torthaí de chuid Chreat 'Éire Shláintiúil' agus na gníomhaíochtaí go léir dírithe ar rannchuidiú le toradh (torthaí) ar leith don tréimhse ó Eanáir 2023 go Nollaig 2025.
- Dhá Tháscaire i leith Torthaí Tosaíochta atá molta de bharr próisis chomhairliúcháin áitiúil agus atá ceadaithe ag LCDCh Chill Chainnigh.
- Méadú ar shláinte dhearfach féintuairiscithe agus méadú ar an gcéatadán d'aoisigh agus de leanaí a chomhlíonann treoirilínte maidir le gníomhaíocht fhisiciúil.
- Tús curtha le Tionscadal UcanACT - Gníomh Uirbeach i leith ailse a chosc: bíonn aoisigh agus saoránaigh shinsearacha páirteach i ngníomhaíocht fhisiciúil i spásanna uirbeacha poiblí glasa chun galair ailseacha a chosc - is tionscadal idirearnála é seo atá á mhaoiniú ag an Aontas Eorpach agus trína dtarraingítear fisiteiripeoirí, údaráis áitiúla, eagraíochtaí neamhbhrabúis agus forais ardoideachais agus taighde le chéile.
- Is é is cuspóir foriomlán don tionscadal aoisigh agus saoránaigh shinsearacha a chur ag gabháil do ghníomhaíocht fhisiciúil mar uirlis chun ailse a chosc laistigh de spásanna uirbeacha poiblí glasa.
- I dtaca leis sin de, déanfaidh an mheitheal tionscadail idirdhisciplíneach forbairt ar shraith gníomhartha, uirlisí agus moltaí chun aoisigh agus saoránaigh shinsearacha a chumhachtú chun dearcadh gníomhach a bheith acu i leith a riocht sláinte.
- Ina theannta sin, déanfaidh na comhpháirtithe gníomhartha maidir le gníomhaíocht fhisiciúil coiscthe ailse a chur i bhfeidhm laistigh de thimpeallachtaí dúlra oscailte i dtrí cinn de chríocha píolótacha:
- Bologna (An Iodáil), Cill Chainnigh (Éire), agus München (An Ghearmáin).

Gníomhartha coiscthe aile - gníomhartha ina n-áireofar modúlachtaí éagsúla de chuid na gcleachtaí gníomhaíochta fisiciúla agus iad oiriúnaithe do riachtanais & cumais daoine agus do shaoráidí spásanna uirbeacha poiblí glasa - cuimseofar trí leibhéal coiscthe aile iontu agus beidh siad deartha i gcomhair na ndaoine seo a leanas:

- o daoine atá 50 bliain d'aois agus nach raibh an galar seo orthu riamh (cosc príomhúil)
- o daoine atá 50 bliain d'aois agus a fuair diagnóis aile (cosc tánaisteach)
- o daoine atá 50 bliain d'aois agus atá ag téarnamh tar éis aile a bheith orthu nó a fuair diagnóis aile roimhe sin san am atá caite.

Ar leith ón bpríomh-spríocghrúpa sin, rachaidh UcanAct chun tairbhe d'fhisiteiripeoirí agus, freisin, do ghairmithe sláinte agus oibrithe eolaíochta pobail a oibríonn sa réimse coiscthe aile trí bhíthin gníomhaíocht fisiciúil, baill teaghlaigh, cúramóirí agus lucht riaracháin áitiúil/réigiúnach agus, chomh maith leis sin, trí bhíthin an phobail i gcoitinne.

- Tá dlús á chur ag Comhairle Chontae Chill Chainnigh leis an gcomhrac i gcoinne bochtaine anáis mhíosta agus ghlac sí páirt i dtionscnamh píolótach an Bhille um Tháirgí Míosta (Soláthar Saor in Aisce), 2021, a fuair tacaíocht ón Roinn Sláinte. Sa bhliain 2022, fuair Comhairle Chontae Chill Chainnigh €11,000 chun táirgí a sholáthar i Seomraí Foltha Údarais Áitiúil a bhfuil Rochtain ag an bPobal Orthu ahus don phobal i gcoitinne.

Ghlac na seirbhísí seo a leanas páirt sa tionscnamh agus chuir siad táirgí míosta ar fáil saor in aisce:

- o Foróige, Tearmann Amber na mBan,
- o Óige Osraí,
- o Ionad Acmhainní Teaghlaigh an Mhuilinn,
- o Seirbhís Leabharlainne Chomhairle Chontae Chill Chainnigh - 8 mBrainse
- o Seirbhísí Chomhairle Contae Chill Chainnigh maidir le Daoine Gan Dídean,
- o Ionad Acmhainní Teaghlaigh Chlós na Pairce Nua,
- o Ionad Acmhainní Teaghlaigh an Ath. McGrath, agus
- o Ionad Acmhainní Teaghlaigh 'Droichead', Callainn.

Leanfaidh Comhairle Chontae Chill Chainnigh de bheith ag tacú leis an tionscnamh seo sa bhliain 2023.

Grúpa Idirghníomhaireachta Chill Chainnigh i leith an Lucht Siúil (KTIG)

D'ullmhaigh baill GICCLS Próifíl Anailíse Riachtanas agus Plean Gníomhaíochta 2 Bhliain i gcomhar le Pobal an Lucht Siúil i gCill Chainnigh. Bronnadh maoiniúchán ar KTIG faoi Chlár nua 3 bliana Forbartha Pobail. Sa bhliain 2022, rinneadh forbairt ar Ghrúpa Idirghníomhaireachta Chill Chainnigh i leith an Lucht Siúil (KTIG) agus tá sé ag teacht chun bheith ina phríomhghrúpa ionadaíoch ar son an lucht siúil i gCill Chainnigh.

Comhpháirtíocht Áineasa agus Spóirt Chill Chainnigh (KRSP)

Sa bhliain 2022, cuireadh comhairliúcháin i gcrích leis na príomh-gheallsealbhóirí i leith Straitéis KRSP nua 2022-2025 agus lainseáladh an straitéis nua i mí na Nollag 2022.

Comhairle na nÓg

Sa bhliain 2022, thug Comhairle na nÓg tús áite do Mheabhairshláinte i measc Daoine Óga & do Cheartas Aeráide mar phríomh-shaincheistanna do dhaoine óga i gCill Chainnigh. Mar chuid den tionscadal Meabhairshláinte d'oibrigh Baill na Comhairle le geallsealbhóirí áitiúla chun méadú a dhéanamh ar an méid faisnéise atá ar fáil do dhaoine óga atá ag fulaingt cruatain ina saol. Maidir le Ceartas Aeráide, d'oibrigh siad le Comhairle Chontae Chill Chainnigh chun tuilleadh iompraíochtaí nach ndéanann dochar don aeráid a spreagadh.

Seoladh Cruinniú Ginearálta Bliantúil Bhraínse Chill Chainnigh de Chomhairle na nÓg ar an 25 Deireadh Fómhair 2022 in Óstán Langton. Tháinig os cionn 150 duine óg as meánscoileanna ar fud an Chontae le chéile chun saincheistanna a shainaithint a bhí ag déanamh dóibh agus dá bpiaraí. Ghlac na daoine óga páirt i roinnt Ceardlann agus shainaithin siad na nithe seo a leanas mar na trí phríomh-shaincheist a dhéanann difear do dhaoine óga a bhfuil cónaí orthu i gCill Chainnigh.

- o Easpa nasc iompair le codanna tuaithe de chuid an Chontae.
- o Easpa saoráidí pobail/óige do dhaoine óga.
- o Saincheistanna atá bainteach le scoileanna.

Tar éis vóta deiridh a chaitheamh, roghnaíodh saincheistanna a bhaineann le scoileanna mar phríomhábhar a mbeadh ar Ghrúpa nua Chomhairle na nÓg. Cuimsíonn sé sin éagothromaíocht a bhaineann le hábhair scoile, le cóimheá oibre/saoil, le rochtain ar sheirbhísí meabhairshláinte, le gach cineál bulaíochta, le comhionannas agus le héagsúlacht. Ina theannta sin, léirigh 43 dhuine óga speis i gclárú le grúpa Chomhairle na nÓg 2022/2023.

An Coiste Seirbhísí Leanaí agus Daoine Óga (CYPSC)

Soláthraíonn CYPSC fóram idirghníomhaireachta ar lena linn a thagann soláthraithe seirbhísí do leanaí agus do dhaoine óga chun deimhin a dhéanamh de go bhfuil na seirbhísí is fearr agus is féidir ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga sa Chontae.

Sa bhliain 2020, tharraing an coiste idirghníomhaireachta suas a chéad phlean 3 bliana i leith Leanaí agus Daoine Óga do Chontae Chill Chainnigh. Tá an straitéis sin dírithe ar leanaí agus ar dhaoine óga (0 go 24 bliana d'aois) agus tá sí á cur i bhfeidhm trí fhoghrúpaí ball foirne i seirbhísí túslíne amhail meabhairshláinte, gníomhaíocht fhisiciúil, foghlaim agus forbairt, sábháilteacht ó dhíobháil etc.

Sa bhliain 2022, lean CYPSC Chill Chainnigh de bheith ag obair ar an Phlean Leanaí agus Daoine Óga. Seo a leanas gníomhartha a ndearnadh dul chun cinn ina leith sa bhliain 2022:

- Tacaíocht i ndáil le hoiliúint ar Talk Boost, is é sin, clár Urlabhra Béil Luathbhlianta agus i suíomhanna Bunscoile.
- Méadú feasachta faoi Dhrochúsáid Bhaile trí fhoghrúpa de chuid Líonra Drochúsáide Baile Chill Chainnigh.
- Maoiniúchán i ndáil le hoiliúint ó Thearmann Amber ar Dhrochúsáid Bhaile do ghairmithe túslíne.
- Tacaíocht agus maoiniúchán a thabhairt i ndáil le clár Óige a bhaineann le haistriú go scoil nua, inní agus míchumas agus comhairliúcháin a bhaineann le planáil i leith Chiste 'Éire Shláintiúil'.

Tá maoiniúchán faighte ag CYPSC ó 'Éire Shláintiúil' agus tá clár teaghlach-bhunaithe cothaitheachta sláintiúla agus gníomhaíochtaí físiúla curtha ar bun acu (Sráideanna Sláintiúla) i gcomhar le Foróige agus le hIonad Acmhainní Teaghlaigh an Droichid. Ina theannta sin, chuir CYPSC maoiniúchán 'Éire Shláintiúil' ar fáil do scoileanna agus do chlubanna óige lena chinntiú go dtugtar aghaidh ar riachtanais sláinte agus folláine daoine óga.

CLÁR

Fuair Comhairle Chontae Chill Chainnigh maoiniúchán €420,207 le haghaidh dhá thionscadal déag faoin sruth náisiúnta maoiniúcháin seo.

Suíomh	Tionscadal	Deontas
Soilsiúchán Poiblí Lios ar Glinn	Soilsiúchán poiblí feadh cosán a nascann an scoil náisiúnta le siopa agus leis an eaglais	€21,375
Club CLCG N. Máirtín	Dromchla AstroTurf mar uasghrádú ar MUGA	€50,000
Ionad Pobail Mhaigh Coillí Teo.	Feistiú chistin, café agus siopa an ionaid phobail	€26,933
Forbairt Phobail Bhearna na Gaoithe Teo.	Dromchla crua le haghaidh carrchlós lasmuigh den ionad pobail agus de na seomraí tae.	€50,000
Club CLCG Chill Mogeanna	Siúlán pobail ag an gclub	€40,663
Cúirt Liathróide Láimhe Naomh Aodhan	An chúirt liathróide láimhe a nuachóiriú de réir caighdeán nua-aimseartha	€44,550
Halla Pobail Ghabhalmhaí	Limistéar Gníomhaíochta Ilúsáide sa halla pobail	€42,000
Ionad Pobail & CLCG Sceach an Mhaistín	Leithris phoiblí allamuigh agus leithris phoiblí atá sorochtana ag cathaoireacha rothaí a sholáthair	€50,000
Dolmain Chill Mhóg	Feabhsú bóthair áise	€50,000
Forbairt Phobail Thulchacht	Dromchla tarmac do 3 limistéar taitneamhachta	€16,200
Maigh Coillí	Soilsiúchán poiblí ón crèche go dtí an scoil	€22,186
Bailte Slachtmhara Bhearna na Gaoithe	Soilsiúchán poiblí i gcarchlós limistéar an locha & sa chuid uachtarach den sráidbhaile	€6,300
	IOMLÁN	€420,207

Deontais Chaipitiúla Súgartha & Áineasa

Bhronn an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige maoiniúchán €15,852 i gcomhair athfheistiú Phlás na Deastógála, Clós Súgartha Chill Chainnigh.

Seachtain na Rothaíochta

Seoladh Seachtain na Rothaíochta ón 14 go dtí an 22 Bealtaine 2022. Reáchtáil Comhairle Chontae Chill Chainnigh, Rothaíocht Éireann, Comhpháirtíocht Áineasa agus Spóirt Chill Chainnigh, Feachtas Rothaíochta & Siúil Chill Chainnigh agus clubanna áitiúla rothaíochta imeachtaí Sheachtain na Rothaíochta. I measc bhuaicphointí Sheachtain na Rothaíochta 2022 áiríodh an Clár 'ón Tolg go 40K agus d'eagraigh Kell's Angels, Marble City Cyclers agus Deenside Wheelers Babhtaí Rothaíochta Phobal Spóirt Challainn Seoladh ceardlanna Cothabhála Rothair i meánscoil Loreto agus i meánscoil N. Ciarán agus i bpobail Chill Mhic Bhúith/Áth Stúin. Ghlac bunscoileanna, lena n-áirítear John of God's, St. Patrick's De La Salle, St. John's Senior School agus St. Canice's, páirt sna turais thionlactha bunscoile ar bhealaí i gceantar a scoileanna. Is é atá i Seaimpíní Rothaíochta ná clár ceannaireachta trína soláthraítear scileanna breise do mhic léinn idirbhliana le gur féidir leo oiliúint rothaíochta a chur ar fáil i mbunscoileanna áitiúla. Ghlac 60 mac léinn meánscoile agus níos mó ná 400 mac léinn bunscoile páirt sa chlár sin.



Mar thoradh ar mhaoiniúchán Sheachtain na Rothaíochta, bhíodhas in ann clár Foghlama Rothaíochta a sholáthar do leanaí agus do dhaoine faoi mhíchumas intleachtúil agus fisiciúil.



Áiteanna oibre

D'fhreastail Áiteanna Oibre ar Bhricfeasta Rothaíochta chun eolas a fháil ar chur chun cinn ba rothaíochta san áit oibre agus chun smaointe a mhalartú le cuideachtaí eile.



An Fhéile Rothaíochta

Tháinig Comhairle Chontae Chill Chainnigh agus Rothaíocht Éireann le chéile chun an Fhéile Rothaíochta a eagrú i gCill Chainnigh ar an 22 Bealtaine. Bhí an Fhéile Rothaíochta dírithe ar theaghlaigh agus bhí cuid mhór gníomhaíochtaí rothaíochta agus gníomhaí gaolmhara eile ar fáil chun páirt a ghlacadh iontu. Tiontaíodh tailte Halla an Chontae ina chlós súgartha allamuigh agus ina cheiliúradh ar inbhuanaitheacht don phobal ar fad.

Cuireadh tús leis an bhFéile Rothaíochta trí Bhabhta Mall Rothaíochta sa Chathair agus d'fhreastail daoine i ngach aoisghrúpa agus i ngach grúpa cumais air sin. I measc na ngníomhaíochtaí eile a bhí ar fáil áiríodh babhta agus trialacha r-Rothaíochta, rothair foráiste, cúrsaí faoi rothair chothromaíochta, cúrsaí bacainní, rothaíocht sléibhe agus criosanna easbhóthair. Ní raibh na ngníomhaíochtaí teoranta do réimse na rothaíochta amháin. Cheap Treodóireacht Éireann cúrsa feadh na habhann le haghaidh an lae agus bhí an-tóir ar an lúbra treodóireachta agus ba bhealach iontach é chun eolas a chur ar threodóireacht i limistéar beag sábháilte. Bhí ealaíontóirí áitiúla ann chun bheith páirteach i gceardlanna maidir le hábhair éagsúla amhail túir mhuilinn gaoithe, príontáil agus grianghrafadóireacht plandaí, plandáil síolta, taenna orgánacha agus drumadóireacht d'aoisigh agus do leanaí. Bhí cothabháil rothair ar fáil i rith an lae agus bhí pointe fágála rothair ann le haghaidh an chláir uaschúrsála i leith teaghlaigh Úcránacha.

Bhí Comhairle Chontae Chill Chainnigh agus Rothaíocht Éireann an-sásta leis an gcomhpháirtíocht agus ba ionad iontach é Halla an Chontae i gcomhair gníomhaíochtaí rothaíochta easbhóthair.



Imeacht Deiridh Sheachtain na Rothaíochta - Buifé Rothaíochta

Bhí babhta suaimhneach rothaíochta nó Buifé Rothaíochta ann ar an Aoine chun Seachtain na Rothaíochta a thabhairt chun críche. Thosaigh an babhta rothaíochta an Pharáid ar 6pm, chuaigh sé trí bhealaí ciúine tuaithe agus tháinig sé ar ais go dtí an Chathair le haghaidh sólaistí.

Mar thoradh ar mhaoiniúchán Sheachtain na Rothaíochta, bhíodhas in ann cláir Foghlama Rothaíochta a sholáthar do leanaí agus do dhaoine faoi mhíchumas intleachtúil agus fisiciúil. Tairgeadh seónna bóthair in áiteanna oibre chun spreagadh a thabhairt d'fhostóirí tacú le fostaithe an t-athrú a dhéanamh chuig comaitéireacht ar rothar.



Lá Súgartha Náisiúnta

Leithroinneadh maoiniúchán €3,000 le haghaidh Lá Náisiúnta Súgartha. De bharr shrianta COVID19, agus i gcomhairle le CYPSC, cóimeáladh málaí bronnantas céadfach ina raibh bréagáin oiriúnacha chéadfacha agus dáileadh iad ar 35 theaghlach (ar fud an Chontae) lena dtabhairt do leanaí agus do dhaoine óga faoi mhíchumas. Tá buíochas ar leith ag dul do CYPSC, do Tusla, don FSS agus do Chosaint Shíbhialta Chill Chainnigh a dháil na málaí bronnantas

Cuireadh fáilte mhór roimh an tionscnamh seo i measc na dteaghlach a bhí i gceist. Ina theannta sin cuireadh trealamh súgartha allamuigh do leanaí agus do dhéagóirí Úcránacha ar fáil san Ionad Tithíochta d'Úcránaigh, Clochar Eoin Dé, Bóthar an Choláiste, Cill Chainnigh.

Obair Óige agus Tacaíocht don Óige


Leanann Comhairle Chontae Chill Chainnigh de thacaíocht a thabhairt i leith na hoibre a bhaineann le forbairt óige ar fud an Chontae.

- Cláir Nuálaithe Sóisialta Óga do dhaoine san aoisghrúpa 15-18, agus iad dírithe ar nuálaíocht i réimse saincheisteanna sóisialta a dhéanann difear do dhaoine óga.
- Óige Osraí - Tugadh tacaíocht i ndáil le cláir a sholáthar agus na cláir sin a mhaoiniú.
- Café Óige DRUM - Comhpháirtí maoiniúcháin le TUSLA le haghaidh café óige DRUM atá lonnaithe in Acomhal Mhic Donncha.

SEIRBHÍSÍ LEABHARLAINNE

Gnóthachtálacha Suntasacha

- 15,170 ball i mbliana, sin méadú 136% i gcomparáid leis an mbliain 2021.
- Fuarthas 278,560 ítim, idir leabhair, r-Leabhair agus r-Chlosleabhair, ar iasacht i rith na bliana, sin méadú 57%.
- Tháinig 144,566 úsáideoir leabharlainne ar cuairt chugainn.
- Dáileadh 13,000 Leabhar Gníomhaíochta Bookville ar gach ceann de na 88 mbunscoil ar fud Chill Chainnigh mar chuid dár bhFéile bhliantúil 'Bookville Chill Chainnigh.
- Bhí 46,425 chuairt ar fhíseáin ar fud ár n-ardán meán sóisialta agus YouTube.



Tionscnaimh Náisiúnta

Tionscnaimh Litearthachta 'Ceart chun Léamh': Bhí an-éileamh ar gach sraith de 'Ceart chun Léamh' arís i mbliana. Reáchtálar líon mór seisiún scéalaíochta, ceardlann ar líne agus imeachtaí le haghaidh 'Bí ag Scéalaíocht, Réaltaí an tSamhraidh, Fhéile Leabhar na Leanaí agus Am Teaghlaigh i do Leabharlann.



Mála Beag Leabharlainne:
Bhíomar i dteagmháil le 90 Ionad


Luathfhoghlama agus le cúramóirí leanaí mar chuid den tionscadal seo agus bhronnamar 1,161 mála leabhar ar leanaí réamhscoile agus ar thosaitheoirí scoile chun grá do léitheoireacht agus do leabhair a spreagadh ina measc le linn a luathóige.

Ceadúnais litearthachta
TTRS: I mbliana reáchtáil

Leabharlann Chaisleán an

Chomair tionscadal trínar cuireadh ceadúnais 'Teagmháil Clóscríobh Léigh & Litrígh' (TTRS) ar fáil SAOR IN AISCE do scoileanna áitiúla. Is é atá sa chlár 'Teagmháil Clóscríobh Léigh & Litrígh' ná cúrsa clóscríbhneoireachta ar líne a théann chun tairbhe do dhaltai ag a bhfuil deacrachtaí maidir le léamh, litriú agus scríobh. Tá tairbhe faighte ag 80 dalta as úsáid a bhaint as na ceadúnais seo. Éire i mbun Léitheoireachta: Seoladh ár lá náisiúnta léitheoireachta ar an 25 Feabhra. Reáchtálar sraith cainteanna agus ceardlann do dhaoine i ngach aoisghrúpa agus bhí 2,187 gcuart ann ar ár gcuid imeachtaí ar líne.

Éire i mbun Léitheoireachta: Seoladh ár lá náisiúnta léitheoireachta ar an 25 Feabhra. Reáchtálar sraith cainteanna agus ceardlann do dhaoine i ngach aoisghrúpa agus bhí 2,187 gcuart ann ar ár gcuid imeachtaí ar líne.



Work Matters: D'eagraigh brainsí leabharlainne turais buneolais d'fhoghlaimeoirí Bhord Oideachais agus Oiliúna Chill Chainnigh/Cheatharlach (KCETB). I gcomhar le comhairleoirí treorach gairmréime KCOTB, d'óstáil brainsí leabharlainne seisiún cianrochtana treorach gairmréime. Cuireadh ranganna uilechoiteanna agus seirbhísí iomchuí eile chun cinn trí bhíthin ár gcuid cainéal meán sóisialta.

Éire Shláintiúil i do Leabharlann:

Sa bhliain 2022, d'athchom Éire Shláintiúil ar imeachtaí i mbrainsí. Reáchtálar sraith grúpaí stiúil i leabharlann an Locha Bhuí agus i leabharlann Chaisleán an Chomair áit ar tháinig daoine le chéile chun aclaíocht a dhéanamh chun bualadh le daoine eile agus chun foghlaim faoi stíl mhaireachtála shláintiúil. Sheolamar cainteanna freisin le físteiripeoir agus sainchomhairleoir, Fiona Hall, maidir le cúrsaí glantacháin agus maidir le himní i measc leanaí. D'oibríomar le Meabhairshláinte Éireann chun 3 sheimineár gréasáin a éascú i leith cúig bhealach i dtreo sláinte agus folláine. Chuireamar itheachán sláintiúil ar taispeáint, le comhairle ó Bia Sábháilte Éireann agus seoladh seisiún ióga agus aireachais do leanaí.




Seirbhís Leabharlainne Aoisbháúil

Sa bhliain 2022, chuir ár gcuid leabharlann clár leathan imeachtaí aoisbháúla, lena n-áirítear cóiriú bláthanna, ranganna fuála, cuairteanna ó údair, cainteanna staire agus sraith ceardlann le haghaidh Féile Bhealtaine. Reáchtálar tionscadail idirghlúine i Leabharlann na Cathrach áit ar chuir mic léinn idirbhliana seisiún 'buail isteach' do dhaoine scothaosta chun cabhrú leo nascleanúint ar fóin phóca agus ar fheistí eile. Chomhroinn ciorcal cniotála Leabharlann Chaisleán an Chomair a gcuid scileanna cniotála le rang 5 & 6 de Scoil Náisiúnta Ord na Toirbhearta do Chailíní.



Chuir Seirbhís Leabharlainne Chill Chainnigh deireadh leis an mbliain 2022 tríd an réamhobair a dhéanamh i leith Stádas Aoisbháúil a bhaint amach do gach ceann de na hocht mbrainse leabharlainne faoi Bhealtaine 2023. Go dtí seo, tá oiliúint ar fheasacht Aoisbhá faighte ag foireann na leabharlainne agus tá moltaí sainaitheanta acu a chuirfear i ngníomh le go mbeidh ár gcuid seirbhísí níos Aoisbháúla. Tá baill ár gcuid leabharlann in ann taitneamh a bhaint as cuid de na hathruithe sin cheana féin, lena n-áirítear spás páirceála nua Aoisbháúil lasmuigh dár mbrainsí i gCaisleán an Chomair agus in Áth na nUrlainn.



Deich mBliana na gCuimhneachán agus Staidéir Áitiúla: Mar chuid de chlár leanúnach Leabharlann Chomhairle Chontae Chill Chainnigh i ndáil le méadú na feasachta faoi imeachtaí áitiúla 'Deich mBliana na gCuimhneachán', soláthraíodh an clár seo a leanas don phobal.

Podchraoltaí: Forbraíodh 13 chlár maidir le himeachtaí na bliana 2023 ar podchraoltaí iad a ndearna an staraí, Eoin Swithin Walsh, an taighde lena n-aghaidh, agus ar chuir sé i láthair iad, agus tá siad ar fáil ar láithreán gréasáin leabharlainne.

Sraith Léachtaí: Ba chúis pléisiúir don Leabharlann athchromadh ar na léachtaí poiblí inti den chéad uair ó bhí an bhliain 2019 ann. Bhí an-éileamh ar léachtaí maidir le hábhair amhail dó na dtithe móra agus cinsireacht i rith na nDeich mBliana agus maidir le hábhair amhail saol Tom Treacy agus dó Theach Chluain Dúin.


Digitíú: Choimisiúnaigh an Leabharlann digitíú leabhair mhiontuairiscí Chomhairle Chontae Chill Chainnigh a chlúdaíonn an tréimhse 1910 - 1926, an tréimhse ó Rialtas Dúchais, Cogadh na Saoirse, an Cogadh Sibhialta agus forbairt an rialtais áitiúil i gCill Chainnigh. Tá na nithe sin go léir ar fáil i gCartlann Dhigiteach Chill Chainnigh.



Seachtain Oidhreachta: Ba í an bhliain 2022 an chéad bhliain tar éis Covid 19 a glacadh le daoine den phobal inár mbrainsí arís. I measc na n-imeachtaí a bhí ann áiríodh ranganna ginealais, nochtadh saothair uathúil ealaíne de chuid thionscadal Common Thread, machnamh ar shaol mhná Chill Chainnigh 100 bliain ó shin agus lainseáil leabhair faoi James Hoban, Ailtire an Tí Bháin i gCallainn.

Éire Ildánach

Bookville Chill Chainnigh: D'éirigh go hanmhaith lenár 6ú féile i ndiaidh a chéile ar ina leith a seachadadh 13,000 leabhar gníomhaíochta sainfhorbartha ar gach dalta bunscoile i gCill Chainnigh, a ullmhaíodh 6 fhíseán ar líne, a cuireadh taispeántas Bookville ar siúl agus a eagraíodh 50 imeacht beo. Chuireamar leanaí as áiteanna ar fud an Chontae ar an eolas faoi 38 n-ealaíontóir, idir údair, mhaisitheoirí agus thaibheoirí, agus 7 n-údar as Contae Chill Chainnigh ina measc.



An Nollaig sa Carnegie: Ar an 13 Nollaig, bhain os cionn 430 duine taitneamh as lá imeachtaí chun An Nollaig sa Carnegie a chomóradh in oirchill an aistrithe chuig Leabharlann nua Mayfair. An lá sin, chuir an scéalaí, Liz Weir, an ceoltóir áitiúil, Mark Anthony McGrath, an t-aisteoir áitiúil, Jimmy Rhatigan, an Staráí, an Dr Mary, an scríbhneoir áitiúil Gerry Moran agus an t-aoi speisialta, Pauline McLynn, ábhar siamsaíochta i láthair daoine as gach aoisghrúpa.



CLÁIR & IMEACHTAÍ

Slí na Scéalta: Laineáladh ár rian allamuigh Scéalaíochta sa bhliain 2022 i gCluain Dúin, Inis Tiog, chun deis a thabhairt do theaghlaigh agus do leanaí taitneamh a bhaint as léitheoireacht teaghlaigh allamuigh, saor in aisce agus féinstiúrtha ina dtarraingítear cruthaitheacht, léitheoireacht agus cleachtadh coirp le chéile ar bhealach spráitúil idirghníomhach.

Club Leabhar Fíorúil: Lean ár gClub Leabhar Fíorúil de bheith ag bisiú i mbliana agus spás 24/7 á thairiscint aige le go mbeadh deis ag os cionn 151 bhall plé a dhéanamh faoi leabhair a bhí molta lena léamh.



OWL 2022: I rith an Gheimhridh, d'óstálar clár litearthachta a bhí dírithe ar disléisce. D'óstáil an Dr. Mary Roche 3 cheardlann maidir le bainistiú cainte béil. D'eagraíomar ceardlanna do dhéagóirí, do leanaí agus d'aoisigh agus áiríodh imeachtaí idirghníomhacha amhail bláthfhleasca a dhéanamh agus caint bhéil a fhorbairt.

Cúrsaí Aeráide/GIY: D'áirigh clár na bliana 2022 imeachtaí maidir le téamaí na hinbhuanaitheachta, na huaschúrsála agus na hathchúrsála. Baineadh leas as rath an tionscnaimh 'Fás Tú Féin É' sa bhliain 2021 agus dáileadh síolta breise ar líonra na Men's Sheds, ar ionaid áitiúla luathóige agus ar scoileanna. Cuireadh téama na maireachtála inbhuanaithe chun cinn trí bhíthin ceardlanna éagsúla amhail déanamh gallúnaí agus gníomhaíochtaí 'Fás Tú Féin É'. Seoladh ceardlanna fuála i bPort an Chalaigh agus in Áth na nUrlainn chun uaschúrsáil éadaí agus athúsáid ábhar áirithe a spreagadh. Bhí fearais sábhála fuinnimh ar fáil freisin i ngach leabharlann agus bhí an-tóir orthu i measc an phobail i gcoitinne.

Tacaíochtaí d'Úcránaigh: Rinneamar infheistíocht i roinnt leabhar Úcráinise agus d'oibríomar le hIonad Oibrithe Deonacha Chill Chainnigh chun treoracha maidir le húsáid na leabharlainne agus ár gcuid seirbhísí a aistriú go hÚcráinis. Seoladh seisiúin scéalaíochta agus imeachtaí eile chun fáilte a chur roimh úsáideoirí nua sa leabharlann.

Breithlá 10 mBliana Phort an Chalaigh: Cheiliúramar breithlá 10 mbliana Leabharlann Phort an Chalaigh i mí na Nollag trí maidin cheoil chaife a réachtáil.

Comhpháirtíochtaí: Chomhoibríomar go gníomhach, agus chuamar i mbun comhpháirtíochta, le raon eagraíochtaí, gníomhaireachtaí agus grúpaí pobail, amhail Bord Oideachais & Oiliúna Chill Chainnigh/Cheatharlach,


Ionad Oideachais Chill Chainnigh, Coiste Cúraim Leanaí Chill Chainnigh, Cill Chainnigh Shláintiúil, Music Generation, Ionad Oibrithe Deonacha Chill Chainnigh agus Calmast, i dtaca leis an ábhar seo. Ghlacamar páirt i bhféilte náisiúnta agus i bhféilte áitiúla amhail Seachtain na Gaeilge, An Lá Náisiúnta Filíochta, Oíche Chultúir, Seachtain na Forbartha Inbhuanaithe, Mí na hAthúsáide, Deich mBliana na gCuimhneachán, Féile na Nollag, Féile Bhealtaine, Seachtain na hOidhreacht agus Seachtain na hEolaíochta.





Faisnéis & Cumarsáid

- I gcomhpháirtíocht le Meitheal Bhaile Áth na nUrlainn agus le hÁth na nUrlainn 'Ag Gluaiseacht', ceannaíodh aonad LapSafe le haghaidh Leabharlann Áth na nUrlainn agus, dá bharr sin, bhíodhas in ann 8 ríomhaire glúine a thabhairt ar iasacht lena n-úsáid sa leabharlann.
- Bhíomar gníomhach ar ardáin agus ar mheáin éagsúla chun daoine a chur ar an eolas faoinár gcuid seirbhísí, saoráidí agus imeachtaí.
- Cheannaíomar Léamh-Phinn breise (C-Pens) do gach leabharlann chun cabhrú le daoine ar a bhfuil disléicse, le daoine a bhfuil deacracht acu maidir le léamh agus fuaimniú, le foghlaimoirí Béarla agus le daoine a bhfuil fadhbanna amhairc acu.



TACAÍOCHTAÍ LÉITHEOIREACHTA

Seirbhísí Scoile: WBhíomar i dteagmháil le gach bunscoil agus le gach scoil iar-bhunoideachais i gCill Chainnigh, d'eagraíomar cuairteanna ar ranganna, rinneamar cur i láthair agus thairgeamar ar gcuid Boscaí Acmhainní 'Aistear' do gach rang naíonán. Dáileadh pacáí acmhainní múinteora sa bhliain 2022 agus cuireadh bróisiúir ar fáil le haghaidh ár mbailiúcháin úrscéalta ranga, ár mbailiúcháin leabhar céadfach, ár mbailiúchán leabhar agus bréagán céadfach agus ár mbailiúcháin 'Aistear'.



Acmhainní Céadfacha: Leanamar dár mbailiúchán bréagán agus leabhar céadfach a mhéadú agus a chur chun cinn agus chuireamar rochtain saor in aisce ar threalamh agus ar bhréagáin speisialtóireachta ar fáil agus an méid sin dírithe ar fhorbairt a dhéanamh scileanna luaile, súgartha agus saoil do theaghlaigh agus do leanaí ar mó an gá atá acu leo.

An tSeirbhís Leabharlainne Soghluaiste: Rinneadh oiriúnú ar bhealaí na seirbhíse leabharlainne soghluaiste chun freastal níos fearr a dhéanamh ar riachtanais úsáideoirí. Cuireadh tithe altranais, scoileanna agus ionaid luathfhoghlama breise san áireamh de bharr éileamh méadaithe agus tá 32 scoil, 19 nIonad Cúraim Leanaí agus 5 theach altranais againn anois ar ár mbealach leabharlainne soghluaiste ar fud phobail Chill Chainnigh.



Maoiniúchán

D'éirigh le hiarratas a rinneamar ar mhaoiniúchán agus fuairamar €146,356 ó raon foinsí maoiniúcháin, lena n-áirítear Ciste na gCuntas Díomhaoin, Deich mBliana na gCuimhneachán, an Bord Oideachais agus Oiliúna, Éire Ildánach agus Éire Shláintiúil.

Forbairt Seirbhíse agus Bonneagar



- Rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le Leabharlann Mayfair agus críochnaíodh an díon i mí na Nollag 2022.
- Leanadh de leabhair agus stoc a cheannach agus a phróiseáil i rith na bliana mar ullmhúchán le hoscailt na leabharlainne sa bhliain 2023.
- Rinneadh dul chun cinn maidir le tionscadal caipitiúil i mBaile Mhic Andáin agus baineadh céim 2 amach.
- Cuireadh fuinneoga nua ar fáil i Leabharlann Ghráig na Manach.
- Rinneadh athchóiriú sa spás inmheánach in Áth na nUrlainn.

An Fórsa Saothair

Leanann Seirbhís Leabharlainne Chill Chainnigh de bheith réamhghníomhach i ndáil le scileanna nua agus oiliúint a chur ar fáil don fhoireann a mhéid a bhaineann le réimsí iomchuí d'fhonn feabhas a chur ar an tseirbhís a sholáthraímid dár bpobal ilchineálach. Rinne líon mór ball foirne cúrsaí speisialtóireachta leabharlainne agus, faoi láthair, tá beirt bhall foirne i mbun oiliúna chun cáilíocht ghairmiúil sa Leabharlannaíocht a bhaint amach.

Déanann an Oifig Ealaíon gníomhaíocht ealaíne a fhorbairt, a chomhordú, a spreagadh, a ghríosú agus a chumasú ar fud Chathair agus Chontae Chill Chainnigh. Cuireann an Oifig na healaíona chun cinn mar ghníomhaíocht fhiúntach do gach uile dhuine agus oibríonn sí chun staid Chill Chainnigh mar ionad sármhaitheasa i leith na n-ealaíon a neartú tuilleadh agus trí dheimhin a dhéanamh de go bhfuil timpeallacht rathúil rachmasach ann do na healaíona sa réigiún. Ina theannta sin, tacaíonn an tOifigeach Ealaíon le Clár na hOifige Ealaíon i leith Clár Éire Ildánach Chill Chainnigh a éascú agus a chomhordú.

Gnóthachtálacha Suntasacha sa bhliain 2022

- D'oibrigh 413 dhuine, idir Ealaíontóirí agus Chruthaitheoirí, in éineacht leis an Oifig Ealaíon.
- Ghlac 42,106 dhuine páirt i gcláir de chuid na hOifige Ealaíon sa bhliain 2022.
- Bronnadh 41 sparánacht sa bhliain 2022.
- Bhí 15,400 duine páirteach i gcláir de chuid na hOifige Ealaíon i rith na bliana.
- Ghlac 31,355 dhuine, idir theaghlaigh agus leanaí, páirt i bhFéile Bookville.

FORBAIRTÍ NUA

Cónaitheacht Óige Amharc-Ealaíon

Comhpháirtíocht idir Comhairle Chontae Chill Chainnigh, Óige Osraí agus Ionad Óige 'Drum'. Ba í Aoife Doherty an t-iarratasóir ar éirigh léi agus chuaigh sí i mbun na cónaitheachta sa dá ionad óige sa chathair sa tréimhse ó Mheán Fómhair go Nollaig 2022. Ba iad aidhmeanna agus cuspóirí na cónaitheachta spás sábháilte a chruthú do dhaoine óga chun scrúdú a dhéanamh ar a gcruthaitheacht, chun éagsúlú a dhéanamh agus a rannpháirtíocht sna hamharc-ealaíona a mhéadú, chun feabhas a chur ar an bhfoghlaim atá faighte acu ar scoil agus lasmuigh de shuíomh na scoile. Spreagadh dóibh díriú ar phróiseas na déantóireachta agus gan bheith ag díriú an oiread sin ar thorthaí oibre, agus fuair siad eolas faoi ábhair éagsúla, faoi bhealaí chun ealaín a dhéanamh agus a chruthú, agus faoi obair a dhéanamh ar bhealach nuálach. Rinneadh foilseachán suimiúil ina raibh cur síos ar na gníomhaíochtaí a bhí i gceist a ullmhú ag deireadh na cónaitheachta.

Lainseáil Mapa Scríbhneoirí

Mar chuid dár bhfreagairt ar chlár 'Is Fiú Guth S'Agatsa 2021', d'fhorbraíomar Mapa Scríbhneoirí. Baineann an Mapa seo go sonrach leis na seirbhísí & leis na cláir a thairgeann Oifig Ealaíon Chill Chainnigh d'ealaíontóirí nua, d'ealaíontóirí atá ag teacht chun cinn agus d'ealaíontóirí seanbhunaithe mar chuid dá dturas tríd an ngairmréim atá roghnaithe acu. Lainseáladh an Mapa i Meitheamh agus bhí Seisiún Micreafóin Oscailte ann i ndiaidh na lainseála.

LITRÍOCHT

Foilsíodh **Mórbhileog Filíochta Chill Chainnigh** - an 22ú heagrán den Mhórbhileog Filíochta a mbíonn an-éileamh uirthi. Fuarthas 108 ndán san iomlán ó seasca file. Roghnaigh an tEagarthóir, Elaine Feeney, ceithre dhán déag lena bhfoilsíú. Den chéad uair le trí bliana anuas, eagraíodh lainseáil i bpearsa mar chuid d'Fhéile Ealaíon Chill Chainnigh. Bhí na dánta a foilsíodh ar fáil ar an bhFón Filíochta freisin: Saorfón 1800 272 994.

Ceardlanna Bliantúla Scríbhneoireachta d'Aosaigh - San Earrach agus san Fhómhar, éascaíodh dhá chúrsa scríbhneoireachta - '*Character Development & Story Structure*' in éineacht leis an scríbhneoir, Ken Bourke, agus d'éascaigh an t-úrscéalaí, an scríbhneoir gearrscéalta, an drámadóir agus an craoltóir, John MacKenna cúrsa dar teideal '*Steps to a Story*'. Bhíothas an-sásta leis na cúrsaí.

Sparánacht Mheantóireachta Words Ireland - Roghnaigh Áras Scríbhneoirí na hÉireann na scríbhneoirí áitiúla Nuala Roche agus Caoileann O'Mahony as measc níos mó ná 300 iarratasóir chun meantóireacht ghairmiúil litríochta a fháil thar thréimhse 8 mí ó scríbhneoir clúiteach Éireannach a roghnaigh siad féin. Faigheann an próiseas meantóireacht maoiniúchán ó Chomhairle Chontae Chill Chainnigh agus ó Chomhairle Ealaíon na hÉireann agus is atá i gceist leis ná ceithre chruinniú idir 'an meantaí' agus an meantóir atá roghnaithe acu chun tacaíocht, comhairle agus aiseolas criticiúil a fháil faoina gcuid oibre reatha.

Fón Filíochta - Roghnaigh an scríbhneoir, Colm Keegan, an paroilimpeach, Mary Fitzgerald agus an cócaire agus an scríbhneoir bia, Edward Hayden, dánta as mórbhileoga a bhí foilsithe againn agus as ardán Rhyme Rag platform le haghaidh ár bhFón Filíochta 2022. Is féidir le haon duine ar fud oileán na hÉireann glaoch a dhéanamh saor in aisce agus éisteacht le dánta de chuid fhilí Chill Chainnigh

TACAÍOCHTAÍ D'EALAÍONTÓIRÍ

Meantóireacht Amharc-Ealaíon (ArtLinks) - Bhí an clár seo ina chuid de Chlár Tacaíochtaí d'Ealaíontóirí i gCill Chainnigh sa bhliain 2022 agus, mar thoradh air, tugadh deis do naonúr ealaíontóirí bualadh i bpearsa le sainmheantóir ag a raibh oilteacht ina bhfoirm ealaíne chun plé agus forbairt a dhéanamh leis an réimse ealaíne ina gcleachtann siad. Le linn na seisiún, soláthraíodh treoir shaineolach, tacaíocht phraiticiúil agus comhairle. Bhí an Clár seo ar fáil d'amharc-ealaíontóirí Chill Chainnigh a bhí ina mbail chláraithe de chuid ArtLinks.cruinnithe Seachtainiúla Céadaoine - Bhí an clár ar líne CPD 'Cruinnithe Seachtainiúla Céadaoine' dírithe ar Litríocht agus Scríbhneoireacht. D'áirigh na seisiúin na nithe seo a leanas: comhrá leis an gComhairle Ealaíon, le hÉigse Éireann agus le hÁras Scríbhneoirí na hÉireann, 'Paths to Publication' leis an scríbhneoir, Hazel Gaynor, seisiún dar teideal 'Read Closely & Widely' leis na filí Jessica Traynor agus Anne Marie Ní Churreain, agus 'Making the most of Social Media and online promotion' le Úna-Minh Kavanagh, iriseoir agus cruthaitheoir ábhair ilmheán. Arís eile, bhíothas an-sásta leis an gclár seo.

ArtLinks - clár comhpháirtíochta CPD ina n-áirítear Comhairlí Contae Chill Chainnigh, Cheatharlach, Phort Láirge agus Loch Garman. Bronnadh deich sparánacht agus fuair naonúr meantaithe maoiniúchán sa bhliain 2022. Leanadh de láithreacht ealaíontóirí ar chainéil meán sóisialta ArtLinks.

An Plean Ceoil - d'oibrigh an Oifig Ealaíon le First Music Contact agus le hOifigí Ealaíon Údaráis Áitiúil Cheatharlach, Phort Láirge agus Loch Garman chun sraith forbartha gairmiúla ardleibhéil a chur ar fáil do cheoltóirí sna contaetha sin. Ina theannta sin, cruthaíodh deis do cheoltóirí sna contaetha sin aiseolas a thabhairt maidir leis na tacaíochtaí áitiúla a bhfuil gá leo chun a ngairmréimeanna a fhorbairt amach anseo. Ba é ab aidhm dó sin tuiscint níos fearr a fháil i dtaobh cén chéim atá bainte amach ag ceoltóirí ina ngairmréimeanna agus cén chéim ba mhaith leo í a bhaint amach agus cad iad a gcuid riachtanas. Bainfear úsáid as an gclár seo, agus as an fhaisnéis a fhaightear mar thoradh air, le linn na hoibre a dhéanfar sa todhchaí agus cumasóidh an méid sin don Oifig Ealaíon tacú le ceoltóirí i dtaca lena ngairmréimeanna a chur ar aghaidh.

Coimeádaí Nua Cónaitheach - chun a chumasú do choimeádaithe nua taithí dhíreach a fháil ina réimse oibre agus chun tacú le healaíontóirí nua & le healaíontóirí seanbhunaithe. D'eagraigh ár gCoimeádaí Nua Cónaitheach 2022, Sinead Keogh, sraith trí chlár i rith na bliana. Chuir Sinead tús leis an mbliain trí sheó aonair saothar fileata misniúil de chuid an phéintóra nua, Lee Shanahan, dar teideal 'A Human Voice', a eagrú. Ba é a bhí i dteideal an dara tionscadal ná MATRIARCH agus bhí sé ceaptha chun ceiliúradh a dhéanamh maidir le ban-ealaíontóirí os cionn 65 bliana d'aois a bhfuil gairm na healaíne cleachta acu ar feadh cuid mhór dá saol agus ban-ealaíontóirí scothaosta a chur chun tosaigh i dtaca le múnú cumhachtach a dhéanamh ar an timpeallacht ealaíon ina n-oibríonn siad. Bhain gach imeacht ar leith go sonrach leis an láithreán inar seoladh é agus ba áiteanna iad sin a raibh suntasacht shiombaileach acu. Áiríodh an tionscadal mar chuid d'Fhéile Ealaíon Chill Chainnigh trí chainteanna, taispeántais, taibhiúcháin agus closturais a eagrú ina leith. Ba é a bhí sa tríú clár, arbh é an clár deiridh don bhliain é, ná clár dar teideal RESILIENCE inar áiríodh taispeántas, closturas ar líne, tadhall-turas leis an NCBI, Taispeántas Thearmann Ban Amber agus plé painéal i nGailearaí na mBuitléireach.

Comhpháirtíocht KCLR - An Seó Ealaíon - Le maoiniúchán ó Chlár 'Éire Ildánach' Chomhairle Chontae Chill Chainnigh, chomhléirigh Oifig Ealaíon Chinn Chainnigh agus raidió KCLR Seó Ealaíon 12 sheachtain ar lena linn a comhroinneadh gníomhaíochtaí ealaíon agus cultúir agus a tarraingíodh aird ar na nithe sin. D'áirigh sé próifiliú cleachtóirí gairmiúla agus tarraingíodh aird ar thaithí daoine ar fhoirmeacha ealaíne agus ar thionscadail phobail ar tríothu a bhí guth á thabhairt d'ealaíontóirí agus go ghníomhaíochtaí cruthaitheacha ar fud an Chontae. Agus, ina theannta sin, leathnaigh agus d'éagsúlúigh sé sin an t-eolas réigiúnach agus an lucht féachana féideartha agus ba dheis í chun aird a tharraingt ar luach agus tábhacht intreach na n-ealaíon agus, chomh maith leis sin, ar na tairbhí eacnamaíochta agus sóisialta a bhaineann leo. Is féidir éisteacht le seónna arís ag: <https://kclr96fm.com/the-arts-show-with-hugo-jellett/>

Deontais faoin Acht Ealaíona 2022 - Bronnadh ocht ndeontas déag ina raibh luach iomlán €22,000. I measc na bhfoirmeacha ealaíne a bhí ann áiríodh Litríocht, Amharclannaíocht, Dráma, Ceol, Ilmheáin, Ildisciplín, Amharc-Ealaíona agus Cuilteáil/Píosáil.

Oideachas Pobail & Uilechuimsitheacht - Rinneadh ceapadh agus cur i gcrích clár ardchaighdeán pobail agus oideachais a oireann don earnáil ilchineálach seo.

Comharghrúpa Ealaíon Pobail ‘Ciorcal Oscailte’ – D’áirigh clár 2022 ‘Ciorcal Oscailte’ scríobh Cuimhní Cinn in éineacht le Tara Heavey, Scéalaíocht & Fuáil agus tionscadal Common Thread in éineacht le Carrie Lynam. Nochthead obair ealaíne Common Thread i Leabharlann Chathair Chill Chainnigh tráth a raibh cúig dhuine is dáichead i láthair nuair a bhí deis acu foghlaim faoin tionscadal taighde, teagmháil a dhéanamh leis na mná a bhí bainteach leis agus tuiscint a fháil ar na teicnící agus ar na scileanna a bhain le déanamh na hoibre ealaíne. Ba é clár Chill Chainnigh i dtaca le Deich mBliana na gCuimhneachán a mhaoineigh an tionscadal le tacaíocht ó Leabharlann Chathair Chill Chainnigh agus ó Ealaíona ‘Ciorcal Oscailte’. Bhí ócáid chomhoibritheach idir Ciorcal Oscailte, Ionad Ealaíon KCAT agus KCETB ann i rith dheireadh seachtaine N. Pádraig. D’óstáil siad trí lá de cheardlanna lena n-áirítear déanamh priontaí Lino, éicea-ealaín, bláthanna poill cnaipe agus líníocht luibheolaíochta. Seo a leanas nasc chuig físeán gairid ina dtarraingítear aird ar an deireadh seachtaine <https://opencirclearts.ie/st-patricks-festival-2022-popup/>

Óstáladh Ceardlann Bhróidnéireachta Oíche Chultúir chun comhrá agus fuáil a éascú ar bhonn na hoibre ealaíne, Common Thread, a bhí déanta ag Ciorcal Oscailte go gairid roimhe sin. Bhróidnigh an dáréag daoine a bhí i láthair íomhá simplí a fuarthas ón amharc-thaighde a rinne na rannpháirtithe a chruthaigh an obair ealaíne bhróidnithe dar teideal Common Thread. Freastalaíodh ar gach leibhéal taithí agus soláthraíodh ábhair agus uirlisí.

Tionscadal Ealaíon Pobail Aoisbháúil ‘Cniotáilte Le Chéile’ – rinne 348 rannpháirtí cniotáil agus cróiseáil agus d’fhreastail siad ar ár moil déantóireachta i gCathair Chill Chainnigh (3), i nGráig na Manach, i gCallainn agus i bPort an Chalaigh i rith na bliana. I mbliana, bhí trí cinn de Men’s Sheds, dhá cheann i gCill Chainnigh agus ceann amháin i nGráig na Manach, páirteach sa tionscadal seo agus rinne siad stólta iontacha a phéinteáil siad agus fuair roinnt acu clúdaigh chróiseáilte macramé lena gcur orthu. Dáileadh os cionn nócha plaincéad agus stólta ar shiopaí carthanais áitiúla agus bhí ráchairt an-mhór orthu. I gcomhair Oíche Chultúir, d’óstáil tionscadal ‘Cniotáilte Le Chéile’ ceardlann ‘buail isteach’ do leanaí agus d’aosaigh i bPlás na Paráide. Bhí roinnt leanaí agus aosach andúthrachtach ann agus iad ag obair ar a gcuid bláthanna agus bráisléad agus bhí oíche phléisiúrtha ag gach duine. Bhí Rian Siopaí Carthanais ‘Cniotáilte Le Chéile’ ann ina raibh na plaincéid áille go léir le feiceáil agus, ar ndóigh, bhí na stólta iontacha a bhí déanta ag Men’s Sheds le feiceáil freisin. Rinneadh measúnú ar an imeacht ar an 18 Deireadh Fómhair in Amharclann Set agus, le linn seisiún tae agus scónaí, tugadh aiseolas i dtaobh cén fáth go raibh an tionscadal seo chomh tábhachtach sin do na rannpháirtithe. Bhí dúil ag na rannpháirtithe sa tsaoirse a bhí ann chun bheith cruthaitheach, chun cairde nua a dhéanamh agus chun rudaí nua a fhoghlaim. Bhí gach duine ar aon intinn go raibh tionchar dearfach ag rannpháirtíocht i dtaca lena bhfolláine de agus gur spreag an déantóireacht, mar dhaoine aonair nó in éineacht le daoine eile, suaimhneas agus go raibh éifeacht ciúnaithe aici. Cheap cuid mhór daoine go raibh sí teiripeach le haghaidh a lámh, go háirithe daoine ar a bhfuil galar Parkinson agus bhí gach duine ar aon intinn go ndéanfaidís arís é.

Oíche Chultúir – Oíche náisiúnta ar lena linn a dhéantar ceiliúradh ar gach rud trína gcuirtear saibhreas agus éagsúlacht an chultúir in Éirinn in iúl. Bhí clár ilchineálach imeachtaí ar fáil i gCill Chainnigh agus d’óstáil naoi n-ionad sa Chathair imeachtaí éagsúla. Bhí Cóisir Bhloic ann agus DJ-anna beo i láthair, osclaíodh seomraí seanré don phobal agus bhí taibhiú ceoil bheo mheánaoiseach/renaissance ann mar aon le taispeántas RESILIENCE, turais chlosamhairc saor in aisce ar Thaithí Chill Chainnigh ar an nGorta Mór in Ionad Siopadóireachta Acomhal Mhic Donncha, Déantóirí Óga Scannán de chuid na hÉireann a chuir gearrscannáin daoine óga ar taispeántas, gan trácht ar chuid mhór imeachtaí eile. I measc na n-imeachtaí uile-Chontae a bhí ann airíodh seodra agus miotalóireacht, imeacht scríbhneoirí sa Mhóinín Rua a bhí dírithe ar théama na mianadóireachta guail agus cultúr áitiúil trí bhithin filíochta, amhránaíochta agus damhsa. Léirigh Ionad Lachtain, Achadh Úr, imeacht ceoil, oidhreacht agus drámadóireacht agus seoladh ceardlanna i mBaile Mhic Andáin, eagraíodh seisiún filíochta sa Barrow i nGráig na Manach mar aon le siamsaíocht amharclainne agus imeachtaí éicea-ealaíne ag Ionad Ealaíon KCAT i gCallainn. D’fhreastail os cionn 2,000 duine ar imeachtaí Oíche Chultúir i gCill Chainnigh.

Fóirdheontais Scoile - Thug an Oifig Ealaíon fóirdheontais iompair do 1,122 leanbh bunscoile le go mbeidís in ann freastal ar dhá imeacht amharclainne a bhí á reáchtáil ag Complacht Amharclainne Barnstorm: Swansong agus The Elves and the Shoemakers.

Mar chuid d’**Féile Leanaí Bookville** áiríodh caoga imeacht beo in éineacht le cúig ealaíontóir is fiche a raibh údair agus maisitheoirí náisiúnta & idirnáisiúnta ina measc. Ina theannta sin, d’áirigh an Fhéile roinnt físeán ar líne agus leabhar Fhéile Bookville ina raibh daichead leathanach. Dáileadh os cionn 13,000 leabhar ar bhunscoileanna ar fud Chill Chainnigh, is é sin, leabhar amháin do gach leanbh bunscoile sa Chontae. Bhí saothar ceathrar maisitheoirí le feiceáil le linn taispeántas Bookville san Amharclann Watergate agus bhí leathanaigh ghníomhaíochta a bhain leis an taispeántas le fáil i leabhar Bookville a bhí ann chun an taispeántas a chomhlánú. Bhí 31,335 duine sa lucht freastail iomlán i mbliana.

Chuir an Oifig Oidhreachta clár cuimsitheach tionscadal, deontas agus tionscnamh i bhfeidhm sa bhliain 2022. Chómhaoineigh Comhairle Chontae Chill Chainnigh agus raon leathan comhpháirtithe na tionscadail agus i measc na gcomhpháirtithe sin áiríodh an Chomhairle Oidhreachta, an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta, Éire Ildánach, agus Aonad Cumarsáide na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

GNÓTHACHTÁLACHA SUNTASACHA

Ciste na Séadchomharthaí Pobail 2022

Fuair 3 thionscadal suim €211,200 san iomlán ó Chiste na Séadchomharthaí Pobail chun cabhrú le trí láithreán mheánaoiseacha a chaomhnú agus a chosaint. Ba iad na trí láithreán a bhí i gceist Eaglais na Cloiche Mantaí, Eaglais agus Reilig Dhún Cit agus Eaglais agus Reilig Ghráinseach na Fearta.

An Ciste Gníomhartha Bithéagsúlachta Áitiúla 2022

Fuair Comhairle Chontae Chill Chainnigh €48,000 chun dul i mbun sé cinn de thionscadail maidir le bithéagsúlacht agus bainistíocht speiceas ionrach. I measc na dtionscadal áiríodh gníomhartha chun gabhláin ghaoithe agus scréachóga reilige a chosaint, chun conairí bithéagsúlachta agus pailneoirí a shainaithint, agus chun rialú a dhéanamh ar speicis ionracha i gCoill Silaire agus i nGairdíní & Eastát Chluain Dúin. Maoiníodh na tionscadail faoin gCiste Gníomhartha Bithéagsúlachta Áitiúla 2022 (€48,000 agus chuir Comhairle Chontae Chill Chainnigh maoiniúchán meaitseála 15% ar fáil (€8,500).

Deontais Dheich mBliana na gCuimhneachán

Bhí scannáin, ciosdrámaí, podchraoltaí agus cainteanna poiblí ann i measc an 12 thionscadal a fuair maoiniúchán faoi Chlár Chomhairle Chontae Chill Chainnigh maidir le Deich mBliana na gCuimhneachán (Iomlán: €50,000). Bhí na tionscadail sin ann chun comóradh a dhéanamh ar dhaoine agus ar imeachtaí i gCill Chainnigh sa bhliain 1922.

Fuarthas Maoiniúchán le haghaidh Phlean Oidhreachta an Chontae

Fuair an Oifig Oidhreachta €21,000 faoi Chlár na Comhairle Oidhreachta i leith Feasacht agus Rannpháirtíocht i dTaca le Cúrsaí Oidhreachta. Ba é a bhí i gceist leis ná feachtais fógraíochta téamaí chun Oidhrecht Chill Chainnigh a chur chun cinn lena n-áirítear Pailneoirí, Téann an dúlra chun leasa duit, Gealbháin Ghaoithe, Seachtain na hOidhreachta, Crainn dhúchasacha, Bogaigh agus Glantóireacht an Fhómhair. Chuir an Chomhairle maoiniúchán meaitseála 25% ar fáil (€19,000).

Clár Pailneora Chill Chainnigh 2022

Reáchtáil Lónra Oifigeach Oidhrecht na nÚdarás Áitiúil sraith seimineár gréasáin uair an chloig saor in aisce maidir le hAeráid, Oidhrecht agus Bithéagsúlacht: Réitigh Dhúlra-Bhunaithe a bhí dírithe ar ghníomhartha dearfacha ar son na haeráide agus trínar tarraingíodh aird ar chás-staidéir ar thionscadail oidhreachta údarás áitiúil trína gcabhráítear le gníomhartha ar son na haeráide. Thug Oifigeach Oidhreachta Chill Chainnigh cur i láthair maidir le Clár Pailneora Chill Chainnigh.

Tacaíocht uile-Chomhairle do Phailneoirí

Rinne Comhairlí na gCeantar Bardasach, Roinn na bPáirceanna, an Oifig Feasachta Comhshaoil agus an Oifig Pobail agus Oidhreachta obair shuntasach sa bhliain 2022 chun pailneoirí agus a ngnáthóga a chosaint i gCill Chainnigh. I measc na ngníomhartha a cuireadh i gcrích áiríodh laghdú a dhéanamh ar bhaint féir, laghdú a dhéanamh ar úsáid lotnaidicídí, gnáthóga a chosaint, plandáil pailneoirí, méadú feasachta agus tacú le pobail agus le scoileanna. Tá cur síos ar an obair go léir atá déanta ag Comhairle Chontae Chill Chainnigh an tiomsaithe le chéile i dtuarascáil bhliantúil agus cuireadh an tuarascáil sin faoi bhráid Ionaide Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta chun ár n-oibleagáid faoin bPlean Uile-Éireann um Pailneoirí a chomhlíonadh.

Acmhainní Pailneora

Cuireadh 2,300 leabhar agus comharthaí pailneoirí AIPP, mar aon le suaithentais agus mála gualainne pailneora Chomhairle Chontae Chill Chainnigh, chuig pobail, clubanna spóirt, scoileanna, daoine aonair, grúpaí reilige, gnóthaí, baill foirne Comhairle Contae agus ionadaithe tofa. Fuarthas cómhaoiniúchán ón Oifig Oidhreachta agus ó Scéim Deontais an Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta Bithéagsúlachta 2022.

Seachtain na hOidhreachta i gCill Chainnigh

D'eagraigh grúpaí, ionaid agus eagraíochtaí oidhreachta 49 n-imeacht in 12 bhaile agus sráidbhaile ar fud Chill Chainnigh i rith Sheachtain na hOidhreachta. Leachtanna Cuimhneacháin Cathartha agus Bonneagar Ainmnithe Rinne an fochoiste Leachtanna Cuimhneacháin Cathartha agus Bonneagair Ainmnithe (Oidhrecht, Ealaíona, Caomhantas & Ailtireacht measúnú ar 6 láithreán/déanmhas fearainn phoiblí i gcomhréir le Beartas na Comhairle maidir le Leachtanna Cuimhneacháin Cathartha agus Bonneagar.

Leachtanna Cuimhneacháin Cathartha agus Bonneagair Ainmnithe

Rinne an fochoiste Leachtanna Cuimhneacháin Cathartha agus Bonneagair Ainmnithe (Oidhreacht, Ealaíona, Caomhantas & Ailtireacht measúnú ar 6 láithreán/déanmhas fearainn phoiblí i gcomhréir le Beartas na Comhairle maidir le Leachtanna Cuimhneacháin Cathartha agus Bonneagar.

Clár Chill Chainnigh maidir le 'Éire Ildánach agus Cruinniú na nÓg 2022

Thacaigh an Oifig Oidhreacht le scannánaíocht sa Chnoc Rua mar chuid de scannán faisnéise dar teideal The Second Chamber; le Céim 2 d'iniúchadh ar éadanaí thraidisiúnta siopa i gCill Chainnigh agus le *History Show* ar KCLR. Is clár náisiúnta é Éire Ildánach a ndéanann an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán comhordú ina leith. <https://www.creativeireland.gov.ie/en/>

Oideachas Oidhreacht

D'eagraigh Cairde Éanlaith Éireann agus an tOifigeach Oidhreacht dhá cheardlann maidir le gealbháin ghaoithe a thaifeadh i mBaile Mhic Andáin agus i gCill Chainnigh.

Cheap Bithéagsúlacht i Scoileanna Cúrsa Samhraidh uathúil chun cabhrú le múinteoirí bunscoile a gcuid daltaí a chur i dteagmháil le dúlra Chill Chainnigh agus chun spreagadh a thabhairt dá rang(anna) chun bheith ina mBleachtairí Fiadhúlra. Reáchtáladh an cúrsa in Ionad Oideachais Chill Chainnigh, Bóthar Challainn, Cill Chainnigh.

Eagraíodh Ceardlann Eolaíochta Saoránach saor in aisce i mí Iúil chun tacú leis an bpobal gráinneoga a chosaint agus a thaifeadh i gContae Chill Chainnigh mar chuid den [National Hedgehog Survey](#)

Gradaim agus Aitheantas

Gradam Féile Scannán na hAstráile faighte ag Scannán Chill Chainnigh faoin gclár Deich mBlia na gCuimhneachán

Fuair Kevin *Honourable Mention Award* i bhFéile Scannán na hAstráile 2022 le haghaidh a scannáin ghearr *The re-Burial of Jackie Brett* ar thug Comhairle Chontae Chill Chainnigh ina leith faoi Chlár Deontas Dheich mBlia na gCuimhneachán i gCill Chainnigh sa bhliain 2021.


Iontrálacha Chill Chainnigh i gcomhair Ghradam Pailneora na nÚdarás Áitiúil

Ghlac 5 ghrúpa Bailte Slachtmhara, as Cill Chainnigh, páirt i gcatagóir Ghradam Pailneora an Údaráis Áitiúil i gComórtas Náisiúnta na mBailte Slachtmhara sa bhliain 2022. Comhghairdeas le Tulchacht a ghnóthaigh an catagóir 'Baile Beag' i gceantar an Oirdheiscirt.

COSAINT SHIBHIALTA

Eagraíocht atá bunaithe ar oibrithe deonacha is ea í **Cosaint Shibhialta Chill Chainnigh** agus tacaíonn sí leis na Príomhghníomhaireachtaí Freagartha (Comhairlí Contae, na Gardaí agus FSS), ar bhonn náisiúnta agus ar bhonn áitiúil araon, nuair a bhítear ag déileáil le drochaimsir, le tuilte, le mórtheagmhais agus le cuardach daoine atá ar iarraidh. Ina theannta sin, cabhraíonn sí le pobail áitiúla go háirithe le linn imeachtaí. Tháinig méadú 15% ar líon a ball go dtí 46 oibrí dheonacha ghníomhacha.

Gníomhaíochtaí na bliana 2022



I mbliana chuireamar deireadh le srianta COVID ach ba ghá déileáil le géarchéim nua ansin, mar atá, an cogadh san Úcráin agus na daoine go léir a d'iláithríodh agus iad ag teitheadh ón gcogadh.

I mí Aibreáin, chuir ár gcuid oibrithe deonacha cóiríocht éigeandála ar bun taobh le Comhpháirtíocht LEADER Chill Chainnigh ar dtús, chuir siad baill foirne ar fáil lena haghaidh agus réachtáil sí í.

Fuair ár gcuid oibrithe deonacha eochracha Chlochar Eoin Dé agus thiontaigh siad ina ionad cónaithe laistigh de sheachtain amháin. Rinneadh sin le cúnamh ó na Fórsaí Cosanta, ó na Gasóga agus ó na Banóglaigh.

Ba thionscadal ollmhór é sin agus caitheadh cuid mhór ama air le 3 mhí. I rith am ama, chuireamar dualgais garchabhrach, cuardaigh ar dhaoine ar iarraidh agus ghníomhaíochtaí sábháilteachta báid i gcrích freisin

Gníomhaíocht	Dualgais	Uaire
Cúnamh d'Úcránaigh	68	1,396
COVID	42	586
Imeachtaí Pobail	41	348
Bádóireacht	6	80
Daoine Ar Iarraidh	7	496
	164	2,906

D'oibríomar le líon mór gníomhaireachtaí lena n-áirítear LRP, KRP, ALONE, Féile na Nollag, Éire Shláintiúil agus, an Chomhpháirtíocht Spóirt agus, chomh maith leis sin, le Líonraí BSL le linn cumhacht a athbhunú faoi dhó i gceantar Inse an Talbóidigh sa Chathair.

Leanamar de bheith ag tacú le FSS, leis an nGarda Síochána, agus leis an tSeirbhís Dóiteáin agus Tarrthála.

Oiliúint

Leanamar dár n-oibrithe deonacha a athdheimhniú, agus de scileanna nua a chur ar fáil dóibh, i rith na bliana. Thugamar oiliúint i réimsí na Liachta, na Cumarsáide, na Tarrthála Bánuisce, na Bádóireachta, agus i Láimhsiú Meáchan agus Daoine, d'eisíomar 80 deimhniú chuig ár nOibrithe Deonacha agus do 52 dhuine eile den phobal i ndáil le Céadfheagróir Cairdiach.

Gradaim/Gnóthachtálacha

Rinneamar freastal ar shearmanas i bPáirc an Chrócaigh ar an 28 Samhain tráth a bhronn an tAire Cosanta, Simon Coveney, bonn COVID ar oibrithe deonacha mar aitheantas don obair iontach a rinne siad le linn Phaindéim COVID.



Bronnadh boinn eile i Seomraí na Comhairle i rith oíche bhliantúil na nGradam Cosanta Sibhialta. D'fhreastail an Cathaoirleach, an Méara, ár bPríomhfheidhmeannach agus ár Stiúrthóirí Seirbhísí agus, chomh maith leis sin, comhaltaí tofa ar an ócáid sin.



Fuair ár gcuid oibrithe deonacha ardú céime laistigh den aonad agus, ina theannta sin, fuair siad aitheantas i leith na hoibre crua a rinne siad ar fud na bliana agus i leith an chúnamh a bhí tugtha acu do mhuintir Chill Chainnigh.



Ar an oíche sin freisin, chuaigh Katherine Peacock ar scor óna ról mar Oifigeach Cosanta Sibhialta agus chuaigh Kieran Howley ar scor óna ról mar oibrí deonach tar éis 48 mbliana a chaitheamh mar bhall de Chosaint Shibhialta Chill Chainnigh.

**STIÚRTHÓIREACHT
AONAD NA FREAGARTHA I LEITH
NA hÚCRÁINE**

Stiúrthóir Gníomhach Seirbhísí: Fiona Deegan

AONAD NA FREAGARTHA I LEITH NA hÚCRÁINE

Ar an 24 Feabhra 2022, géaraíodh go mór ar an gcogadh idir an Rúis agus an Úcráin nuair a lainseáil an Rúis ionradh lánsála ar an Úcráin, rud ba chúis le líon mór daoine díláithrithe a bheith ag teacht isteach in Éirinn.

Thosaigh dídeanaithe Úcránacha ag teacht go Cill Chainnigh ar an 17 Márta agus cuireadh de chúram ar Chomhairle Chontae Chill Chainnigh Ionaid Scíthe shealadacha a chur ar bun chun cóiríocht a sholáthar do na daoine a bhí ag teacht isteach.

Bunaíodh Aonad Úcránach laistigh den Chomhairle chun freagairt Chill Chainnigh a chomhordú. Rinneadh an Fóram Pobail, faoi cheannas an Phríomhfheidhmeannaigh, a athbhunú chun tacaíocht a thabhairt i leith na géarchéime. Faoi dheireadh na bliana bhí cónaí ar thuairim is 1,200 Úcránach i gCill Chainnigh in dhá áitreabh a bhí á mbainistiú ag ag an gComhairle i gClochar Eoin Dé sa Chathair agus sa Mhainistir i gCnoc an Tóchair, in áitribh éagsúla tráchtála ar fud an Chontae agus in áitribh chomhroinnte agus in áitribh fholmha a bhí geallta ag muintir Chill Chainnigh.

Le tacaíocht ó na gníomhaireachtaí agus na grúpaí pobail éagsúla, ar tacaíocht í a fuarthas tríd an bhFóram Pobail, soláthraíodh tacaíochtaí lena chinntiú gur mhothaigh pobal na nÚcránach go raibh fáilte á cur rompu agus go raibh siad á lánpháirtiú isteach inár bpobal.


Sa bhliain 2022:

- D'fhreastal 425 Úcránach ar chúrsa Béarla mar dhara teanga ar cúrsa é a chuir Bord Oideachais agus Oiliúna Chill Chainnigh/Cheatharlach ar fáil chun a scileanna teanga a fhorbairt mar ullmhúchán chun dul isteach san fhórsa saothair.
- Bhí leas bainte ag 160 acu as na Seirbhísí Treorach d'Aosaigh agus bhí os cionn 200 Úcránach cláraithe mar dhaoine a bhí fostaithe i ngnóthaí de chuid Chill Chainnigh.
- Lánpháirtíodh leanaí isteach inár gcóras scoile agus bhí 151 leanbh rollaithe in mBunscoileanna, bhí 110 leanbh rollaithe i Meánscoileanna agus bhí 40 leanbh rollaithe i réamhscoileanna agus i ranganna tar éis am scoile.
- Bhí an lánpháirtiú an-suntasach inár nIonad Oibrithe Deonacha agus bhí 92 Úcránach cláraithe mar oibrithe deonacha a ghlac páirt sna féilte éagsúla agus in imeachtaí eile a bhí á n-eagrú i rith na bliana.

Ní mór buíochas a ghabháil leis na gníomhaireachtaí seo a leanas a d'oibrigh go crua chun tacú le hÚcránaigh - Cosaint Shíbhialta Chill Chainnigh, na Fórsaí Cosanta, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Bord Oideachais & Oiliúna Chill Chainnigh/Cheatharlach, an Roinn Coimirce Sóisialaí, Comhpháirtíocht LEADER Chill Chainnigh, Nasc Áitiúil agus cuid mhór grúpa eile atá ag leanúint de bheith ag tacú le hÚcránaigh.

Tá buíochas ag gabháil do mhuintir Chill Chainnigh freisin nach raibh teorainn leis an méid cúnaimh a thug siad trí leapacha, leapacha campa, éadaí, deonacháin nó aon ní eile a sholáthar a bhí ag teastáil chun leanúint de chúnamh a thabhairt. Leanfar d'obair an Aonaid Freagartha i leith na nÚcránach laistigh den Chomhairle chun cóiríocht a sholáthar agus chun formhaoirseacht a dhéanamh ar obair na ngníomhaireachtaí agus na gcoistí sa bhliain 2023 agus chun a chinntiú go mothaíonn na hÚcránaigh gurb ionann Cill Chainnigh agus dara áit chónaithe dóibh go dtí cibé am a bheidh siad in ann filleadh ar a dtír dhúchais.

Ukrainian Monitor



SEIRBHÍSÍ DÓITEÁIN & MÓR-ÉIGEANDÁLAÍ

Bímidne ag díriú ar chosaint na bpobal dá bhfónaimid. Soláthraíonn an tSeirbhís Dóiteáin agus Tarrthála freagairt ardoilteachta ar raon éigeandálaí. Le linn stoirmeacha, agus le linn paindéim COVID-19, léirigh Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála an Údaráis Áitiúil an-athléimneacht agus léirigh sí gurb acmhainn an úsáideach í don sa mhéid gur féidir Briogáidí (daonchumhacht oilte agus threallmhaithe) a shlógadh laistigh de roinnt nóiméad ón tráth a tharlaíonn éigeandáil ina limistéar, agus sin a dhéanamh 24 huairé an chloig sa lá, 7 lá sa tseachtain, 365 lá sa bhliain.

Is iad seo a leanas príomhfheidhmeanna na Seirbhíse Dóiteáin & Tarrthála:

- Caidreamh a dhéanamh leis an bpobal chun iad a chur ar an eolas agus chun oideachas a chur ar shaoránaigh ar conas riosca dóiteáin agus éigeandálaí eile a laghdú.
- Tionchar a imirt, agus rialáil a dhéanamh, ar an timpeallacht fhoirgnithe chun daoine, maoin agus an timpeallacht a chosaint ar dhíobháil.
- Pleanáil agus ullmhú a dhéanamh i gcomhair éigeandálaí a d'fhéadfadh tarlú agus freagairt ardchaighdeán, éifeachtach, athléimneach a dhéanamh i leith éigeandálaí den sórt sin.
- Oibriú le chéile chun seirbhís den scoth a chur ar fáil laistigh de thimpeallacht shábháilte, dhearfach do gach duine san eagraíocht.

Tionscadail Chaipitiúla

Cuireadh tús le tógáil an stáisiúin dóiteáin nua in Áth na nUrlainn i rith Ráithe 2 den bhliain 2022 agus tá os cionn 50% den tógáil críochnaithe anois. Tá an foirgneamh deartha chun riachtanais fheidhmiúla na Briogáide Dóiteáin a shásamh. Tá dearadh dhá bhá ann sa Stáisiún Dóiteáin, rud a chiallaíonn go mbeifear in ann dhá fheithicil Seirbhíse Dóiteáin a choimeád ann.



Fuarthas ár nInneall Dóiteáin Éigeandála i rith na bliana 2022 agus tá sé á úsáid anois i gCathair agus i gContae Chill Chainnigh. Maoiníodh go hiomlán é le caipiteal a fuarthas ón Stiúrthóireacht Náisiúnta Bainistíochta Dóiteán agus Éigeandálaí. Tá sé de chumas ag an Inneall Dóiteáin Éigeandála nua trealamh tarrthála a iompar le haghaidh gach uile chineál éigeandála, lena n-áirítear imbhuailtí tráchta bóthair, teagmhais a bhaineann le ceimiceáin agus Tarrtháil Feithicil Earraí Troma agus cuirfidh an méid sin feabhas ar fhreagairt Sheirbhíse Dóiteáin agus Tarrthála Chill Chainnigh ar theagmhais. Ghlac an fheithicil nua ionad ár nInnill Dóiteáin Éigeandála láithrigh.



Inneall Dóiteáin Éigeandála

Ina theannta sin, ceannaíodh fearas dóiteáin le maoiniúchán ón Stiúrthóireacht agus úsáidtear é go príomha sa Chathair agus san cheantar máguaird.

Sainaithníodh láithreán le haghaidh stáisiún dóiteáin nua i gCathair Chill Chainnigh tar éis próiseas roghnúchán a reáchtáil i rith na bliana 2022. Táthar ag súil go gcuirfear an próiseas sin i gcrích sa bhliain 2023.

Cheadaigh an Stiúrthóireacht Náisiúnta Bainistíochta Dóiteán agus Éigeandálaí (NDFEM) Ghaothráin Aerúcháin Brú Dhearfaigh, Cúirtíní Deataigh agus soilsiúchán cadhnra-chumhachtaí agus tá na nithe sin á n-úsáid anois le linn teagmhas ar fud an chontae.



Ceannaíodh jípeanna tiomána 4-roth le maoiniúchán a cheadaigh an Stiúrthóireacht Náisiúnta Bainistíochta Dóiteán agus Éigeandálaí. Déanfar na jípeanna sin a chur i ngníomh i Stáisiún Dóiteáin Chaisleán an Chomair, Áth na nUrlainn agus Ghráig na Manach.

Iarratais ar Dheimhnithe Sábháilteachta Dóiteáin

- Sa bhliain 2022, fuarthas 91 iarratas ar dheimhnithe sábháilteachta dóiteáin agus próiseáladh iad thar ceann na Rannóige Rialaithe Foirgníochta.
- Iarratais uastáille a bhí i gceist le 5 cinn díobh sin agus bhain 5 cinn le hIarratais Rialachta i leith Deimhnithe Sábháilteachta Dóiteáin (rud atá comhionann le hIarratais ar Chead Pleanála a Choinneáil).
- Bhí roinnt iarratas ann ar dheimhniú sábháilteachta mórsála i leith an mhéid seo a leanas:
 - (a) Saoráid Mhonaraithe Feistí Liachta, agus
 - (b) Próiseáladh forbairtí tionscail i gCalafort Belview.

Na hAchtanna Seirbhísí Dóiteáin 1981 agus 2003

- Thug Oifigigh Dhóiteáin roinnt cuairteanna coiscthe dóiteáin ar áitribh chun comhairle a thabhairt agus chun an reachtaíocht a fhorfheidhmiú.
- Rinneadh 73 iniúchadh ar áitribh chun comhairle a thabhairt agus, chomh maith leis sin, chun an reachtaíocht a fhorfheidhmiú.
- Próiseáladh 65 iarratas ar Cheadúnas faoi Alt 24 de na hAchtanna Seirbhísí Dóiteáin 1981 agus 2003.
- Go dtí seo, tá 7 n-iarratas ae cheadúnas Substaintí Contúirteacha, 4 iarratas ar Dheimhniú Aisghabhála Gaile agus 2 iarratas ar Dheimhniú Suiteála faighte agus measúnaithe.
- Sa bhliain 2022, seirbheáladh 1 Fhógra um Shábháilteacht Dóiteán faoi na hAchtanna Seirbhísí Dóiteáin 1981 agus 2003.
- Sa bhliain 2022, níor seirbheáladh aon Fhógra um Shábháilteacht Dóiteáin faoi na hAchtanna Seirbhísí Dóiteáin 1981 agus 2003.

Sábháilteacht Dóiteáin i bPobail



Athchromadh ar chuairteanna sábháilteachta dóiteáin sa bhaile a dhéanamh (HFVS-anna) a reáchtáil tar éis dhianghlasáil tosaigh Leibhéal 5. Chuir pearsanra de chuid na Briogáide Dóiteáin 103 chuairt maidir le Sábháilteacht Dóiteáin sa Bhaile sa bhliain 2022. Is cuid shuntasach dár Straitéis Sábháilteachta Dóiteáin i bPobail é Cuairteanna maidir le Sábháilteacht Dóiteáin sa Bhaile (CSDB-anna). Tugann pearsanra de chuid na seirbhíse dóiteáin, cuairt ar

thithe tar éis coinne a dhéanamh agus tugann siad comhairle faoi chúrsaí dóiteáin do na háititheoirí. De ghnáth, cuireann beirt oifigeach oibríochtúil faoi éide de chuid na seirbhíse dóiteáin CSDB i gcrích. Baineann siad úsáid as seicliosta chun ceisteanna a chur, déanann siad iarracht na guaiseacha dóiteáin sa teach a shainaithint agus molann siad réitigh ar nithe den sórt sin. Tugann siad comhairle maidir le sábháilteacht, mar aon le bileoga sábháilteachta a thabhairt, agus d'fhéadfadh sé go soláthrófaí agus go bhfeisteofaí aláraim dhóiteáin i gcás iar gá déanamh amhlaidh. Ina theannta sin, pléann siad freagairt an áititheora i gcás dóiteán a bheith ann ina dteach.


Fágann na comhraiceoirí dóiteáin tuilleadh comhairle agus faisnéise ag an áititheoir agus cuireann siad comhairle agus faisnéis fáil do bhaill eile den teaghlach freisin. Is é is príomhaidhm do na CSDB-anna ná laghdú a dhéanamh ar an líon dóiteán, básanna agus díobhála i dtithe cónaithe trí chosc a chur le dóiteáin sa chéad ásc agus a chinntiú gurb amhlaidh, i gcás ina dtarlaíonn dóiteán, go bhfaigheann áititheoirí foláireamh luath agus go bhfuil a fhios acu conas gníomhú go tapa agus go sábháilte.



Ghlac Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Chill Chainnigh sa tSeachtain Náisiúnta Sábháilteachta Dóiteáin i mbliana. I measc na ngníomhaíochtaí a bhí ann áirítear agallaimh raidió, comórtas sábháilteachta dóiteáin a reáchtáladh i gcomhar le Club Sóisialta Chomhairle Chontae Chill Chainnigh, cuairteanna sábháilteachta dóiteáin sa bhaile a seoladh i roinnt tithe cónaithe agus méadú ar úsáid na meán sóisialta.


Leanadh d'fheachtais teachtaireachtaí poiblí a reáchtáil trínár gcainéil mheán sóisialta chun spreagadh a thabhairt do dhaoine den phobal i leith aláraim dheataigh a shuiteáil agus a gcuid aláram deataigh a thástáil uair amháin sa tseachtain lena chinntiú go bhfuil siad ag obair i gceart.

Athlainseáladh Clár Sábháilteachta Dóiteáin na mBunscoileanna sa bhliain acadúil 2021/2022 tar éis sos de bharr Covid-19 agus mar gheall ar ábhar imní i dtaobh sábháilteacht dóiteáin - maidir le Clár Sábháilteachta Dóiteáin na mBunscoileanna sa bhliain acadúil seo, clár do thrí rang in aon bhliain amháin a bhí ann chun an clár PSP a chur ar fáil don ghnáthrang 3 agus, chomh maith leis sin, don dá rang 3 a bhí ann roimhe sin agus nach bhfuair an cúrsa de bharr shrianta Covid-19. Sa bhliain acadúil 2021/2022, chuireamar ab clár sábháilteachta dóiteáin seo ar fáil do 3,231 dalta scoile i níos mó ná 48 scoil ar thugamar cuairt orthu. Tá an clár sin á reáchtáil gan stad ó bhí an bhliain 2006 ann agus, go dtí seo, tá tairbhe an chlár náisiúnta sábháilteachta dóiteáin seo do bhunscoileanna faighte ag os cionn 23,272 dhalla rang 3.



I rith na tréimhse roimh Oíche Shamhna 2022, rinneamar idirchaidreamh leis an Rannóg Comhshaoil agus leis an nGarda Síochána chun laghdú a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann le tinte cnámh. Ar ámharaí an tsaoil agus a mhéid a bhaineann leis na 7 mbriogáid dóiteáin ar fad, bhí an lá agus an oíche sin ciúin ó thaobh cúrsaí aimsire de agus ní bhfuarthas ach líon íseal glaonna chun déileáil le hiompar frithshóisialta agus chun freastal ar thinte cnámh thar thréimhse Oíche Shamhna sa bhliain 2022.

D'éirigh go han-mhaith le Seimineár Sábháilteachta Dóiteáin a chuir Oifigeach Dóiteáin Sinsearach ar fáil don fhoireann sa Roinn Tithíochta - Teicniúil.



Maidir le Seachtain Náisiúnta na Sábháilteachta Dóiteáin sa bhliain 2022, d'fhorbair an tseirbhís dóiteáin agus tarrthála obair ealaíne agus feachtas in éineacht leis an NDFEM agus, laistigh de Chathair Chill Chainnigh, fuaireamar spás fógraíochta ó JC Decaux ag roinnt dár Stadanna Bus City Link ar fud na Cathrach agus mhair an feachtas fógraíochta 4 seachtaine.

Ba eispéireas céaduaire é sin don tseirbhís dóiteáin agus éigeandála agus táthar ag súil beidh maoiniúchán ar fáil arís an bhliain seo chugainn 2023.

Ina theannta sin, seoladh agallaimh raidió faoi shábháilteacht dóiteáin agus rinneadh fógrán faoi Leideanna Sábháilteachta do thréimhse na Nollag a fhoilsiú sa nuachtán áitiúil.



Sábháilteacht Dóiteáin um Nollaig



Sábháilteacht Dóiteáin um Nollaig agus úsáid á baint as Scáthláiín Bhús

Mar thoradh ar rath ár bhfeachtas féinmhaoinithe i rith na Seachtaine Náisiúnta Sábháilteachta Dóiteáin, lorgaíomar maoiniúchán ón NDFEM chun feachtas fógraíochta a reáchtáil thar thréimhse na Nollag ar feadh 5 seachtaine i rith mhí iomlán na Nollag 2022.

Aifreann Bliantúil na Seirbhíse

Ba é Briogáid Dóiteáin Bhaile Mhic Andáin a d'óstáil Aifreann Bliantúil na Seirbhíse in Eaglais na Deastógála, Baile Mhic Andáin, Contae Chill Chainnigh - "Aifreann do bhaill Sheirbhís Dóiteáin agus Éigeandála Chill Chainnigh, is é sin, baill láithreacha, iarbhaill agus baill éagtha",



An Comhairleoir Pat Fitzpatrick, Cathaoirleach Chomhairle Chontae Chill Chainnigh agus comhraiceoirí dóiteáin as Briogáid Dóiteáin Bhaile Mhic Andáin



An tAire Stáit Malcom Noonan, an Comhairleoir Pat Fitzpatrick, Cathaoirleach Chomhairle Chontae Chill Chainnigh agus an Comhairleoir Matt Doran agus Oifigigh Sheirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Chill Chainnigh



Aifreann Bliantúil 2022 a ceiliúradh in éineacht le hOifigigh, comhraiceoirí dóiteáin, baill teaghlaigh agus cairde Sheirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Chill Chainnigh agus a d'óstáil Briogáid Dóiteáin Bhaile Mhic Andáin.

Gradam Aitheantais

Bhronn Cathaoirleach Chomhairle Chontae Chill Chainnigh Gradam Aitheantais ar an gComhraiceoir Dóiteáin/Tiománaí, John O'Neill, Briogáid Dóiteáin Challainn, mar gheall ar a ghníomhartha nuair a shábháil sé beatha duine den phobal ar Shráid Liam, Cathair Chill Chainnigh sa bhliain 2021.

Tráth nach raibh sé ar dualgas, chuir Seán scileanna tábhachtacha sábhála beatha CPR i bhfeidhm ar fhear chun é a choimeád beo fad a bhí an tSeirbhís Otharcharr ag teacht chuig an láthair.



An Comhairleoir Pat Fitzpatrick, Cathaoirleach Chomhairle Chontae Chill Chainnigh agus an Comhraiceoir Dóiteáin/Tiománaí, John O'Neill, Briogáid Dóiteáin Challainn agus an Príomhoifigeach Dóiteáin, John Collins.

Oiliúint

Chuir Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Chomhairle Chontae Chill Chainnigh an oiliúint seo a leanas ar fáil sa bhliain 2022: Le linn seisiúin leanúnacha oiliúna, soláthraíodh cúrsa tosaigh ar Chaighdeán Tiomána na Seirbhíse Éigeandála (ESDS), cúrsaí athdheimhniúcháin ESDS, oiliúint ar Ghaireas Análaithe (BA), oiliúint ar Fheasacht Uisce, oiliúint ar Iompraíocht le linn Dóiteán in Urrann, agus oiliúint ar Chéadfheagróir Éigeandála (EFR). Tá oiliúint maidir le Céadfheagróir Éigeandála (EFR) faighte ag an gcuid is mó daoine de chuid phearsanra na seirbhíse dóiteáin. Seoladh oiliúint leanúnach ar Chéadfheagróir Éigeandála (EFR) sa bhliain 2022 mar chuid de sheisiúin leanúnacha druileála. Rinneadh an oiliúint atá á chur ar fáil a chlárú leis an gComhairle Chúraim Éigeandála Réamh-Ospidéal (PHECC). Is é atá in EFR ná cúrsa do dhaoine den phearsanra a oibríonn i ról céadfheagróra agus a bhfuil gá acu le níos mó ná bun-Gharchabhair Cheirde. Is é EFR an caighdeán náisiúnta caighdeánach oiliúna garchabhrach do Sheirbhísí Dóiteáin in Éirinn.

I gcás na gclár oiliúna tosaigh atá creidiúnaithe ag QQI, tá forbairt déanta orthu ag Grúpa Náisiúnta Oiliúna na Seirbhísí Údaráis Áitiúil (LASNTC) i gcomhar leis an Stiúrthóireacht Náisiúnta Bainistíochta Dóiteán agus Éigeandálaí (NDFEM), Soláthraíodh oiliúint de réir chaighdeán QQI do chomhraiceoirí dóiteáin nua-earcaithe ar oiliúint í a bhain le Scileanna Comhraicthe Dóiteáin, Caiteoirí Gairis Análaithe (Cúrsa Tosaigh) agus Forbairt Dóiteáin in Urrann (CFB).



Déanann comhraiceoirí dóiteáin Sheirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Chill Chainnigh a gcuid scileanna maidir le húsáid Gairis Análaithe (BA a athnuachan ar feadh dhá lá gach re bliain..

Thug ár gcuid teagascóirí inti féin oiliúint ar fhorbairt dóiteáin in urrann in Achadh Úr. Tríd an oiliúint ar fhorbairt dóiteáin in urrann (CFBT déantar comhtháthú i leith forbairt dóiteáin, sruthanna dóiteáin agus aerúchán laistigh de chomhthéacs comhraicthe dóiteáin dhéanmhasaigh. Chun oibríochtaí sábháilte éifeachtacha comhraicthe dóiteáin dhéanmhasaigh a chur i gcrích ní mór do chomhraiceoirí dóiteáin:

- (i) Tuiscint an-mhaith a bheith acu ar conas a fhorbraíonn dóiteán laistigh d'urrann nó de dhéanmhas.
- (ii) Cumas a bheith acu táscairí forbartha dóiteáin 'a léamh'.
- (iii) Eolas a bheith acu i dtaobh conas a imreoidh oibríochtaí oirbheartaíochta tionchar ar fhorbairt dóiteáin agus ar an timpeallacht laistigh den fhoirgneamh.
- (iv) Scil ardleibhéil maidir leis na coincheapa sin a chur i bhfeidhm.

I rith na bliana 2022, chuir Seirbhís Dóiteáin Chill Chainnigh trí ghnáthchúrsa oiliúna tosaigh ar leithligh ar fáil ar Chaighdeán Tiomána na Seirbhísí Éigeandála (ESDS) chomh maith le trí chlár oiliúna ar leithligh a chur ar fáil ar athdheimhniúchán ESDS. Tá an oiliúint seo ceaptha chun caighdeán comhsheasmhach a chur ar fáil i ndáil le tiomáint faoi dhálaí freagartha (i.e. ar freagairt ar ghlaonna dóiteáin).



Rannpháirtithe sa chúrsa ESDS agus Teagascóirí an chúrsa

Thairg Seirbhís Dóiteáin Chill Chainnigh oiliúint ar Fheasacht Uisce do na baill foirne oibríochtúla go léir i rith na bliana 2022 chun sábháilteacht a chinntiú nuair atá tarrtháil á déanamh ón uisce agus nuair atá caidéalú á dhéanamh ó shruthchúrsaí ag láthair dóiteáin. Seoladh cúig cúrsa aon lá amháin i stáisiún dóiteáin Ghráig na Manach. Déantar an cúrsa Feasachta Uisce i seomra ranga agus ar an láthair (An Bhearú) agus bíonn taispeántas praiticiúil ann atá ceaptha chun dóthain eolais a thabhairt do dhaoine den phearsanta atá ag obair gar d'uisce le go mbeidh siad ar an eolas ar na guaiseacha a bhaineann le timpeallacht den sórt sin agus le go bhforbróidh siad tuiscint ar theicníochtaí tarrthála uisce.



Oiliúint ar Fheasacht Uisce i nGráig na Manach

Oibríochtaí

Dhéileáil Briogáidí Dóiteáin le 892 theagmhas sa bhliain 2022. Tá an tSeirbhís Dóiteáin ina hacmhainn an-athléimneach agus an-úsáideach don Údarás Áitiúil sa mhéid gur féidir Briogáidí (daonchumhacht oilte agus threallmhaithe) a shlógadh laistigh de roinnt nóiméad ón tráth a tharlaíonn éigeandáil ina limistéar etc. Rinne an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre rátáil rioscaí ród-acmhainneachta i ndáil le sábháilteacht ár gcuid feithiclí agus i ndáil le comhlíontacht i leith lenár n-oibleagáidí dlíthiúla. Rinne ár Meicneoir Briogáide, agus gach duine den phearsanra atá bainteach le seiceáil fearas, sárobair maidir le hardchaighdeán ár bhflít (os cionn tríocha feithicil) a choimeád ar bun. Tá **Seirbhís Dóiteáin & Tarrthála Chill Chainnigh** rangaithe laistigh den 71^ú percentíl faoi láthair ar Scála Rátála Riosca Ródacmhainneachta agus is caighdeán ard é sin. Is laghdú é sin i gcomparáid le blianta roimhe seo agus is é is cúis leis sin próifíl aoise an fhlíit feithicil. Tá an rangú bunaithe ar chomparáid le gach oibrítheoir eile HCV a ndéantar measúnú orthu i leith comhlíontacht ródacmhainneachta.

Ag Tacú le Comhraiceoirí Dóiteáin Úcránacha

Bhronn Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Chill Chainnigh feithicil agus trealamh dóiteáin sa tréimhse ón 28 go dtí an 30 Meitheamh 2022 chun tacaíocht fhíorthábhachtach a sholáthar do na comhraiceoirí Úcránacha atá ag streachailt ar bhonn laethúil leis na dála is uafásaí is féidir a shamhlú. An tráth sin, bhí os cionn 110 stáisiún dóiteáin agus os cionn 1,300 fearas dóiteáin díothaithe san Úcráin agus, ar an drochuair, tá a mbeatha caillte ag 37 gcomhraiceoir dóiteáin le linn dóibh a bheith ag iarraidh a gcuid oibre a dhéanamh ina bpobail áitiúla. Bhí Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Chomhairle Chontae Chill Chainnigh i dteagmháil leis na Seirbhísí Éigeandála Stáit san Úcráin maidir lena riachtanais láithreacha. Tá trealamh comhraicthe dóiteáin, amhail gineadóirí agus soilsiúchán, trealamh tarrthála hiodrálach, trealamh tógála neomatach agus trealamh cosanta pearsanta le haghaidh comhraiceoirí dóiteáin bronnta ag Seirbhísí Dóiteáin ar fud Oirdheisceart na hÉireann.



Oifigigh Dhóiteáin ag tacú le Seirbhís Dóiteáin na hÚcráine

Chomh maith leis na 3 jíp a raibh an trealamh sin lódáilte iontu, bhí inneall dóiteáin ó Sheirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Chiarraí ann. Thiomáin comhraiceoirí dóiteáin as Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Chill Chainnigh na feithicil sa chonbhua ar comhraiceoirí dóiteáin iad a thairg a gcuid ama chun cabhair a thabhairt i ndáil leis an ngéarchéim dhaonnúil seo.

Plean Oibríochtaí Dóiteáin agus Éigeandála 2022-2026

Bhreithnigh agus ghlac Comhairle Chontae Chill Chainnigh Plean Oibríochtaí agus Éigeandála 2022-2026 le linn a cruinnithe i mí an Mhárta.



Baill Foirne Sheirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Chill Chainnigh agus iad ar dualgas le linn Comhdháil Chumann na bPríomhoifigeach Dóiteáin.

D'óstáil Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála **Comhdháil Bhliantúil Chumann na bPríomhoifigeach Dóiteáin** in Óstán Eastát Ráth an Lígh. Tá an t-imeacht seo i measc na n-imeachtaí is tábhachtaí dá chineál in Éirinn. D'fhreastail os cionn 400 duine, idir thoscáir agus ionadaithe ceirde ar an imeacht dhá lá. Chothaigh sé borradh mór sa gheilleagar áitiúil. Ba é an 63ú Comhdháil Bhliantúil é agus ba é sin an tríú huair a óstáladh sa chontae é, tar éis é a sheoladh ann sna blianta 1967 agus 1981.

Mór-Éigeandálaí a Bhainistiú

Sa bhliain 2022, athbhreithníodh agus uasdátaíodh an Plean Bainistíochta Mór-Éigeandálaí agus na hAguisíní a ghabhann leis.




Rinneadh an Plean Éigeandála Seachtrach i leith Trans-Stock Ltd. a athbhreithniú agus a thástáil faoi Threoir Seveso III sa bhliain 2022. Chuimsigh sé sin tástáil ar nósanna imeachta slógtha na bPríomh-Ghníomhaireachtaí Freagartha (PRA-anna) móide tástáil na hÉigeandála Seachtraí a rinne na PRA-anna, an tOibreoir Láithreáin agus gníomhaireachtaí reachtúla eile.



Baill foirne an Údaráis Áitiúil, FSS agus an Gharda Síochána san Ionad Cordaithe ar an láthair

I rith na bliana 2022, athbhreithníodh agus uasdátaíodh an Plean Freagartha i leith Éigeandáil Tuile agus an Plean i leith Drochaimsire (gan Tuiliú a áireamh).



Sláinte agus Sábháilteacht Cheirde

Cothabhálann Seirbhís Dóiteáin Chill Chainnigh Córas Bainistíochta Sábháilteachta. Uasdátaíodh Ráiteas Sábháilteachta na Stáisiún Dóiteáin go léir sa bhliain 2022 agus fuair gach duine den fhoireann a nInduchtúchán Bliantúil Sábháilteachta. Baintear úsáid as torthaí na foghlama ó na tuarascálacha uile ar thimpistí agus ó na tuarascálacha ar neastimpistí chun uasdátú a dhéanamh ar an Lámhleabhar Sábháilteachta gach bliain.

AN STIÚRTHÓIREACTH PLEANÁLA, EACNAMAÍOCHTA & SEIRBHÍSÍ COMHSHAOIL

Stiúrthóir Gníomhach Seirbhísí: Denis Malone

PLEANÁIL & FORBAIRT

Iarratais Pleanála

Fuarthas 837 n-iarratas pleanála i rith na bliana 2022 i gcomparáid le 1,054 sa bhliain 2021.

D'fhan an Roinn Pleanála ar oscailt chun gnó a dhéanamh ar fud na bliana 2022 agus fáiltíodh daoine den phobal ar ais ach srianta áirithe a bheith i bhfeidhm, scaradh sóisialta a bheith ann agus bearta sábháilteachta eile a bheith á gcur i ngníomh ar mhaithe le cosaint custaiméirí agus ball foirne.

Rialú Foirgníochta

- Próiseáladh 335 Fhógra Tosaithe sa bhliain 2022 i gcomparáid le 435 sa bhliain 2021 agus b'ionann é sin agus laghdú 100.
- Tháinig méadú 9 gcinn ar chainníocht na bhFoirgneamh nua sa bhliain 2022: (2022 512; 2021 503)
- Tháinig laghdú 13 cinn ar líon na nAonad Nua Cónaithe sa bhliain 2022: (2022 515; 2021 528).
- Fuarthas 72 iarratas bhailí ar Dheimhnithe le haghaidh Rochtain do Dhaoine faoi Mhíchumas (DAC-anna) i gcomparáid le 54 iarratas don tréimhse chéanna sa bhliain 2021.
- Ba é seo an dara bliain ba ghnóthaí ón tráth a cuireadh tús leis an gceanglas maidir le DAC-anna.
- Léiríonn na figiúirí thuas an leibhéal gníomhaíochta gan athrú i réimse na tógála i gcoitinne agus, go háirithe, léiríonn siad soláthar comhsheasmhach aonad tithíochta a bhfuil géarghá leo i rith na bliana 2022.

Glacadh faoi Chúram

Bhí 47 n-iarratas ar Ghlacadh faoi Chúram ag céimeanna éagsúla den phróiseas i gContae Chill Chainnigh i rith na bliana 2022.

Glacadh na heastáit seo a leanas faoi chúram:

- Na Peadaic, Gabhrán
- Baile Phileabac, Móin Choinn
- Cnoc an Earbair, Port an Chalaigh
- Baile Mháireide, Callainn
- Whitehall, Baile Phóil

Is iad seo a leanas na príomhsheirbhísí a thagann faoi réir 'Glacadh faoi Chúram':

- bóithre poiblí agus cosáin;
- spásanna oscailte poiblí;
- limistéar neamh-leithroinnta páirceála dromchla;
- agus soilsiúchán poiblí.

Ag deireadh na bliana 2022, bhí 37 n-eastát san iomlán ag céimeanna éagsúla den phróiseas.

Máistirphleananna

Ceathrú na Mainistreach: Cuireadh tús le hathbhreithniú ar Mháistirphlean Ceathrú na Mainistreach agus ceapadh Sainchomhairleoirí chun an t-athbhreithniú sin a dhéanamh. Cuireadh an comhairliúchán poiblí le céim réamhdhréachta ag deireadh na bliana 2022 agus leanfar leis an obair sin go luath sa bhliain 2023.

Loch Mocháisc: Ceapadh sainchomhairleoirí chun Máistirphlean Loch Mocháisc a ullmhú. Foilsíodh an dréacht-Mháistirphlean i mí Lúnasa 2022. Seoladh sraith imeachtaí comhairliúcháin phoiblí i rith an taispeántais phoiblí i leith an Dréacht-Mháistirphlean. Fuarthas 175 iarratas san iomlán agus déanfar Tuarascáil an Phríomhfheidhmeanna maidir leis an gcomhairliúchán a leagan faoi bhráid na gComhairleoirí go luath sa bhliain 2023.

Campas Naomh Cainneach: Ceapadh sainchomhairleoirí chun cabhrú le Coiste Stiúrtha an Tionscadail le linn Máistirphlean a dhréachtú le haghaidh Champas Naomh Chainneach, Cathair Chill Chainnigh. Tá teagmháil shuntasach déanta le FSS agus tá an teagmháil sin ar siúl i gcónaí. Nuair a bheidh dréacht-phlean ar fáil cuirfear faoi bhráid na Comhairle agus FSS é sula gcuirfear ar fáil le haghaidh comhairliúchán poiblí é.

Tús Áite do Lár Bhaile Áth na nUrlainn: Chuir na Sainchomhairleoirí a bhí ceaptha céim réamhdhréachta Dhréacht-Mháistirphlean Áth na nUrlainn i gcrích agus foilseofar Dréacht go luath sa bhliain 2023 lena chur ar taispeáint go poiblí.

Bailte Beaga agus Sráidbhailte: Fuarthas sainchomhairleoirí freisin chun Máistirphleananna a ullmhú le haghaidh Bhéal Átha Ragad, Bhaile Phóil agus Chill Mhic Bhúith. Beidh na Máistirphleananna sin cuiditheach i dtaca le tosaíocht a thabhairt do mhaoiniúchán amach anseo. Beidh dréachtaí ar taispeáint i Ráithe 2 den bhliain 2023.

Deontais Chaomhantais

Rannchuidíonn cáilíocht ár gcomhshaoil fhoirgnithe stairiúil le beogacht ár limistéar uirbeach, ár sráidbhailte agus ár gceantar tuaithe, spreagann sé mórtas sí áite agus cuireann sí feabhas ar cháilíocht ár saoil ó lá go lá. Tá ár n-oidhreacht fhoirgnithe ar cheann de na nithe is mó a mheallann cuairteoirí chun teacht go hÉirinn agus, dá bhrí sin, neartaíonn sí ár dtionscal turasóireachta agus cuireann sí ár dtionscal turasóireachta chun cinn, chomh maith le rannchuidiú le hathghiniúint limistéar uirbeach agus tuaithe.

Cuireadh na tionscadail deontais caomhantais seo a leanas i gcrích sa bhliain 2022:

Scéim Infheistíochta i leith na hOidhreachta Foirgnithe (BHIS) - Is é is aidhm do BHIS ná leas a bhaint as infheistíocht phríobháideach i dtionscadail chaomhantais bheagscála diansaothair agus tacaíocht a thabhairt i ndáil le fostú gairmithe caomhantais agus ceardaithe chun an comhshaol foirgnithe stairiúil a dheisiú. Ceadaíodh maoiniúchán iomlán €153,947 le haghaidh 12 thionscadal faoi BHIS i gContae Chill Chainnigh sa bhliain 2022 i gcomhair raon leathan oibreacha lena n-áirítear deisiúcháin ar fhuinneoga, oibreacha rindreála seachtraí, deisiú dín, oibreacha aoil agus oibreacha saoirseachta cloiche i gcoitinne.

Ciste na nDéanmhas Stairiúil (HSF) - Is é is aidhm do HSF ná tacú le caomhnú agus feabhsú déanmhas agus foirgneamh stairiúil atá faoi úinéireacht phríobháideach agus faoi úinéireacht phoiblí araon. Tugadh tacaíocht do cheithre thionscadal agus ba é a bhí sa chúnamh deontais iomlán faoi HSF i gCill Chainnigh sa bhliain 2022 ná €254,969.

Tionscnamh na mBailte Stairiúla (HTI) - Is é atá in HTI ná tionscnamh comhpháirteach de chuid na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus an Chomhairle Oidhreachta arb é is aidhm dó ná tacú le hathghiniúint oidhreacht-bhunaithe chun feabhas a chur ar fhoirgnimh agus ar shráid-dreacha i mbailte stairiúla na hÉireann. Fuair an Chomhairle maoiniúchán €19,000 faoi HTI chun mheasúnú ailtireachta a chur i gcrích agus moltaí a dhéanamh maidir le dhá áitreabh fhlomha ar Shráid an Droichid Uachtarach i gCallainn.

An Ciste Maoirseachta Oidhreachta - Is scéim nua maoiniúcháin é an Ciste Maoirseachta Oidhreachta agus tá sí á riaradh ag an gComhairle Oidhreachta. Baineadh úsáid as maoiniúchán iomlán €4,125 chun faisnéis i gcomhaid pleanála chartlannaithe a bhaineann le Tithe Bailte Móra féideartha de chuid na Luathaoise Nua i gCill Chainnigh a bhailiú, a thiomsú agus a mheasúnú.

Láithreáin Thréigthe

Cuireadh straitéis nua maidir le bainistiú Láithreán Tréigthe a chur i ngníomh sa bhliain 2022 agus baineadh leas as cur chuige spriocdhírthe i leith láithreáin thréigthe a shainiú agus a aimsiú. I measc na mbeart a rinneadh áiríodh sruth oibre dian a chur ar bun, doiciméid theimpléadacha a dhréachtú agus feabhas a chur ar fheasacht an phobail trí bhíthin sainleathanach gréasáin agus trí bhíthin bileog nua faisnéise d'únéirí talún. Cuireadh tús leis an gclár céimnithe breisithe trí dhul i ngleic le Cathair Chill Chainnigh agus, ina dhiaidh sin, le Callainn agus le Baile Mhic Andáin. Déanfar Caisleán an Chomair agus Gráig na Manach a mheasúnú sa bhliain 2023. Cuireadh naoi láithreán breise leis an liosta i rith na bliana 2022, rud a d'fhág go raibh 20 láithreán tréigthe ann i gClár na Láithreán Tréigthe faoi dheireadh na bliana. Rinneadh láithreán amháin i Muileann an Bhata a bhaint den Chlár de bharr feabhsúcháin a rinneadh. De réir an Achta, tá an chéad fhógra seirbheáilte ar dhá láithreán déag breise. Aimsíodh luachálaithe chun luachálacha a dhéanamh ar na láithreáin. Eiseofar fógraí luachála chuig únéirí talún go luath sa bhliain 2023 agus is féidir an tobhach a fhorchur ina dhiaidh sin.

Láithreáin Fholmha

Amhail ag deireadh na bliana 2022, bhí 27 láithreán ann i gClár Láithreán Folamh na Comhairle. Faoi láthair, is é atá sa líon iontrálacha a cealaíodh mar thoradh ar ghníomhachtú nó, mar gheall ar fheabhsú, láithreán ná 20 ceann rud a léiríonn go bhfuil ag éirí leis an tobhach a sprioc a bhaint amach. Beidh an Cháin Talún Críosaithe Cónaithe ag glacadh ionad Thobhach na Láithreán Folamh le héifeacht ón mbliain 2024.

Fuarthas €123,530 san iomlán go dtí seo ó thobhaigh láithreáin fholaimh a forchuireadh ar fhorbróirí príobháideacha. Tá an Chomhairle ag leanúint d'íocaíocht a lorg i leith na dtobhach go léir atá gan íoc agus thionscain sí imeachtaí Cúirte i rith na bliana 2022 in aghaidh beirt úinéir talún mar gheall ar neamhioc an tobhaigh.

Cáin Talún Críosaithe Cónaithe

Rinneadh na chéad dréacht-léarscáileanna maidir le Cáin Tálún Críosaithe Cónaithe a ullmhú, ar léarscáileanna iad ar a dtaispeántar talamh a thagann faoi réir na cánach nua agus foilseofar iad i mí na Samhna 2022 lena gcur ar taispeáint don phobal. Fuarthas 25 aighneacht san iomlán agus déanfar cinneadh maidir leo go luath sa bhliain 2023 roimh fhoilsiú na Léarscáileanna Forlíontacha faoin 1 Bealtaine.

I bPlean an Chontae maidir leis na Critéir Íosta atá Molta le haghaidh Iniúchtaí Comhshaoil (RMCEI) don bhliain 2022, socraíodh sprioc uailmhianach rud beag faoi bhun 4,900 iniúchadh i leith na réimsí Dramhaíola, Uisce, Torainn agus Aeir.

Tá miondealú ar na hiniúchtaí liostaithe sa tábla anseo thíos:

Catagóir	An Líon Iniúchtaí
Gnáth-Iniúchadh Dramhaíola	648
Iniúchtaí Dramhaíola Neamhghnácha	685
Gnáth-Phatróil/-Imscrúduithe Bruscair	510
Gnáth-Thionscnaimh Freagrachta Táirgeora	119
Gnáth-Iniúchtaí Uisce & Dramhuisce	1,586
Iniúchtaí Uisce & Dramhuisce Neamhghnácha	51
Gnáth-Iniúchtaí Aeir & Torainn	70
Iniúchtaí Aeir & Torainn Neamhghnácha	38
Gnáth-Iniúchtaí Pleanála Comhshaoil	1,150
An líon iomlán iniúchtaí sa bhliain 2022	4,857

Láithreán Conláiste Cathartha (CAS) An Dúin Mhóir

Sa bhliain 2022, fuair CAS an Dúin Mhóir 1,715 thona de Dhramhaíl Sholadach Bhardasach, 893 thona de Dhramhíl Thirim Bhardasach agus 1,155 thona d'ábhar in-athchúrsáilte. Faoinár dTionscnamh Frithdhumpála sa bhliain 2022, bailíodh 724 thocht san iomlán ó Láithreáin Chonláiste Cathartha na Greanaí agus an Dúinb Mhóir.

Oibreacha Uasghrádúcháin ag Láithreán Conláiste Cathartha an Dúin Mhóir

Rinneadh oibreacha sa bhliain 2022 chun bonneagar a fháil don láithreán líonta talún. Chun freastal ar an bPáirc Bhithéagsúlacht nua, atá le hoscailt sa bhliain 2023, tá uasghrádú déanta ar na hoibreacha talún thart ar na murlaigh láisteáite. Tá gá le fálú nua slándála i leith na huasghráduithe sin chun daoine den phobal a chosaint nuair a osclaítear an pháirc.



Oibreacha uasghrádaithe sa Dún Mór

Iarratas don bhliain 2022 faoin Tionscnamh Frithdhumpála

Bronnadh maoiniúchán €98,630 ar Chomhairle Chontae Chill Chainnigh le haghaidh tionscadail faoin Tionscnamh Frithdhumpála don bhliain 2022. Rannchuidigh an maoiniúchán sin le tionsacadal a bhain le hoibriú le Cartoon Saloon chun grafaicí a dhearadh dár gcuid glantóirí bóthair..



Obair ealaíne Cartoon Saloon ar ghlantóirí bóthair

Glantachán ar Droichead Bhaile Mhic Andáin

Mar chuid de thionscadal eile faoin Tionscnamh Frithdhumpála, eagraíodh glantachán ag Droichead Bhaile Mhic Andáin, rud a d'áirigh boird phicnice binsí a shuiteáil ag Caisleán Sweetman i mBaile Mhic Andáin.

Tharla roinnt glantachán eile ar an 9 Deireadh Fómhair 2022 chun cabhrú le tionscnamh 'Bímis ag Déanamh Obair Foirne ar son Chathair Chill Chainnigh ar mhaithe le Glanadh Suas' ar an N76, ar an N77, ar Shiúlán na Canálach agus ar Bhóthar Bleach.



Glantachán ar Droichead Bhaile Mhic Andáin

Tionscnaimh Frithdhumpála 2022:

Tionscadal	Deontas
Pardún Uile-Chontae i leith Tochta	€39,827
Clár teachtaireachta inathraithe i leith dramhaíola	€5,992
Feachtas meán ina úsáideadh faisnéis ADI	€17,525
Glantachán Shliabh an Easpaig	€5,450
Glantachán ciumhaiseanna éagsúla bóthair ar fud an Chontae	€18,687
Glantachán ar Droichead Bhaile Mhic Andáin	€6,964
Glantachán ag an Sliabh Rua	€4,185
Costas Iomlán	€98,630

Ionaid 'Fág Anseo'

Soláthraíonn agus bainistíonn an Chomhairle 46 Ionad Athchúrsála 'Fág Anseo' ar fud na Cathrach agus an Chontae agus bailíodh 2,153 thona d'earraí in-athchúrsáilte sna hIonaid sin sa bhliain 2022. Is é Ionad Siopadóireachta na Páirce Nua an tIonad 'Fág Anseo' is gnóthaí atá ann sa Chathair agus is é ALDI, Gráig na Manach, an t-ionad is gnóthaí atá ann lasmuigh den Chathair. Tá baill foirne comhshaoil ag leanúint de bheith ag obair go han-dlúth lenár soláthraithe seirbhíse lena chinntiú go bhfuil an tseirbhís bailithe ag coinneáil suas leis an éileamh atá ann go háirithe le linn tréimhsí saoire. Tá an Chomhairle ag leanúint de bheith ag féachaint leis an ngréasán ionad athchúrsála a leathnú agus, i dtaca leis sin de, tá sí i mbun caibidlíochtaí le coistí Bailte Slachtmhara i ndáil le suíomhanna oiriúnacha. Aistríodh nach gabhdán athchúrsála buidéal agus teicstíte amach as Lidl, an Loch Buí, i mí Lúnasa 2022 de bharr oibreacha forbartha ar lena linn a scartáladh an stóras a bhí ann agus a soláthraíodh stóras nua níos mó ag an suíomh céanna. Tá an stóras nua le hathoscailt i rith na bliana 2023 agus beidh sé d'acmhainn acu an t-ionad 'Fág Anseo' a athbhunú, mar aon le scéim nua 'tabhairt ar ais' a chur ar bun, le haghaidh buidéal agus cannaí.

TIONSCNAIMH FRITHDHUMPÁLA

Cairde Bailithe



Ghlac 35 rang san iomlán páirt sa chlár 'Cairde Bailithe' ar fud na Cathrach agus an Chontae i lriith bhliain acadúil 2021-2022. Ghlac gach rang 3 i gCathair Chill Chainnigh páirt sa chlár trí bhíthin "Tionscnamh an Mhéara" agus chumasaigh maoiniúchán náisiúnta do scoileanna eile ar fud an Chontae páirt a ghlacadh ann. Tríd an gclár, soláthraíodh paca uirlisí bailithe bruscair do ranganna rannpháirteacha agus tugadh deis do gach dalta an paca a fháil ar iasacht thar dheireadh na seachtaine agus bhí na daltaí in ann a gcuid scéalta a insint don rang

an tseachtain ina dhiaidh sin. Bhí os cionn 1,000 teaghlach páirteach in imeachtaí bailithe bruscair le linn thréimhse an chlár.

LET'S TEAM UP TO CLEAN UP! *Together for Kilkenny*



Ionadaithe Urraitheoirí Corparáideacha 'Bímis ag Déanamh Obair Foirne ar son Chathair Chill Chainnigh ar mhaithe le Glanadh Suas' agus Cathaoirleach Chomhairle Chill Chainnigh, Méara na Cathrach agus Ionadaithe na Rannóige Comhshaoil

Rinneadh tionscnamh "Bímis ag Déanamh Obair Foirne ar son Chathair Chill Chainnigh ar mhaithe le Glanadh Suas" a lainséil i Meitheamh 2022 le tacaíocht airgeadais ónár gcuid urraitheoirí:- PRL, Dawn Meats, Iontaobhas John O Shea agus Glanbia PLC/Glanbia Co-op mar aon lenár n-urraitheoir bainistíochta dramhaíola, Panda. hacaigh Pearsanra an Airm i nDún n. Stiofán go mór le "Bímis ag Déanamh Obair Foirne ar mhaithe le Glanadh Suas" agus thairg siad a n-oilteacht lóistíochtúil chun na pacaí uirlisí bailithe bruscair a eagrú le haghaidh imeacht Dheireadh Fómhair a seoladh sa Chathair. Bhí os cionn 50 grúpa páirteach san imeacht sin, chuaigh 600 bailitheoir bruscair i mbun oibre lena linn agus dáileadh 6,000 bleibín ar chomharsanachtaí ar fud Chathair Chill Chainnigh. D'éirigh chomh maith sin leis an imeacht sin go bhfuil sé le cur ar siúl ar bhonn uile-Chontae.



An Méara, an Comhairleoir David Fitzgerald



Cúirt Uí Lachnáin, Cill Chainnigh



Oibrithe deonacha Lá 'Bímis ag Déanamh Obair Foirne ar mhaithe le Glanadh Suas'

Feasacht ar bhearta i gcoinne Salú ag Madraí

Bhí seastán feasachta ann le linn Luan na Madraí, is é sin, lá téamach maidir le madraí ar lá deiridh Féile Bhia *Savour* Chill Chainnigh. Tharraing an seastán ar an tábhacht a bhaineann le salachar madraí a chur i mála agus an mála a chur in araid agus cuireadh an méid sin in iúl do gach duine a tháinig chuig an seastán i rith na hiarnóna. Rinneadh veisteanna ard-infheictheachta a thabhairt saor in aisce d'úinéirí madra a gheall go ndéanfaidís glanadh suas i gcás ina salódh a madra áit ar leith.

Tionscnaimh Choiscthe Dramhaíola



Seastán ag Féile Bhia Chill Chainnigh 'Savour'

Ba é a bhí sa 'Tionscadal Athchúrsála Rothar' ná tionscadal comhpháirteach idir an tOifigeach Comhshaoil agus an tOifigeach Rothaíochta agus d'éirigh go han-mhaith leis. Bronnadh rothair do shóisir agus bhí ionad 'fág anseo' ann in Ionad Athchúrsála an Dúin Mhóir. Tar éis na rothair a dheisiú agus a sheirbhísiú baineadh úsáid astu mar chuid de Thionscadal Píolótach Sheaimpíní na hIdirbhliana ar lena linn a chuir an clár rothaíochta 'sprocket rocket' ar fáil do dhaltai sóisearacha i mbunscoileanna.



An tOifigeach Rothaíochta, Caitriona Corr, & an tOifigeach Feasachta Comhshaoil, Bernadette Moloney

Tionscnamh Rothair d'Úcránaigh

De réir mar a lean Úcránaigh de bheith ag teacht go Cill Chainnigh agus de bheith ag socrú isteach ina gcóiríocht nua, rinneadh breithniú ar a gcuid riachtanais iompair agus ba é a bhí i réiteach amháin a moladh ná rothair a bhí bronnta a athchuspóiriú. Mar thoradh ar chomhoibriú idir Comhpháirtíocht LEADER, an Chosaint Shibhialta, Oifigeach Rothaíochta na Comhairle agus Men's Sheds Chill Chainnigh, cuireadh tús le scéim faoi Chlár Coiscthe Dramhaíola na Comhairle chun rothair gan úsáid a chur i gcúrsaíocht arís agus dáileadh na rothair sin ar Úcránaigh i gCill Chainnigh.



Tionscnamh Rothair d'Úcránaigh

Féile Bhia Chill Chainnigh 'Savour'

Rinne Féile Bhia Chill Chainnigh 'Savour' a gcuid gníomhaíochtaí glasaith a mhéadú trí bhíthin íoslachdú dramhaíola. Mar chuid de Chairt na Féile Ghlas, gheall sealbhóirí seastán íoslachdú a dhéanamh ar dhramhaíola agus laghdú a dhéanamh ar úsáid uisce agus fuinnimh. Bhí pointe athlíoanta buidéal uisce ar fáil saor in uisce ar an bParáid do dhaoine den phobal agus bhí córas trí araid ann chun dramhaíl bhia a dheighilt.

Thug oibrithe deonacha as Club Camógaíochta N. Bríd, Cill Mhanach, cúnamh thar an deireadh seachtaine trí fheidhmiú mar criú sráide le haghaidh 'Bimis ag Déanamh Obair Foirne ar mhaithe le Glanadh suas' agus choinnigh siad an Pharaid saor ó bhruscar ar fud na Féile. Fuair páirtmhaoiniúchán le haghaidh na dtionscnamh sin ó Chlár Coiscthe Dramhaíola na Comhairle.

ATHCHÚRSÁIL 2022

Bailiú Dramhaíola ag WEEE Ireland i gContae Chill Chainnigh

Chuir WEEE Ireland 5 bhailiúchán pobail i gcrích sa bhliain 2022 agus fuarthas os cionn 55,000 tona de dhramhaíl leictreach teaghlaigh mar thoradh ar na bailiúcháin sin ar dramhaíl í a ndéanfaí athchúrsáil iomchuí uirthi sna suíomhanna seo a leanas ar fud an Chontae.

Dáta	Baile	Meáchan (kg) bailíodh
21 Bealtaine	Club CLCG Erins Own, Caisleán an Chomair	6,740
28 Bealtaine	Ionad Pobail Bhaile an Phoill, Baile an Phoill	12,134
4 Meitheamh	Carrchlós an Chlub Sacair, Baile Mhic Andáin	13,464
11 Meitheamh	Carrchlós na hEaglaise, Baile Eoin	16,910
18 Meitheamh	Margadh Cillin Hill, Cill Chainnigh	5,760
Iomlán		55,008

Athchúrsáil Dramhaíola Bia

D'óstáil Roinn Comhshaoil na Comhairle seastán feasachta dramhaíola bia le linn Fhéile Bhia Chill Chainnigh 'Savour' agus thug siad amach 1,000 coimeádán dramhaíola bia lena chumasú do theaghlaigh dramhaíl bhia a dheighilt go héasca.

Mar thoradh ar athchúrsáil dramhaíl bhia, atreoraítear an acmhainn thábhachtach seo ó líonadh talún lena hathrú ina fuinneamh in-athnuaithe agus ina ábhar leasacháin lena úsáid i réimse na gairneoireachta agus talmhaíochta in Éirinn.

Is féidir le gach tonna de dhramhaíl bhia a athchúrsáiltear, seachas é a chur isteach i líonadh talún, cosc a chur ar thuairim is leath-thona de dhé-ocsaíd charbóin dul isteach san atmaisféar.

Reáchtáladh an seastán i gcomhar le www.mywaste.ie.



An seastán feasachta dramhaíola bia le linn Fhéile Bhia Chill Chainnigh 'Savour'.

Voice Ireland ar cuairt i gCill Chainnigh

Tháinig an feachtas 'Tabhair Ar Ais le haghaidh Sóinseála' ar cuairt go Cill Chainnigh i mí na Bealtaine. Ba é ab aidhm dó ná feasacht a mhéadú faoin Scéim Náisiúnta Éarlaise agus Tabhairt Ar Ais a bhaineann le buidéal dheochanna agus cannaí alúmanaim ar scéim í atá le lainseáil go gairid amach anseo. Mar thoradh ar an scéim, gearrfar táille bhreise ar dheoch nuair a thugtar an coimeádán ar ais chuig meaisín aisíoca éarlaise.



Seachtain an Réimse Fuinnimh

D'óstáil Údarás Áitiúla Chill Chainnigh agus Cheatharlach 'Seachtain an Réimse Fuinnimh' i mí an Mhárta ar KCLR Live. Bhí mór faoi théama an fhuinnimh ann i rith na seachtaine ar 11.20 am gach lá mar aon le fógraíocht lenar tarraingíodh aird ar infhaighteacht Uirlisí Fuinnimh Teaghlaigh i mbrainsí áitiúla de chuid na Leabharlainne. Tharraing an tionscadal comhoibriúch seo aird ar thiomantas na nÚdarás Áitiúil i leith a Straitéise maidir le hOiriúnú don Athrú Aeráide. I rith na seachtaine, cuir gach cainteoir ó Mheithleacha Gníomhaithe na Comhairle ar son na hAeráide, ó SEAI agus ó 3CEA faisnéis ar fáil maidir le gnéithe éagsúla de chaomhnú fuinnimh.

BAILTE SLACHTMHARA

Fóram na mBailte Slachtmhara

Reáchtáladh Fóram na mBailte Slachtmhara sa bhliain 2022. Chuaigh Bailte Slachtmhara Ceanannais i gceannas siúlóid sráidbhaile chun tionscadail éagsúla a chur ar taispeáint lena n-áirítear a dtionscadail bailithe uisce báistí agus a dtionscadail feabhsaithe bithéagsúlachta in Eaglais Mhuire.

I mí Lúnasa, d'óstáil Cumann Forbartha Bhéal Átha Ragad an Fóram agus thug an tOifigeach Feasachta Comhshaoil cur i láthair faoi 'Bimis ag Déanamh Obair Foirne ar son Chill Chainnigh ar mhaithe le Glanadh Suas' agus cuireadh tús le siúlóid trí Bhéal Átha Ragad ina dhiaidh sin.

Mar thoradh ar rath thionscadail bhailithe uisce báistí an dá phobal, fógraíodh deis mhaoiniúcháin do bhaill Fhóram na mBailte Slachtmhara sa bhliain 2022 chun spreagadh dóibh na tionscadail bhailithe uisce báistí a mhacasamhlú ina gceantar áitiúil féin.



Múrphictiúr i mBéal Átha Ragad

Gradaim na mBailte Slachtmhara

Bhí cúig iontráil is fiche ann ó Chontae Chill Chainnigh agus léiríonn an figiúr sin méadú ar rannpháirtíocht i gcomparáid le blianta roimhe seo. Fuarthas na gradaim seo a leanas:

- Choimeád *Cathair Chill Chainnigh* a bonn óir agus ghnóthaigh sí an Gradam Contae
- Choimeád *Inis Tíog* a bonn óir agus fuair sí an dara háit sna Gradaim Chontae
- Choimeád *Tulchacht* a bonn airgid agus fuair sí an tríú háit sna Gradaim Chontae
- Ghnóthaigh *Bailte Slachtmhara Chill Mogeanna* an Gradam Sáriarrachta
- Ba é *Bailte Slachtmhara Chaisleán an Chomair* buaiteoir náisiúnta Gradam Feasachta Bruscair Agent Brite
- Ghnóthaigh *Bailte Slachtmhara Thulchacht catagóir an Oirdheiscirt i leith an Phlean Uile-Éireann um Pailneoirí*

GNÍOMHÚ AR SON NA hAERÁIDE

Bunaíodh Seirbhís maidir le Gníomhú ar son na hAeráide - Forbairtí Nua

Bunaíodh Seirbhís nua maidir le Gníomhú ar son na hAeráide agus ceapadh Comhordaitheoir Aeráide chun comhordú a dhéanamh ar chur i ngníomh fhreagairt an Údaráis Áitiúil ar an ngéarchéim aeráide agus chun tacú le Comhairle Chonta Chill Chainnigh ceannaireacht a léiriú le dea-shampla maidir le réimse an ghníomhaithe ar son na haeráide. Tacóidh an Mheitheal Ghníomhaithe ar son na hAeráide le baint amach spriocanna náisiúnta i leith astaíochtaí gás ceaptha teasa na hÉireann a laghdú 51% faoin mbliain 2030 agus i leith teacht chun bheith aeráid-neodrach faoin mbliain 2050.

Plean maidir le Gníomhú ar son na hAeráide

Cuireadh tús leis an obair ar Chéim Ardphleanála Phlean an Údaráis Áitiúil maidir le Gníomhú ar son na hAeráide.

Plean 5 bliana atá sa Phlean maidir le Gníomhú ar son na hAeráide, agus bearta maolúcháin agus oiriúnúcháin san áireamh ann, agus is gá é a fhorbairt faoin Acht um Gníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021.

Sa bhliain 2022, cuireadh tús le hullmhú Fardail Astaíochtaí Bunlíne agus Measúnaithe Riosca Aeráide le haghaidh Chontae Chill Chainnigh. Bainfear leas as na staidéir sin mar fhoinse faisnéise i gcomhair na dtosaíochtaí agus na ngníomhartha sa Phlean nua maidir le Gníomhú Aeráide. Sainithneoidh an Measúnú Riosca Aeráide na príomhghuaiseacha aeráide atá ann faoi láthair agus a bheidh ann sa todhchaí, amhail tuilte agus tonnta teasa agus tionchair fhéideartha ar bhonneagar, ar shláinte agus ar fholláine, ar an gcomhshaol agus ar chúrsaí airgeadais. Soláthróidh an Fardal Astaíochtaí Bunlíne bunlíne ar ina haghaidh a dhéanfar athruithe ar astaíochtaí a thomhas thar ré an Phlean Gníomhaithe Aeráide.

An Straitéis Oiriúnúcháin i leith Athrú Aeráide

Sa tuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn maidir le Plean Chomhairle Chontae Chill Chainnigh maidir le hOiriúnúcháin Aeráide (2019-2024), ar tuarascáil í a cuireadh faoi bhráid na Roinne Chomshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, tuairiscíodh go bhfuil 95.8% de ghníomhartha na Straitéise curtha i ngníomh cheana féin nó ar siúl fós anois.

I measc na ngníomhartha sin áirítear na nithe seo a leanas:

- Tús curtha le Plean Soghluaisteachta Uirbeach Inbhuanaithe Chathair Chill Chainnigh
- Tús curtha le Tionscadal Éifeachtúlacht Fuinnimh an tSoilsiúcháin Phoiblí i Réigiún an Oirthir
- Beartas oibre cumaisc glactha agus tús curtha le cur i ngníomh na scéime
- Uasdátú déanta ar Phleananna Drochaimsire, Móréigeandálaí agus Cothabhála Geimhridh
- Dul chun cinn déanta maidir le 4 Scéim Faoisimh Tuile (FTS), go dtí Céim an Cheadaithe ó Oifig na nOibreacha Poiblí
- FRS-anna Ghráig na Manach agus Bhaile Héil ag Céim 2 agus ag Céim 2 faoi seach
- Tionscadail aiseistithe fuinnimh in Áras an Chontae agus sa Chlós Innealra curtha i gcrích
- Saoráid nua leasa suiteáilte in Áras an Chontae chun taisteal gníomhach chun na hoibre a éascú
- Obair ar siúl ar Phleananna Soghluaisteachta le haghaidh Challainn, Ghráig na Manach, Phort an Chalaigh agus Chaisleán an Chomair.

Corrthrádail

Glacadh na Fodhlíthe Corrthrádála 2021, le haghaidh Cheantair Bhardasacha Chaisleán an Chomair, Challainn, Bhaile Mhic Andáin agus Bhaile an Phoill ar an 17 Eanáir 2022 agus tháinig siad i ngníomh ar an 17 Feabhra 2022. Clúdaíonn na Fodhlíthe sin 20 Bá Corrthrádála Ainmnithe. Tá 18 gcinn de na bána trádála sin ar fáil chun trádáil a dhéanamh iontu. Baineann dhá cheann de na bána trádála leis an nGlasbhealach sa Ghleann Mór agus i bPort an Chalaigh agus níl siad sin ar fáil i gcomhair trádála go dtí go gcuirfear bailchríoch ar an nGlasbhealach.

Eisíodh ocht gCeadúnas Corrthrádála sa bhliain 2022 i.e. ceithre cinn i gCaisleán an Chomair, dhá cheann i nGráig na Manach, ceann amháin i gCeanannas agus ceann amháin in Inis Tíog.



Bá Corrthrádála in Inis Tíog

Reiligí

Gairdín Múrtha na Colmlainne, Reilig N. Ciarán

Tá conraitheoirí ceaptha mar chonraitheoir le haghaidh thógáil Bhalla na Colmlainne agus na n-oibreacha gaolmhara go léir ag Reilig N. Ciarán. Beidh 100 cuasán ar fad ar fáil laistigh d'aonaid bhalla na Colmlainne sa Ghairdín, agus beidh rogha ann tuilleadh aonad a chur isteach ach din faoi réir an éilimh amach anseo. Tá tús curtha le hoibreacha ar an láthair agus cuirfear an tionscadal i gcrích go luath sa bhliain 2023.




Gairdín Múrtha Colmlainne

Ciste na Séadchomharthaí Pobail - Oibreacha Caipitiúla na Cloiche Mantaí & Dhún Cit

Tá oibreacha curtha i gcrích ag Comhairle Chontae Chill Chainnigh chun cabhrú le caomhnú agus cosaint dhá eaglais mheánaoiseacha agus reiligi sa Chloch Mhantach agus i nDín Cit faoi Chiste na Séadchomharthaí Pobail 2022 a riarann an Roinn Tithíochta, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil. Bhí na hoibreacha curtha i gcrích go hiomlán maidir leis an dá thionscadal faoi dheireadh na bliana. Bhainistigh an Rannóg Comhshaoil agus an Oifig Oidhreachta na tionscadail.



Eaglais agus Reilig Dhún Cit



Eaglais agus Reilig na Cloiche Mantaí

Cáilíocht Uisce - Iniúchtaí ar Fheirmeacha

Mar thoradh ar athbhreithniú ar saincheistanna léarscáilíochta an EPA agus ar shonraí cáilíochta uisce atá ar fáil ón Meitheal Iniúchta Feirmeacha, sainithníodh 3 dhobharlach dromchla ina bhfuil brúnna suntasacha talmhaíochta agus ina bhfuil baol nach gcomhlíonadh na dobharlaigh cuspóirí na creat-treorach maidir le huisce faoin mbliain 2027, is é sin le rá, Sruthán Inis Snag (Inis Snag_010), Abhainn Ghabhráin (Gabhrán (020), agus Abhainn Mhóin Fheidhlim agus Bhaile Bhalsain (Móin Fheidhlim_030). Rinneadh measúnú dobharcheantair mionsonraithe ansin ar ina leith a roghnaíodh 80 feirm lena n-iniúchadh de réir am phlean RMCEI a tiolacadh.

Ar fud na bliana, leanadh den obair bhreise maidir le saincheistanna roimhe seo a sainithníodh le linn iniúchtaí sa bhliain 2021 agus le linn líon teoranta saincheistanna a sainithníodh sa bhliain 2022 nuair a bhí COVID-19 i mbarr a réime. Dúnadh líon mór cásanna ós rud é gur réitíodh na saincheistanna a bhain leo. Tá 5 chás ar oscailt fós agus d'fhéadfadh sé go mbeidh gá le crostuiriscíú a dhéanamh ina leith do DAFM i Ráithe 1 den bhliain 2023..

Ní raibh ach aon fheirm amháin as measc na bhfeirmeacha a iniúchadh sa bhliain 2022 nach raibh dóthain acmhainne stórála aici agus a bhí róstocáilte agus, nuair a iniúchadh iad, bhí dóthain stórála ag na feirmeacha eile a iniúchadh le haghaidh na leibhéal stoc ar an láthair. Bhain an phríomh-shaincheist a taifeadadh ar fheirmeacha le huisce salaithe agus le bailiú an uisce sin. Is saincheist í fós, i roinnt cásanna, uisce ghlan a dheighilt ó uisce salaithe.

Sábháilteacht Uisce

Sa bhliain 2022, d'fhostaigh Comhairle Chontae Chill Chainnigh 18 Garda Tarrthála cháilithe ard-oilte chun bheith ag obair i 5 cinn de limistéir shnámha neamhainmnithe sna Cluainte3 agus ag an gCora i gCathair Chill Chainnigh, i nGráig na Manach, in Inis Tíog agus i mBaile Mhic Andáin. Bhí gardaí tarrthála ar dualgas idir 2pm agus 7,30pm ar an Satharn agus ar an Domhnach i rith mhí an Mheithimh agus 7 lá sa tseachtain i rith mhíonna Iúil agus Lúnasa. Go háirithe, bhí Iúil agus Lúnasa an-ghnóthach de bharr na haimsire an-te.

Ón 18 go dtí an 22 Iúil, reáchtáladh “Seachtain Snámha an tSamhraidh” i limistéir ghardaí tarrthála Ghráig na Manach agus Chora Bhaile Mhic Andáin. Ba iad ár gcuid gardaí tarrthála agus an tOifigeach Forbartha Sábháilteacht Uisce a d'éascaigh an tseachtain snámha agus cuireadh chun cinn í trí chainéil mheán sóisialta Chomhairle Chontae Chainnigh. Bhí daoine sa dá phobal an-sásta leis an tSeachtain Snámha agus fuarthas aiseolas an-dearfach ó shnámhaithe agus óna dtuismitheoirí. D'fhreastail os cionn 200 leanbh ar imeachtaí na seachtaine agus iad go léir ag feabhsú a gcumais snámha tar éis na tréimhse nach raibh ranganna snámha ar fáil lena linn de bharr dhianghlais Covid.



Linn Chora Bhaile Mhic Andáin



Gardaí tarrthála ar dualgas le linn na Seachtaine Snámha i mBaile Mhic Andáin; chaith na gardaí tarrthála péint ghorm aghaidhe mar thacaíocht don lá domhanda coiscthe bá

D'eagraigh Sábháilteacht Uisce Éireann feachtas a raibh poiblíocht ann go forleathan ina leith - ‘Tabhair Aird ar ár Laochra’ arbh é a bhí ann ná rabhadh don phobal faoi na guaiseacha éagsúla a bhaineann le fionnuisce agus le sáile agus faoin tábhacht a bhaineann le snámh in áiteanna sábháilte agus bhí gardaí ardoilte tarrthála in ann a gcomhairle a chomhroinnt le snámhaithe. Bhí Lucy Cleere, atá i measc ár ngardaí tarrthála abhann i gCill Chainnigh le ceithre bliana anuas, i measc an tseisir gardaí tarrthála a roghnaíodh le haghaidh an fheachtais náisiúnta.



Tá tuairisc faighte i rith na bliana faoi roinnt Baoithe Tarrthála a bheith ar iarraidh feadh na Feoire i gCathair Chill Chainnigh. Soláthraíodh baoithe tarrthála go pras agus tuairiscíodh iompar frithshóisialta don Oifigeach Forbartha Sábháilteachta Uisce agus do na Gardaí.

Rialú Madraí agus Capall

I gcomhar le Seirbhís na Maor Madraí (DWS), tá an tSeirbhís Tréidliachta rannpháirteach i gcur i bhfeidhm an Achta um Rialú Madraí, 1986, arna leasú, agus an Achta um Bunachais Pórúcháin Madraí, 2010, arna leasú.

Seo a leanas achoimre ar na gníomhaíochtaí sa bhliain 2022:

- Rinne an tseirbhís rialáil ar 9 mBunachas Póraithe Madraí agus, sa bhliain 2022, agus rinneadh iniúchadh ar 31 Bhunachas Póraithe Madraí Cill Chainnigh thar Chontae Chill Chainnigh.
- Ba é a bhí sa líon madraí a ceadúnaíodh ná 5,107
- Tugadh suas 364 mhadra agus dhéileáil an Dídean Madraí leo (*lena n-áirítear na madraí a d'aimsigh DWS mar mhadraí fáin*)
- Athéilíodh 77 mhara
- Aimsíodh baile nua do 275 mhadra
- Cuireadh 1 mhadra síos
- Gaibhníodh 4 chapall sa bhliain 2022 faoin Acht um Rialú Capall.

Bhí bliain thar a bheith gnóthach ag an Dídean Madraí agus is léir gurb amhlaidh a bhí an scéal ar fud na tíre. Léiríonn na figiúirí thuas méadú 99% i gcomparáid leis an bhliain roimhe seo a mhéid a bhaineann leis an líon madraí ar déileáladh leo sa Dídean Madraí. I mí Dheireadh Fómhair 2022, cé go raibh an dídean go hiomlán feidhmiúil ní rabhthas in ann glacadh le madraí a bhí á dtabhairt suas ar feadh trí lá de bharr an lánacmhainneacht 22 mhadra a bheith sroichte againn. Tar éis gur éirigh linn madraí a thabhairt ar ais dá n-úinéirí, chomh maith le bailte nua a aimsiú do mhadraí nár éilíodh ar ais, bhí an dídean in ann athchromadh ar ghlacadh le madraí a bhí á dtabhairt suas. Ceaptar go sroichfidh an dídean madra lánacmhainneacht arís go gairid amach anseo de bharr na treochta leanúnaí seo ar fud na tíre.

Tháinig méadú ar ghlaonna ó dhaoine den phobal maidir le rialú madraí, ar daoine iad atá níos gníomhaí ná riamh maidir le madraí nach bhfuil faoi rialú, go háirithe póortha srianta, a thuairisciú.

Leanann Coiste na gCaighdeán Leasa Ainmhithe d'ionchur agus de threoir a chur ar fáil don Chomhairle maidir le rialú madraí agus capall.

SEIRBHÍSÍ TRÉIDLIACHTA

Conradh Seirbhíse Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann

Comhlíonann an tSeirbhís tréidliachta an conradh seirbhíse idir an FSAI agus Comhairle Chontae Chill Chainnigh ina n-áirítear freagracht i ndáil le Seirbhís Tréidliachta an Údaráis Áitiúil i limistéar Cheatharlach.

Seo a leanas gníomhaíochtaí na bliana:

- Sa bhliain 2022, mharaigh Seamlais atá faoi mhaoirseacht na seirbhíse 5,339 gCeann Eallaigh, 11,880 Chaora agus 118,136 Éan Clóis.
- Bhí 20 Gnó Bia á maoirsiú ag an tseirbhís sa bhliain 2022.
- Rinneadh 217 gCigireacht Sláinteachais (seachas Cigireachtaí AM/PM) in áitribh bhia atá faoi mhaoirseacht na seirbhíse.

Thóg an tSeirbhís Tréidliachta 132 Shampla Rialaithe Oifigiúla inar cuimsíodh an méid seo a leanas:-

- 28 gcinn i leith Leigheasanna Ainmhí
- 12 cheann le haghaidh ceimiceán i mbia
- 17 sampla uisce
- 45 Mhaipíneacht Chonablaigh i leith miocrób
- 30 sampla bia le haghaidh miocrób
- Cuireadh na samplaí sin go léir chuig na Saotharlanna Rialaithe Oifigiúla ainmnithe de réir Phlean Náisiúnta na hÉireann maidir le Sampláil Náisiúnta na hÉireann maidir le Rialú Oifigiúil.

Rinneadh Deimhniúchán Tréidliachta le haghaidh trádáil leis an Ríocht Aontaithe i gcás bia de thionscnamh ainmhíoch a chur ar ceal ó Iúil 2022 go mí na Nollag 2023. Sa bhliain 2022, lean an tSeirbhís Tréidliachta de fhreastal a dhéanamh ar oiliúint BREXIT/TRACES sa bhliain 2022 a bhain leis an ábhar seo chun a chumasú do ghnóthaí bia leanúint den trádáil seo sa todhchaí más gá.

Chuir FSA in iúl don Earnáil Údaráis Áitiúil sa bhliain 2021 go raibh sé ar intinn acu comhaontú náisiúnta leibhéil seirbhíse a dhéanamh le DAFM maidir le soláthar na seirbhíse sin. Tá sé sin curtha ar athlá anois go dtí Ráithe 4 den bhliain 2023.

Leanann Comhairlí Contae Chill Chainnigh agus Thiobraid Árann de bheith i gceannas ar an tseirbhís náisiúnta chomhroinnte dar teideal “Clár Uisce na nÚdarás Áitiúil” (LAWPRO) trína dtugtar tacaíochtaí, agus trína ndéantar comhordú, i ndáil le Plean Bainistíochta Abhantraí d’Éirinn 2018 – 2021 (RBMP) a chur i bhfeidhm. Mar thoradh ar RBMP, ceanglaítear ar LAWPRO díriú ar rannpháirtíocht phoiblí, ar chomhordú geallsealbhóirí agus ar bhaint amach feabhsuithe cáilíochta uisce, ar bhonn náisiúnta, i dtaca le 189 réimse tosaíochta gníomhaíochta. Laistigh de Chill Chainnigh, is iad na limistéir a ndíreofar orthu an Deighean, Sruthán Mhaigh Coillí, an Uaithne, an Dubhaisce agus Sruthán Porterstown, an Bhréagach, an Pocke, an Lingaun agus an tOircín.

Sholáthair LAWPRO Modúil 2 agus 3 den chúrsa eolaíochta agus bainistíochta dobharlaigh do thuairim is 100 rannpháirtí eanála poiblí i mBealtaine/Meitheamh agus i nDeireadh Fómhair/Samhain.

Thacaigh LAWPRO leis an gcomhairliúchán náisiúnta poiblí faoin dréacht-Phlean Bainistíochta Abhantraí d’Éirinn 2022 - 2027 ar comhairliúchán é a seoladh ó Mheán Fómhair 2021 go dtí an 31 Márta 2022 agus seoladh próiseas comhairliúcháin phoiblí freisin ar leibhéal áitiúil. D’éirigh le LAWPRO a chuspóir a bhaint amach maidir le pobail áitiúla a mhealladh chun bheith páirteach sa phróiseas comhairliúcháin phoiblí. Ba léir sin ón 6,100 duine ar leithligh a d’fhreastail ar Sheomra Comhairliúcháin Fíorúil LAWPRO, ón 1,594 dhuine a d’fhreastail ar chruinnithe poiblí agus ón 450 aighneacht a fuarthas tráth a raibh srianta Covid-19 i bhfeidhm. Thiomsaigh LAWPRO na tuairimí a bailíodh le linn na 93 chruinniú phoiblí agus a bhí ann sna 450 aighneacht áitiúil. Tháinig liosta príomhthéamaí chun cinn as saincheistanna agus ábhair inní a bhí ardaíthe go minic ag pobail áitiúla. Ullmhaíodh tuarascáil faoi na haighneachtaí comhairliúcháin phoiblí a fuair LAWPRO faoin Dréacht-Phlean. Seoladh na cruinnithe fíorúla poiblí i gCill Chainnigh ar an 22 agus ar an 24 Feabhra 2022. Ceaptar go bhfoilseoidh DHLGH an plean críochnaitheach go luath sa bhliain 2023.

I gcomhar le hIontaobhas na nAibhneacha, d’éirigh le LAWPRO Communities Caring for Water Conference ar an 26 Samhain i nDún Uí Choileáin. Ba imeacht hibrideach é sin agus béim leagtha ar phleanáil bainistíochta abhantraí lena linn agus leas á bhaint as fóraim phobail abhantraí a bhí beartaithe mar bhealach chun tacú le rannpháirtíocht phoiblí. Tá leagan taifeadta den imeacht ar fáil ar láithreán gréasáin LAWPRO.

Lean Oifigeach Uisce Phoiblí Chill Chainnigh de bheith ag obair le grúpaí pobail i ndáil le feasacht a mhéadú maidir lena gcuid uisce áitiúla agus maidir le tacú le tionscadail áitiúla éagsúla.

Tá Lá na hOidhreachta Oisce ina phríomhlá feasachta agus rannpháirtíochta i bhféilire LAWPRO. Bíonn sé ann i mí Lúnasa gach bliain ar an Domhnach le linn na Seachtaine Oidhreachta agus sa bhliain 2022 bhí imeachtaí i bpearsa ann arís agus béim ar an ngéarchéim bithéagsúlachta agus ar chailleadh mórscála dúlra inár mbailte agus i gceantair thuaithe.

I measc phríomhimeachtaí Chill Chainnigh i mbliana, áiríodh an méid seo a leanas:

- Lá Wild Child, Faireachán ar Eascanna in Inis Tiog
- Turais Bháid ar an bhFeoir
- Siúlóid an Loinneáin agus stair an ghleanna
- Bith-Bhleait Chaisleán an Chomair ar an Deighean
- Safari Abhann feadh na Bearú in éineacht le hÉanna Ní Lamhna
- An file, Christine Foley, ag léamh a dáin dar teideal *Ode to the River Barrow*

Bhronn an Ciste Forbartha Uisce Pobail €2,000 ar Iontaobhas Aibhneacha Pobail Bhaile Mhic Andáin le haghaidh deisiú bonneagar, suiteáil agus uasghrádú saoráidí ag Linn Snámha na Cora. Ceadaíodh maoiniúchán le haghaidh Iontaobhas Abhantrach na Feoire freisin.

Leanadh d’fhorbairt agus de chur i bhfeidhm straitéis dhúlra-bhunaithe bhainistithe agus fhorfheidhmithe uisce dromchla DHLGH. Sa bhliain 2022, leagadh béim ar chur chun cinn Réiteach Dúlra-Bhunaithe i dtionscadail Údarais Áitiúil a fhaigheann maoiniúchán suntasach rialtais e.g. Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach, Gorbairt Athghiniúna Tuaithe, an Scéim athnuachana Bailte agus Sráidbhailte, CLÁR, Taisteal Gníomhach, ORIS etc. Leanann LAWPRO de bheith ag obair leis na dreamanna ceannasacha maoiniúcháin agus le gairmithe iomchuí

agus le gairmithe iomchuí lena chinntiú go gcuireann na tionscadail sin prionsabail dhúlra-bhunaithe bainistíochta uisce dromchla san áireamh. I gcomhar le Bonneagar Iompair Éireann agus le roinnt Údarás Áitiúil, tá LAWPRO ag obair chun forbairt a dhéanamh ar chás-staidéir i réimsí na hathghiniúna uirbí agus an taistil ghníomhaigh. Tá grúpa oibre curtha ar bun ag LAWPRO i gcomhar le roinnt údarás áitiúil chun forbairt a dhéanamh ar theimpléad le haghaidh pleananna bainistíochta uisce báistí atá in ann cabhrú le hÚdarás Áitiúla le linn Pleananna Ceantair Áitiúil a ullmhú. Thug LAWPRO cur i láthair maidir le SuDS agus Réitigh Dhúlra-Bhunaithe le linn Chomhdháil Bhithéagsúlachta na nÚdarás Áitiúil a seoladh ar an 21 agus an 22 Meán Fómhair. Ba é téama na bliana seo conas is féidir le hÚdarás Áitiúla aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim bhithéagsúlachta. Rinneadh moltaí a tháinig chun cinn le linn na comhdhála sin a thíolacadh don Aire i mí na Nollag 2022.

I gcomhar leis an EPA agus leis an Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta, leanann LAWPRO de dhul chun cinn a dhéanamh maidir le hardán ar líne le haghaidh Bithfhairesachán Fionnuisce Eolaíocht Saoránach in Éirinn. I gcomhthráth leis sin, tá lámhleabhar bunleibhéil do shaoránaigh/eolaithe á fhorbairt i gcomhar le UCC & UCD. Thacaigh LAWPRO le hUisce-Bhleaithe 2022 ar tionscadal de chuid Institiúid DCU é i gcomhpháirtíocht le Earth Watch Europe agus bhí Comhairle Cathrach B haile Átha Cliath agus Baile Átha Cliath Cliste ann mar chomhurraitheoirí. Tá sonraí eolaíochta saoránaigh maidir le maicrinveirteabraigh á mbailiú fós ó dhaoine oilte den phobal. Tá mapáil déanta ar an bhfaisnéis agus tá sé sin ar fáil ar láithreán gréasáin LAWPRO chun bhreathnú air.



Safarí feadh na Bearú i Lúnasa 2022



Safarí feadh na Bearú i Lúnasa 2022



Filíocht taobh leis an mBearú i Lúnasa 2022



Bith-Bhleaist Chaisleán an Chomair i Lúnasa 2022



Osclaíonn an tAire Noonan an 'Communities Caring for Water Conference' i mí na Samhna 2022



Rannpháirtithe i gCúrsa Oiliúna Eolaíochta & Bainistíochta Abhantraí, Deireadh Fómhair 2022

PÁIRCEANNA & TAITNEAMHACHTAÍ

Déanann Oifig na dTionscadal & Roinn na bPáirceanna formhaoirseacht ar fhorbairt agus ar chothabháil raon leathan taitneamhachtaí éagsúla allamuigh i gCathair agus i gContae Chill Chainnigh, lena n-áirítear clóis súgartha, páirceanna, rianta siúil, limistéir ilúsáide cluichí agus faichí spóirt atá ar fáil lena n-úsáid ag daoine i ngach aoisghrúpa. Ina theannta sin, bainistíonn Oifig na dTionscadal agus Roinn na bPáirceanna gearradh féir, tionscadail phailneora agus bhithéagsúlachta, crannliacht agus cothabháil a dhéanamh ó lá go lá ar pháirceanna agus ar chlóis súgartha atá faoinár gcúram. Tá freagracht orthu freisin ar athbhunú leanúnach, ar bhainistiú cuairteoirí agus ar chothabháil Ghairdíní agus Chrannlann Chluain Dúin in Inis Tiog agus tá siad ag obair le Coillte chun uasghrádú a dhéanamh ar rianta i limistéar an eastáit i gcoitinne agus ar fud an Chontae.

Páirceanna agus Clóis Súgartha

I rith na bliana, chuir Oifig na dTionscadal & Roinn na bPáirceanna cúlúnamh teicniúil ar fáil do phobail siúil d'fhonn cabhair a thabhairt i ndáil le forbairt páirceanna agus clóis súgartha nua.

Cuireadh tús le tógáil clóis súgartha nua in Achadh Éir i rith na bliana 2022 agus ceaptar go mbeidh an clóis sin ar oscailt don phobal i Ráithe 2 den bhliain 2023.

Cuireadh tús le Cúim 2 de Pháirc Lúneach an tSléibhe Rua agus ceaptar go mbeidh sí ar oscailt don phobal i Ráithe 2 den bhliain 2023.

Rinneadh iniúchadh ar gach clóis súgartha ar bhonn seachtainiúil i rith na bliana.

Gairdíní agus Chrannlann Chluain Dúin

Lean Oifig na dTionscadal & Roinn na bPáirceanna de chothabháil i lár go lár a dhéanamh i nGairdíní Chluain Dúin agus de chur chun cinn agus pleanáil a dhéanamh i ndáil le tionscadail athbhunaithe na nGairdíní amach anseo. Tá cuid de bhuaicphointí na bliana liostaithe anseo thíos:

Lean Oifig na dTionscadal & Roinn na bPáirceanna de chothabháil i lár go lár a dhéanamh i nGairdíní Chluain Dúin agus de chur chun cinn agus pleanáil a dhéanamh i ndáil le tionscadail athbhunaithe na nGairdíní amach anseo. Tá cuid de bhuaicphointí na bliana liostaithe anseo thíos:

Leanamar dár saoráid iteachsin allamuigh a chur ar fáil trí lárthair shuáil allamuigh faoi phuball a bheith ann mar aon le leas a bhaint go tréthrialta as Trúcail Chaife Chluain Dúin Osclaíodh an parlás uachtair reoite i rith na bliana freisin.



Rinneadh rialú speiceas ionrach thar c. 2.3 acra de Labhrais Silíní laistigh de Ghairdíní Chluain Dúin agus den Eastát i gcoitinne. Tá bleibíní cloigín ghoirm dhúchasaigh plandáilte sa limistéar sin anois chun cabhrú le pailneoirí a bhíonn ann go luath sa bhliain.

Rinneadh líon suntasach idirghabhálacha i rith na bliana chun feabhas a chur ar rochtain do gach duine.

D'óstáil Cluain Dúin Rian Réinfhianna Coillearnaí Dhaidí na Nollag laistigh de na Gairdíní mar chuid d'Fhéile na Nollag.


Deontais Taitneamhachta

Sa bhliain 2022, fuair os cionn 171 ghrúpa cúnamh deontais ina raibh suim iomlán €140k.

Glasbhealach an Oirdheiscirt

Tá tógáil Ghlasbhealach an Oirdheiscirt thar achar 24km roinnte ina Luchtóga éagsúla le gur féidir na hoibreacha a dhéanamh ar bhonn céimnithe. Tá Luchtóg 1 (ó Mount Elliot go Robertstown), Luchtóg 2 (roinn uirbeach trí Phort an Chalaídh) agus Luchtóg 3 (ó Bhádchlós Ros Mhic Thriúin go dtí an Gleann Mór) críochnaithe go substaintiúil anois..

Leanfar de dhearadh agus de thógáil a chuid eile den Ghlasbhealach sna blianta 2023 agus 2024.



Íomhánna de ranna críochnaithe den Ghlasbhealach

Scéim an Bhonneagair Áineasa Allamuigh 2021 (ORIS)

Faoi Bheart 1 de ORIS, críochnaíodh 6 thionscadal san iomlán sa bhliain 2022. I measc na dtionscadal sin áiríodh an méid seo a leanas:

Líonra na Siúlán Lúibe Pobail

Feabhsú Shiúlán Cheanannais - Abhainn Rí

Oibreacha Feabhsaithe Shiúlán Lúibe Tory Hill

Eastát Chluain Dúin, Inis Tióg

Leanadh d'fheachtas margaíochta meán sóisialta chun Gairdíní agus Rialta laistigh den eastát a chur chun cinn.

Cill Chainnigh Allamuigh - Cur Chun Cinn & Margaíocht

Leanadh den fheachtas poiblíochta agus margaíochta le haghaidh 'Cill Chainnigh Allamuigh', ar branda agus láithreán gréasáin nua é lena ndéantar na hionaid cuartaíochta allamuigh go léir atá ann i gCill Chainnigh a chur chun cinn, agus rinneadh forbairt ar an bhfeachtas sin.

Coill Silaire - Fadú an Riain Siúil

Faoi Bheart 2 & faoi Bheart 3 de ORIS rinneadh dul chun cinn maidir leis na tionscadail seo a leanas:

Athshlánúchán Shiúlán Ard Raithe & Shiúlán na Crannlainne - Páirc Fionnachtana Chaisleán an Chomair

Páirc Thuaithe Chill Chainnigh

Cuireadh bailchríoch ar na doiciméid mionsonraithe deartha agus tairisceana agus fógraíodh iarraidh ar thairiscintí i leith na n-oibreacha i Ráithe 3 den bhliain 2022. Rinneadh próiseas tairisceana caibidlithe a chur i gcrích agus ceaptar go gcuirfear tús leis na hoibreacha go luath sa bhliain 2023.

Tionscadail Chomhpháirtíochta

I gcomhar le Comhpháirtíocht LEADER Chill Chainnigh agus le pobail áitiúla, rinneadh dul chun cinn maidir leis na tionscadail seo a leanas ar fud na bliana 2022:



Oscailt cheardlann nua Men's Sheds agus Limistéar Áineasa/Taitneamhachta Halla na Mainistreach i nGráig na Manach.

Limistéar Taitneamhachta Cois Abhann Dhroichead Binéid & Droichead Coisithe/Rothaithe

Ullmhaíodh Staidéar Féidearthachta & Tuarascáil ar Roghanna Dearthóireachta don tionscadal thuas. Ullmhaíodh dréacht-leagan amach den phlean tosaigh agus táthar ag súil go gcuirfear tús le teagmháil leis na príomhúinéirí talún go luath sa bhliain 2023.

Nasc idir Cluain Dúin agus Glasbhealach an Oirdheiscirt (SEG)

Ceapadh Punch Consulting Engineers chun Staidéar Féidearthachta & Tuarascáil ar Roghnú Bealaigh a ullmhú don tionscadal thuas. Cuireadh bailchríoch ar an Staidéar Féidearthachta i leith an togra i mí Dheireadh Fómhair agus chinn na sainchomhairleoirí go raibh an Nasc idir Cluain Dúin agus SEG indéanta chun cuspóirí an teagaisc a chomhlíonadh.

Naisc leis an Sliabh Rua agus leis an nGleann Mór ó Ghlasbhealach an Oirdheiscirt

Tar éis na bealaí tosaíochta a dhaingniú i mí Iúil 2022, leanadh ar aghaidh leis an dearadh tosaigh agus leis na measúnachtaí timpeallachta tosaigh. Rinneadh an Scagadh le haghaidh Measúnacht Chuí (AA) i mí Lúnasa 2022, ba é a bhí i gcinneadh an éiceolaí ná nach raibh gá le Measúnacht Chuí agus dhaingnigh an tÚdarás Inniúil i.e. an tÚdarás Pleanála an méid sin. Leanadh den dearadh tosaigh don dá nasc ar feadh an dara leath den bhliain agus ceaptar go ndéanfar an phleanáil le haghaidh gach naisc a chur ar aghaidh trí Alt 8 sa bhliain 2023.

Rian Oidhreacht Challainn

Trí oibriú leis an bpobal áitiúil, ullmhaíodh agus fógraíodh iarraidh ar thairiscintí i dtrátha dheireadh na bliana chun sainchomhairleoir oidhreacht a fhostú d'fhonn dul i gceannas ar mheitheal dearthóireachta a d'ullmhódhan dearadh le haghaidh Rian Oidhreacht Challainn.

Áirítear an méid seo a leanas i scóip na tairisceana:

- (a) roghnú bealaigh agus pointí spéise ó thaobh na hoidhreacht de a shainaithint,
- (b) beochan agus léirmhíniú chomharthaíocht an riain agus
- (c) monaróir agus suiteáil na comharthaíochta.



Ar an 25 Bealtaine, d'oscail an Cathaoirleach, an Comhairleoir Fidelis Doherty, Siúlán Lúibe Eas Chluain Dúin go hoifigiúil



Dé Céadaoin, an 25 Bealtaine, d'oscail Cathaoirleach Chomhairle Chontae Chill Chainnigh, an Comhairleoir Fidelis Doherty ceardlann nua Men's Sheds go hoifigiúil agus bhí slua mór daoine i láthair chun an ócáid a chomóradh. Mar thoradh ar thionscadal Men's Sheds, tiontaíodh bloc leithreas gan úsáid ar Bhóthar an Chlochair ina cheardlann Men's Sheds an-tarraingteach.



Ar an 25 Bealtaine, d'oscail an Cathaoirleach, an Comhairleoir Fidelis Doherty, Limistéar Áineasa Halla na Mainistreach go hoifigiúil. Mar thoradh ar chríochnú oibreacha taitneamhachta Halla na Mainistreach, tá deireadh curtha leis an mbaol go dtiocfadh an t-áitreabh chun bheith ina láithreán tréigthe ar an bPríomhshráid agus tá an t-áitreabh athbhunaithe lena úsáid ar mhaithe le taitneamh an phobail agus is léir go bhfuil an-dúil ag muintir na háite ann.



MINISTER HUMPHREY'S VISIT NOVEMBER 2022



Ar an 28 Samhain, i láthair Chathaoirleach Chomhairle Chontae Chill Chainnigh, an Comhairleoir Pat Fitzpatrick, d'oscail an tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail, Heather Humphreys T.D., Siúlán Lúibe agus Siúlann Crannlainne Ard Raithe i bPáirc Fionnachtana Chaisleán an Chomair go hoifigiúil. Ar an lá céanna, lainseáil an tAire Humphreys an Straitéis Náisiúnta maidir le hÁineas Allamuigh agus ní fhéadfaí áit níos oiriúnaí ná sin a roghnú chun an straitéis sin a lainseáil ar straitéis í a mhúnlóidh todhchaí an áineasa allamuigh in Éirinn.

2022 Key Outcomes #MakingitHappen

Oifig Fiontair Áitiúil
Local Enterprise Office



1,077 employed in LEO portfolio of businesses in Kilkenny



103 Net Jobs created in LEO supported businesses in 2022



21 Businesses have completed 23 LEAN one to one consultancy projects to investigate possible resource efficiencies & process improvements for their businesses

A total of €607,110 in direct financial assistance has been approved for 35 manufacture /export service businesses located throughout the county.



€27,931 awarded in feasibility study grants to 3 businesses



€47,778 in Agile Innovation Funding to support a business to carry out research and development on a new product for their business



€104,029 in Priming Grant (Start-up assistance) to 3 new business.



€374,969 in Business Expansion Grant assistance awarded to 14 existing businesses with forecasted new job creation of 49 jobs.



€30,000 in Grad Start funding to support graduate recruitment with one Kilkenny based company



12 Technical Assistance for Micro Exporter grant awarded totalling €22,402.

Comhdháil & Foilseachán Design Kilkenny

Sheol Comhairle Chontae Chill Chainnigh imeacht uathúil comhdhála chun a thaispeáint, i gcomhthéacs an ama atá caite, an t-am-i láthair agus an ama atá le teacht, conas atá an cumas ag Cill Chainnigh chun bheith chun tosaigh i dtaca le sármhaitheas i réimse na dearthóireachta. Cheiliúir an t-imeacht sin stair Chill Chainnigh i dtaca le cúrsaí dearthóireachta Dé hAoine, an 18 Samhain, i dTúr na Paráide i gCaisleán Chill Chainnigh..

Trí leas a bhaint as stair Chill Chainnigh i réimse na Staire, cheiliúir an chomhdháil seo leagáid leitheadach na dearthóireachta i gCill Chainnigh agus, lena linn, caitheadh súil ar an tslí ina bhféadfadh an leagáid shaibhir sin rannchuidiú le todhchaí na dearthóireachta i gCill Chainnigh. Le linn an imeachta, lainseáil an tAire Malcolm Noonan foilseachán nua freisin dar teideal 'Designing for Ireland' a bhí coimisiúnaithe ag KIDCo agus ar scríobh Mark Duncan é. Sa leabhar sin, déantar scrúdú ar chomhthéacs polaitíochta Cheardlanna Dearthóireachta Chill Chainnigh agus ar chúrsaí dearthóireachta in Éirinn.

Ghníomhaigh Láithreoir an Imeachta, Richard Curran, mar chathaoirleach ar dhá pháinéal i rith na maidine ar lá na comhdhála.

Rinne an chéad pháinéal comóradh ar stair na dearthóireachta i gCill Chainnigh agus in Éirinn agus bhí Mark Duncan; Mary Mullin agus an Dr Mary Ann Bolger i measc na gcainteoirí.



#CareersKilkenny

Trína hOifig Fiontair Áitiúil, sheol Comhairle Chontae Chill Chainnigh taispeántas gairmréimeanna ar an 30 Nollaig i Músaem an Mhíle Mheánaoisigh. Chuir raon gnóthaí áitiúla in earnálacha na nEolaíochtaí Saoil agus na Seirbhísí Airgeadais ar taispeáint, lena n-áirítear Tirlán, State Street, CluneTech, Loanitt, VHI, Banc na hÉireann, UPMC, Asgard Cleanroom Solutions agus CF Pharma. Bhí cuideachtaí ag iarraidh na céadta post a líonadh sa réigiún in earnálacha na n-eolaíochtaí saoil agus na seirbhísí airgeadais agus léargas a thabhairt ar an raon deiseanna fostaíochta a bhí ar fáil i gCill Chainnigh.



TURASÓIREACHT, LENA nÁIRÍTEAR TACAÍOCHT D'FHÉILTE

Is é atá i gcuispóir Mheitheal Turasóireachta Chomhairle Chontae Chill Chainnigh ná tacú le forbairt na turasóireachta ar fud Chontae Chill Chainnigh, agus sinn ag obair i gcomhar le príomh-gheallsealbhóirí - de chineál poiblí, príobháideach, pobail agus deonach - chun Ráiteas Straitéise Turasóireachta agus clár oibre Chill Chainnigh 2017-2022 agus, chomh maith leis sin, Plean Téarnaimh Náisiúnta an Rialtais 2020-2023, a chur i bhfeidhm. Roimh an bPaindéim, bhí an tionscal turasóireachta ag giniúint beagnach €10 billiún d'ioncam agus ag tacú le 260,000 post i níos mó ná 20,000 gnó, Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide den chuid is mó, agus leanann sé de gheilleagair réigiúnacha agus de gheilleagair thuaithe a chothú ar fud na tíre. Tá aitheantas á thabhairt le fada an lá don Tionscal Turasóireachta mar spreagthóir tábhachtach eacnamaíochta i leith ár ngeilleagair áitiúil anseo i gCill Chainnigh.

Féilte agus Imeachtaí

Chuir Comhairle Chontae Chill Chainnigh & Fáilte Éireann maoiniúchán ar fáil d'eagraithe féile chun cabhrú le forbairt agus cur chun cinn féilte lena ngabhann tionchar suntasach turasóireachta agus lean siad den mhaoiniúchán sin a sholáthar sa bhliain 2022 trí suim fhoriomlán os cionn €112,000 a leithroinnt mar thacaíochtaí airgeadais d'fhéilte agus d'imeachtaí.

Is é is príomhchuspóir don Scéim Deontais i leith Tacaíocht d'Fhéilte ná tacú le féilte a chothaíonn turasóireacht i gCill Chainnigh, rud atá ina bhuntaca do Straitéis Turasóireachta Chomhairle Chontae Chill Chainnigh agus a fheabhsaíonn eispéireas cuairteoirí i gCathair agus i gContae Chill Chainnigh.




I gcomhar le Turasóireacht Chill Chainnigh, d'óstáil **Taste Kilkenny** Seachtain Bhialann iontach, #tastekilkenny, ón 18 go dtí an 27 Feabhra. Is tionscnamh de chuid Chomhairle Chontae Chill Chainnigh é, le tacaíocht ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Seachtain Bhialanna Chill Chainnigh agus, lena linn, bhí deis mhaith ag cuairteoirí agus ag beadaithe áitiúla araon cuairt a thabhairt ar chuid de na bialanna is mó éileamh sa chontae agus blaiseadh a fháil ar bhia áitiúil ar bhiachláir áitiúla. Ar feadh 10 lá a bhí lán d'imeachtaí itheacháin, chuir níos mó ná 30 bunachas rannpháirteach cuid dá miasa is mó ráchairt agus is mó éileamh ar phraghasanna íslithe

Thacaigh Comhairle Chontae Chill Chainnigh lenár bhFéile Lá Fhéile Pádraig & le Tradfest ar éirigh go mór leo agus sroicheadh lucht féachana ollmhór ar fud an domhain trí ardáin meán sóisialta agus tháinig os cionn 100,000 cuairteoir go Cill Chainnigh le haghaidh na 5 lá den cheiliúradh.



Bhí Féile Chill Chainnigh don Ghnáthphobal ann arís i mí Aibreáin 2022 agus díoladh na ticéid ar fad le haghaidh ionaid éagsúla ar fud na Cathrach.

Téann daoine ag spaisteoireacht trínár sráideanna meánaoiseach agus iad ag sampláil raon leathan ceoil i níos mó ná 30 ionad ina bhfuil 40 taibheoir, idir Éireannaigh agus thaibheoirí idirnáisiúnta, le feiceáil agus iad i mbun 90 seó, idir sheónna ar íocaíocht agus sheónna saor in aisce.



Reáchtáladh Féile Gháire an Chait i gCill Chainnigh arís ón 3 go dtí an 5 Meitheamh 2022, le tacaíocht ó Chiste Taibhiúchán Beo na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus ó Chomhairle Chontae Chill Chainnigh.



Leanann Comhairle Chill Chainnigh de thacaíocht a thabhairt dár bhféilire uile-bhliana imeachtaí ar lena linn a dhéantar ár bhFéile Ealaíon is seanbhunaithe agus is mó iomrá idirnáisiúnta i mí Lúnasa a óstáil. Ón tráth a bhunaíodh í sa bhliain 1974, tá cuid mhór de na ceoltóirí, de na taibheoirí, de na scríbhneoirí agus de na healaíontóirí is fearr ar domhan bailithe le chéile ag Féile Ealaíon Chill Chainnigh i gCathair Mheánaoiseach na hÉireann. Le linn 10 lá gach mí Lúnasa, tairgeann eaglaisí stairiúla, caisleán stairiúil, clóis cúirte stairiúla, tithe cathrach stairiúla le haghaidh comhshaothair uathúla agus idirghníomhaíocht dhlúth idir an lucht féachana agus ealaíontóirí.

I mbliana, thacaigh Contae Chill Chainnigh le AKA, is é sin Ealaíona Malartacha Chill Chainnigh ar Féile iontach imill de chuid Chill Chainnigh é. Bhí AKA ann den ochtú bliain agus bhí an lucht eagraithe an-chorraithe i leith ceol, ealaín agus ceardaíocht de chineál dinimiciúil, agus nithe nach iad, a chur ar fáil ar shráideanna, agus in ionaid, de chuid Chathair agus Chontae Chill Chainnigh. Bhí clár na bliana



seo lán d'ealaíontóirí, d'earraí ceardaíochta agus de thaibhiúcháin iontacha agus bhí rud éigin ar fáil do gach uile dhuine.



I mí Mheán Fómhair, óstáladh an ceathrú clár i leith Scannáin Bheochana Chill Chainnigh. Óstálann an stiúideo atá ainmnithe cúig huaire le haghaidh Academy Award®, is é sin, Cartoon Saloon, agus Lighthouse Studios, ar buaiteoir gradam é, an fhéile agus bunaítear í ar shráideanna meánaoiseacha agus ar fhánáin meánaoiseacha Chill Chainnigh, i gcroílár Oirthear Ársa na hÉireann agus faigheann sí inspioráid ó na nithe sin.

I mí Dheireadh Fómhair, cuireadh fáilte roimh Savour arís chuig sráideanna Chill Chainnigh.

Comórann ceann de na féilte bia is mó éileamh de chuid na hÉireann, is é sin, Savour Chill Chainnigh, deireadh an fhómhair agus seoltar an fhéile i suíomh iontach Chathair Mheánaoiseach Chill Chainnigh. Tá cuid den bhia is fearr de chuid na hÉireann agus na hEorpa le fáil i gCill Chainnigh.

Seoladh Savour i rith dheireadh seachtaine lá saoire baine Dheireadh Fómhair. Ceiliúrann an t-imeacht torthaí talmhaíochta, bia agus cultúr Chill Chainnigh agus na dtailte méithe féaraigh máguaird..



**SAVOUR FOOD FESTIVAL
OCTOBER 2022**





Reáchtáladh Lá Chill Chainnigh 2022 Dé Domhnaigh, an 9 Deireadh Fómhair. Is lá spraoi do theaghlaigh é seo ar Shiúlán na gCathair Chill Chainnigh agus iarradh ar chuariteoirí agus ar mhuintir na háite teacht amach agus ceiliúradh a dhéanamh ar ár gcontae agus ar ár bpobal. Imeacht speisialta de chuid an lae ab ea nochtadh Suiteáil Adam King dar teideal 'Barróg Fhíorúil'. Déanann an tsuiteáil nua seo comóradh ar

na dúshlán a bhí ann le linn phaindéim Covid-19 agus cuirfidh sí ionad suaimhneach ar fáil don phobal áitiúil chun machnamh a dhéanamh ann agus chun bualadh le daoine eile ann.

I mí na Samhna, fáiltíodh os cionn 3,000 cuairteoir chuig an gCathair chun taitneamh a bhaint as Kilkenomics ón 3ú lá go dtí an 6ú lá den mhí. Is é buan-aidhm Kilkenomics cúrsaí eacnamaíochta a bhaint amach as seomraí comhdhála agus as réimse na hacadúlachta agus iad a chur i mbaint le saol gnáthdhaoine.

Bíonn na rannpháirtithe in ann páirt a ghlacadh sna formáidí neamhfhoirmiúla siamsúla agus taitneamh a bhaint astu.



Ag deireadh na bliana, mar dheis taispeána bhuanna Chill Chainnigh um Nollaig, cuireadh fáilte roimh Fhéile na Nollag arís go sráideanna na Cathrach agus ar fud an Chontae. Cuireadh tús le Féile na Nollag ar an 25 Samhain agus bhí sé ar siúl suas go dtí Oíche Nollag agus bhí clár iomlán imeachtaí ann a raibh teaghlaigh in ann páirt a ghlacadh iontu. I measc na n-imeachtaí is mó éileamh a bhí ar fáil arís áiríodh Margadh na Nollag, Rith Dheaidí na Nollag ar an Míle Meánaoiseach, Ardán na mBannaí Ceoil agus Oíche Scannáin Fhéile na Nollag.

Ba bhliain rathúil i an bhliain 2022 i dtaca le hiarrachtaí Chomhairle Chill Chainnigh chun raon Tionscnamh Turasóireachta a chur ar fáil ar fud na Cathrach agus an Chontae. D'oibríomar chun roinnt tionscadal uailmhianach a eagrú agus a chur i láthair ar tionscadail iad a chuirfidh feabhas mór ar eispéireas cuairteora amach anseo.

Beochan Uirbeach ~ Cill Chainnigh Ildánach



D'éirigh le Comhairle Chontae Chill Chainnigh €439,875 a áirithiú faoi Scéim Beochana Uirbí Fháilte Éireann sa bhliain 2021. Déanann 'Cill Chainnigh Ildánach' spásanna poiblí ar fud Lár Chill Chainnigh a bheochan ar mhaithe lenár gCathair Mheánaoiseach a athshamhlú do chuariteoirí agus, ag an am céanna, chun spásanna beoga cruthaitheacha pobail a chruthú dár gcuid saoránach. Cuirfear an tionscadal i gcrích faoi shamhradh na bliana 2023..

Rinneadh Múrphictiúr Cartoon Saloon, ar Shráid Mhichíl agus ar Shráid na Mainistreach, a chríochnú thar shamhradh na bliana 2022. Mar thoradh ar an inspioráid a fuair sí ó scannáin Cartoon Saloon, is é sin, *Wolfwalker* agus *Sounds of the Sea*, chuir an t-ealaíontóir, Kathrina Rupit, beocht in dá spás uirbeacha lena saothar ina léirítear doimhneacht íontach agus radharc lá de dhathanna éagsúla.

Gailearaí Ealaíne Allamuigh: Is é atá i gceist le suiteáil Scáileán Digiteach Cultúir ar fud Chill Chainnigh ná nasc a chruthú le cuairteoirí, á chur i gcuimhne dóibh gur cathair cruthaitheachta í Chill Chainnigh agus go bhfuil neart nithe á dtairiscint inti. Tá gailearaithe, féilte, ealaíontóirí agus ionaid in ann saothar ardchaighdeán a chomhroinnt, mar shampla, taispeáint scannán, taispeántais dhigiteacha, píosaí scannánaíochta nach bhfuil fáil orthu go poiblí agus saothair ealaíne choimisiúnaithe mar aon le hidirghníomhaíocht chruthaitheach le linn do dhaoine a bheith ag bogadh ar fud na Cathrach. Suiteáladh scáileáin as an bParáid, ag Gailearaí na mBuitléarach agus ag Acomhal Mhic Donncha.



Soilsiúchán ar Lánaí: Tá soilsiúchán speisialta suiteáilte feadh Fhánán an Mhargaidh agus Fhánán an Ime - i.e. 2 lána isteach ón tSráid Ard - chun cuairteoirí a mhealladh go díreach chuig ár bProinnspás Allamuigh nua-fhorbartha i gCearnóg an Mhargaidh.

Mar thoradh ar chur i gcrích rathúil an tionscadail beochana uirbí seo, cuirfear feabhas ar inmharthanacht gnóthaí áitiúla trí fhearann poiblí breise, de chineál álainn ardchaighdeán a sholáthar i gCill Chainnigh. Cuirfidh sé leis an méid ama a chaitheann daoine sna spásanna poiblí seo agus spreagfaidh sé do chuairteoirí am a chaitheamh agus suí síos i Limistéir Allamuigh na Cathrach agus taitneamh a bhaint astu.



Lainseáladh ‘**South East Food Stories**’ anseo i gCill Chainnigh i mí an Mheithimh chun cabhrú le cur chun



cinn an raoin leathain táirgeoirí, soláthraithe agus déantóirí bia a bhfuil bianna ardcháilíochta á gcur ar fáil acu go díreach ón bhfoinse go dtí plátaí ar fud an Oirdheiscirt. Baineann an tionscnamh agraibhia píolótach le táirgí bia ó áiteanna i gCeatharlach, i gCill Chainnigh, i dTiobraid Árann, i bPort Láirge agus i Loch Garman agus tarraingíonn sé aird ar ghnóthaí a bhíonn ag obair go dian chun inbhuanaitheacht bhia a choimeád i gcroílár a gcuid gníomhaíochtaí. Is tionscadal comhoibríoch é de chuid na gCúigear Oifigeach Turasóireachta ar fud an réigiúin agus tacaíocht á fáil ina leith ón Roinn Talmhaíochta agus ón Oirdheisceart.



Horizon Irish Open 2022 i gCill Chainnigh



I gcomhpháirtíocht le Turas Gailf na hEorpa, Mount Juliet agus Fáilte Éireann, d'oibrigh Comhairle Chontae Chill Chainnigh chun uasmhéadú a dhéanamh ar an deis a bhí ag Cill Chainnigh í féin a chur chun cinn mar ceann scríbe turasoíreachta le linn 2022 Horizon Irish Open. Mhaisigh Comhairle Chontae Chill Chainnigh sráideanna na Cathrach agus, chomh maith leis sin, sráideanna bailte agus sráidbhailte gar don imeacht. Bhí seastán 'Cill Chainnigh' ann ag Mount Juliet chun cuid mhór táirgí iontach de chuid Chill Chainnigh a chur ar taispeáint ann agus, chomh maith leis sin, chun cuireadh a thabhairt do na haíonna go léir i rith na seachtaine teacht ar ais chun cuairt a thabhairt ar Chill Chainnigh sa toadhchaí.



Táirgí Chill Chainnigh a bhí ar taispeáint le linn an imeachta

**AN STIÚRTHÓIREACHT
AIRGEADAIS, FAISNÉISE
TEICNEOLAÍOCHTA,
BAINISTÍOCHTA SAORÁIDÍ**

Ceann Airgeadais: Martin Prendiville

Tá freagracht ar an Roinn Airgeadais i ndáil le rialú foriomlán agus bainistíocht a dhéanamh ar airgeadas na Comhairle. Is iad na príomhsheirbhísí a sholáthraítear faoin stiúrtóireacht seo Pleanáil agus Rialú Airgeadais, Bailiú Ioncaim, Bainistíocht Chisteáin, Bainistíocht Mhaoine agus Mótarchánachas.

Ráiteas an Chuntais Ioncaim & Caiteachais

Sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais, tugtar achoimre ar an gcaiteachas ar na seirbhísí a sholáthraíonn an Chomhairle ó lá go lá agus tugtar mionsonraí faoi conas a mhaoinítear an caiteachas sin. Bhí barrachas €18,230 ann don bhliain, rud a d'fhág go raibh barrachas carnach €108,770 ann ar an 31 Nollaig 2022. Rinneadh dianrialuithe buiséadacha a choimeád ar bun i ndáil leis an gcaiteachas iomlán ina raibh suim €104 milliún.

Socrúithe maidir le Maoiniúchán do Thionscadail Chaipitiúla

Ba é a bhí i gcostas iomlán na dtionscadail caipitiúil a cuireadh i gcrích faoin gClár Caipitiúil sa bhliain 2022 ná €63.1m. B'ionann an caiteachas ar Thionscadail Bhóthair agus 79% den chaiteachas iomlán. Maidir le tionscadail chaipitiúla, ba é a bhí sna gealltanais nach raibh íocaíocht déanta ina leith amhail ar an 31 Nollaig 2022 ná €10.7m.

Déantar socrú sa bhuiséad bliantúil maidir le haisíoc an ghealltanais sin thar thréimhse 8 mbliana.

Sa bhliain 2022, bailíodh suim iomlán €3.5m i bhfoirm Ranníocaíochtaí Forbartha.

I mí Eanáir 2023, ghlac an Chomhairle Buiséad Caipitiúil don thréimhse trí bliana ó 2023 go 2025. Sa bhuiséad sin, leagtar amach costas measta na dtionscadail caipitiúil atá á mbreithniú, mar aon leis na foinsí gaolmhara maoiniúcháin. Ní féidir leis an gComhairle aon tionscadail chaipitiúla a thionscnamh mura bhfuil foinse mhaoiniúcháin ann ina leith.

An Clár Comhardaithe ar an 31 Nollaig, 2022.

Bhí clár comhardaithe measartha láidir ag an gComhairle amhail ar an 31 Nollaig 2022.

Is é a bhí sna hiasachtaí baine iomlána (gan iasachtaí a bhaineann le tithíocht a áireamh) nach raibh íoctha amhail ar an 31 Nollaig 2022, ná €14.2m. Níor baineadh úsáid as an tsaoráid rótharraingthe baine i rith na bliana. Ba é a bhí san iarmhéid deiridh airgid thirim ag deireadh mhí na Nollag 2022 ná €42.1m agus tá €21.8m den tsuim sin imfhálaithe le haghaidh maoiniúchán meaitseála i leith Tionscadail Chaipitiúla.

Fiacha a Bhailiú

Tar éis dhá bhliain an-deacair a bheith ann de bharr covid-19, baineadh amach laghdú €542k sa bhliain 2022 i dtaca le riaráistí rátaí tráchtála. Tháinig méadú go dtí 95% ar an ráta bailiúcháin iomlán. Ina theannta sin, tá laghdú déanta ar an bhforáil maidir le drochfhiacha. Tháinig laghdú 1%, go dtí 96%, ar an ráta bailithe Cíosanna Tithíochta. Níor tháinig aon athrú i rith na bliana ar riaráistí maidir le hiasachtaí Tithíochta.

Tá an fheidhmíocht stairiúil i leith bailiú ó bhí an bhliain 2015 ann leagtha amach sa tábla a ghabhann leis seo:

	Bailiú mar Chéatadán							
	2015	2016	2017	2018	2019	2020	2021	2022
Rátaí Tráchtála	92	94	95	93	94	83	87	95
Cíosanna & Blianachtaí	92	93	92	93	95	96	97	96
Iasachtaí Tithíochta	82	80	85	88	90	90	90	90

TÁBLA AIRGEADAIS

RÁITEAS CUIMSITHEACH AR IONCAM (RÁITEAS AR AN gCUNTAS IONCAIM & CAITEACHAIS) DON TRÉIMHSE DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2022

Sa Ráiteas ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais, tarraingítear le chéile an t-ioncam go léir a bhaineann le hioncam agus le caiteachs. Taispeántar an barrachas/(an t-easnamh) don bhliain ann. [Nóta 16, leithroinntear aistriú de réir rannán seirbhíse san fhormaid chéanna le Tábla A de bhuiséad glactha an Udarais Áitiúil.

Caiteachas de réir Rannáin	Nóta	Oll-Chaiteachas 2022 €	Ioncam 2022 €	Glan-Chaiteachas 2022 €	Glan-Chaiteachas 2021 €
Tithíocht agus Tógáil		24,996,956	25,920,552	(923,596)	(211,372)
Bóithre, Iompar & Sábháilteacht		28,631,007	22,035,731	6,595,275	6,268,850
Seirbhísí Uisce		7,220,799	6,845,566	375,233	211,708
Bainistiú Forbartha		10,621,902	5,161,727	5,460,176	5,248,864
Seirbhísí Comhshaoil		12,373,226	4,037,913	8,335,314	8,579,387
Áineas & Taitneamhachtaí		7,571,155	907,689	6,663,466	6,424,883
Talmhaíocht. Oideachas, Sláinte & Leas		629,513	450,831	178,682	189,990
Seirbhísí Ilghnéitheacha		5,161,024	6,153,478	(992,455)	(381,789)
Caiteachas/Ioncam Iomán		97,205,581	71,513,487		
	15				
Glan-Chostas an Rannáin le maoiniú as Rátaí agus Cáin Mhaoine Áitiúil				25,692,095	26,330,522
Rátaí				20,876,017	20,823,490
Cáin Mhaoine Áitiúil				11,809,350	11,806,494
Barrachas/(Easnamh) don Bhliain roimh				6,993,272	6,299,462
Aistriú Aistriú ón/(chuig an) gCúlchiste	14			(6,975,042)	(6,253,555)
Barrachas/(Easnamh) foriomlán don bhliain	16			18,230	45,907
Cúlchiste Ginearálta ar an 1 Eanáir				90,540	44,633
Cúlchiste Ginearálta ar an 31 Nollaig				108,770	90,540

TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE

Príomhghnóthachtálacha na bliana 2022:

- Príomhghnóthachtálacha na bliana 2022:
- Cuireadh forbairt an Chláir rPhleanála i gcrích
- Éascaíodh Obair Chianda do líon mór ball foirne
- Uasghrádaíodh Córais Chlosamhairc i Seomra na Comhairle agus i Seomraí Cruinnithe in Áras an Chontae
- Coimeádadh timpeallacht Citrix ar bun le haghaidh obair chianda
- Leanadh den leathnú ar úsáid feistí soghluaiste chuig baill foirne
- Éascaíodh cruinnithe poiblí ar líne trí úsáid a bhaint as MS Teams
- Leanadh den tacaíocht do phróiseas an Chláir Lárnaigh Creidmheasa
- Suirbhéanna éagsúla ar líne a chur i gcrích agus foirmeacha iarratais ar líne a chur ar fáil
- Cuireadh Leaganacha Uasdátaithe de chórais iHouse , iDocs, iPlan agus iReg ar fáil
- Rinneadh úsáid MS Teams a leathnú chuig baill foirne
- Rinneadh ábhar breise, uasdátuithe agus feabhsuithe slándála a chur le láithreáin ghréasáin éagsúla de chuid an údaráis áitiúil
- Córas an Fheidhmchláir Oibre Cumaisc a fhorbairt
- Ríomhairí Pearsanta nua agus ríomhairí glúine nua a chur ar fáil ar bhonn leanúnach
- Teicneolaíochtaí suirbhéireachta a chur ar fáil do bhaill foirne ar bhonn leanúnach
- Uasdátuithe leanúnacha ar fhreastalaithe agus ar PC-anna chun slándáil an líonra a choimeád ar bun
- Leathnaíodh úsáid Fíordheimhniúcháin Déshraithe
- Críochnaíodh an t-uasghrádú ar an gCroí-Chóras AD nua
- Cloig Ama a chur i ngníomh
- Córas Bainistíochta Airgeadais Agresso a uasghrádú go Milestone 7
- Iarraidh ar Thairiscintí curtha i gcrích i ndáil le Seirbhís nua Bainistithe Priontála
- Láithreáin bhreise curtha le líonra na Comhairle
- Suiteáil an Chórais nua Bainistíochta Leabharlainne
- Córais Bhreise Slándála a fhorbairt
- Uasdátú Exchange Server curtha i gcrích
- Uasghrádú Balla Dóiteáin curtha i gcrích
- Uasdátú rPhlean, agus comhtháthú le Pleanáil Ar Líne, curtha i gcrích
- Comhlíontacht RGCS coimeádta ar bun i ndáil lenár gcuid láithreán gréasáin
- Rinneadh feabhsúcháin sorochtaineachta ar Láithreán Gréasáin na Comhairle Contae
- Leanadh den aistriú chuig néalseirbhísí
- Sreabhadh nua oibre agus córas bainistíochta doiciméad curtha i bhfeidhm i réimse na nAcmhainní Daonna
- Cás-tuarascálacha nua curtha i bhfeidhm dár gcóras bainistíochta caidreamh le custaiméirí (CRM)
- Uasdátú amharcóirí poiblí an Chórais Faisnéise Geografaí (GIS)
- Tacaíocht GIS curtha ar fáil i leith na Cánach Talún Criosaithe Cónaithe - Dréacht-Léarscáileanna
- Uasdátú na Tairisí GIS inmheánaí do bhaill foirne
- Ár dtairseach chomhairliúcháin, Consult.kilkenny.ie, a bhainistiú agus tacaíocht a thabhairt ina leith

SEIRBHÍSÍ AGUS EARRAÍ A FHÁIL

Lean Aonad Fála Seirbhísí agus Earraí Comhairle Chontae Chill Chainnigh de bheith ag éascú sruth leanúnach deiseanna i leith conarthacha i gcomhréir le chlár uaillmhianach oibreacha poiblí na hEagraíochta.

Baineann tuairim is €34 milliún de Chaiteachas Ioncaim, agus tuairim is €38 milliún de chaiteachas caipitiúil, Chomhairle Chontae Chill Chainnigh le hoibreacha, seirbhísí agus earraí éagsúla a fhaightear ó sholáthróirí atá lonnaithe go formhór sa cheantar áitiúil nó in áiteanna ar fud na tíre.

Príomhghnóthachtálacha na bliana 2022:

- Uaslódáil agus fógairt 52 Iarraidh ar Thairiscint ar thairseach fála eTenders
- 42 fhógra faoi Mhiontairiscintí agus Luachana ar thairseach SupplyGov
- Oibríonn an Oifig um Sholáthar Rialtais agus an tIonad Soláthair Oibriúcháin Rialtais Áitiúil go dlúth le húdarais áitiúla chun creataí náisiúnta a sholáthar ar féidir le húdarais áitiúla tarraingt anuas uathu.
- Rinne Comhairle Chontae Chill Chainnigh tarraingt anuas ó na creataí sin sa bhliain 2022 i réimsí amhail fónais phoiblí, cúrsaí flite, TFC, seirbhísí gairmiúla agus Trealamh Cosanta Pearsanta.
- Tuilleadh beart chun Beartais Ghlasa Fála (GPP) a chur chun cinn, lena n-áirítear córas leictreonach tairisceana le haghaidh na n-iarrataí go léir ar thairiscintí ar an leibhéal náisiúnta agus oiliúint fhorleathan GPP a chur ar fáil le haghaidh na bpríomhrannóga de chuid na heagraíochta.
- Rannpháirtíocht ball foirne i gcúrsaí oiliúna inmheánacha agus na hOifige um Sholáthar Rialtais.

I measc na bpríomhiarrataí ar thairiscintí a bhí ann sa bhliain 2022 áirítear an méid seo a leanas:

- Bailchríoch a chur ar an Tionscadal Éifeachtúlacht Fuinnimh an tSoilsiúcháin Phoiblí le haghaidh 10 gcontae i Réigiún an Oirdheiscirt áit inarb í Cill Chainnigh an t-údarás ceannais
- Bailchríoch a chur ar iarrataí ar thairiscintí agus ar bhronnadh conarthaí faoin Scéim Athnuachana Bailte & Sráidbhailte
- Meaisíní Páirceála Grian-Chumhachtaithe 'Íoc agus Taispeáin' a Chur ar Fáil, a Shuiteáil agus a Chothabháil
- An próiseas tairisceana a chur i gcrích i leith oibreacha agus dearadh de chineál Ailtireachta, Caomhantais Dhéanmhasaigh agus Innealtóireachta le haghaidh tionscadail speisialta amhail seanstáisiún Garda Síochána Bhaile an Phoill, Teach Déirce Uí Shé, an Nasc do Choisithe idir na Gairdíní Cois Abhann agus Páirc Líneach na Feoire agus Seirbhísí Sainchomhleoireachta Meithle Comhdhlúite Ailtirí i leith Dearadh agus Tógáil Ionad Gníomhaíochtaí Spórt Uisce i gCill Chainnigh.
- Iarrataí éagsúla ar thairiscintí i réimse na tithíochta, go háirithe Tógáil Tithe ag Cnoc an Chrócarraigh.
- Cur i gcrích rathúil roinnt tairiscintí faoin gClár Taistil Ghníomhaigh.
- Seirbhísí a sholáthar i leith Cothabháil Féir i gCathair agus i gContae Chill Chainnigh
- Roinnt meaisíní a fháil, ar mhodh tairisceana, ar meaisíní iad a éascóidh cothabháil agus feabhsú bóthar ar fud na Cathrach agus an Chontae.
- Bronnadh conarthaí le haghaidh Tionscadail Bhóthair tar éis comórtais éagsúla tairisceana, ar mhodh tairiscintí oscailte, agus trí leas a bhaint as Creat Pábhála an Oirdheiscirt arb é Cill Chainnigh an t-údarás áitiúil ceannais maidir leis.

LEATHANBHANDA

Príomhghnóthachtálacha na bliana 2022:

- Freastal a dhéanamh ar chruinnithe míosúla Oifigeach Leathanbhanda.
- Idirchaidreamh leanúnach le hOibreoirí Seirbhíse Leathanbhanda.
- Idirchaidreamh leanúnach le Leathanbhanda Náisiúnta Éireann - soláthraíodh cúnamh maidir le comhshuíomhanna i gCill Chainnigh & i mBaile Eoin
- Forbairt leanúnach ar an Straitéis Dhigiteach
- Teagmháil leanúnach leis an bpobal maidir le fiosruithe faoi leathanbhanda agus teileachumarsáid.
- Scéim suiteála WIFI4EU i 6 limistéar de chuid an chontae
- Osclaíodh Pointí Ceangail Leathanbhanda i bPobail Cheangailte
- Lainseáladh cúig Mhol Cianoibre ar fud an Chontae

TIONSCADAIL SPEISIALTA

Ceathrú na Mainistreach

Sa bhliain 2022, leanadh den obair ar chur i bhfeidhm Mháistirphlean Ceathrú na Mainistreach. Tharla moilleanna i leith tionscadail tógála sa bhliain 2022 de bharr saincheisteanna slabhra soláthair a bhain leis an gcogadh san Úcráin agus leis an tréimhse iar-COVID.



Kilkenny Abbey Quarter Development Ltd

Rinne Forbairt Ceathrú na Mainistreach i gCill Chainnigh Teo (FCMCC) dul chun cinn sa bhliain 2022 maidir le tograí forbartha i ndáil leis na foirgnimh atá beartaithe ar láithreán Ceathrú na Mainistreach. Cuireadh an chomhpháirtíocht sin idir Comhairle Chontae Chill Chainnigh agus Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta ar bun trí Chiste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann (ISIF) chun na bloic thógála ar Láithreán sheanGhrúdlann Smithwick a fhorbairt.

Foirgneamh na Grúdlainne

Críochnaíodh an obair ar Fhoirgneamh na Gúdlainne i mí Aibreáin 2022 agus, ina dhiaidh sin, chuir na tionóntaí tús le feistiú na n-aonad oifige. Bhog na chéad tionóntaí, O'Neill Foley Accountants isteach ina n-oifigí nua ag deireadh mhí Bhealtaine 2022 agus, dá éis sin, bhog Tirlán (Glanbhia Éireann roimhe sin) isteach i Meán Fómhair 2022. Cuireadh tús le feistiú an aonaid deiridh i dtrátha dheireadh na bliana 2022 agus ceaptar go mbogfaidh Security Risk Advisors isteach sna hoifigí in Earrach na bliana 2023.

Tá ligean iomlán déanta i leith an fhoirgnimh.



Ceathrú na Mainistreach - Foirgnimh Nua

Taisceadh iarratas pleanála sa bhliain 2022 le haghaidh an chéad chinn de na foirgnimh nua atá le forbairt ar Láithreán Cheathrú na Mainistreach. Tríd an bhfoirgneamh L-chruthach seo atá suite taobh leis an nGrúdlann a chríochnú cuirfear bailchríoch ar theorainn Chearnóg na Grúdlainne. Is é atá beartaithe i gcomhair úsáid an fhoirgnimh ná úsáid oifige mar aon le húsáidí tráchtála nó miondíola ar an mbunurlár. Fuarthas iarraidh ar thuilleadh faisnéise ón Údarás Pleanála mar fhreagra ar an iarratas pleanála agus tá an Fhaisnéis Bhreise sin le tíolacadh go luath sa bhliain 2023.



OFFICIAL OPENING
OF THE ABBEY
QUARTER PUBLIC
REALM-MAY 2022



Comhairle Chontae Chill Chainnigh

Tá freagracht ar Chomhairle Chontae Chill Chainnigh i ndáil le hathfhorbairt shean-Bhálseomra Mayfair agus na limistéar fairsing san fhearann poiblí ar Láithreán Cheathrú na Mainistreach.

Leabharlann Mayfair

Tá Leabharlann nua Chathair Chill Chainnigh le lonnú laistigh d'Fhoirgneamh Mayfair ar láithreán Cheathrú na Mainistreach. Is foirgneamh an-suntasach é Foirgneamh Mayfair ó thaobh oidhreacht shóisialta Chill Chainnigh de ós rud é go raibh Bálseomra Mayfair ann ó 1943 go dtí 1973.

Ceapadh *Duggan Lynch Ltd* mar phríomhchonraitheoirí le haghaidh thionscadal Leabharlann Mayfield i Meán Fómhair 2021. Rinneadh dochar do chlár an tionscadail sa bhliain 2022 mar gheall ar shaincheistean slabhra soláthair i leith ábhair thógála agus tá an tionscadal le cur i gcrích anois i Ráithe 2 den bhliain 2023 agus ceaptar go n-osclofar an Leabharlann i Ráithe 3 den bhliain 2023.



Limistéir san Fhearann Poiblí

Tá freagracht ar Chomhairle Chontae Chill Chainnigh i ndáil le forbairt limistéar fairsing de chuid an fhearainn phoiblí ar Láithreán Cheathrú na Mainistreach agus tá 60% de shean-láithreán na Grúdlainne le forbairt mar fhearann poiblí. Meastar go bhfuil forbairt Limistéar Ardcháilíochta san Fhearann Poiblí thar a bheith tábhachtach i ndáil le comhtháthú sheanláithreán na Grúdlainne isteach i Lár na Cathrach.

Tá maoiniúchán le haghaidh na n-oibreacha sin curtha ar fáil tríd an gCiste Athghiniúna agus Forbartha Uirbí (URDF), trí Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (ERDF), trí Scéim Deontais na nIonad Uirbeach Ainmnithe agus trí chistí dílse Comhairle Chontae Chill Chainnigh.



Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040




Ireland's European Structural and
Investment Funds Programmes
2014-2020
Co-funded by the Irish Government
and the European Union



European Union
European Regional
Development Fund

Lána Bheairic an Mharcshlua & Cearnóg na Grúdlainne.

Mar chuid den chonradh tógála i leith athfhorbairt Fhoirgneamh na Grúdlainne, áiríodh athfhorbairt Lána Bheairic an Mharcshlua agus Cearnóg na Grúdlainne agus críochnaíodh an obair sin i mBealtaine 2022 agus d'oscail an tAire Darragh O'Brien an fhorbairt sin go hoifigiúil.



Tionscadal na Sráide agus na Páirce Uirbí

Sa bhliain 2022, críochnaíodh an obair ar dhearadh mionsonraithe na Páirce & na Sráide Uirbí i gCeathrú na Mainistreach.

Maidir leis an bPáirc Uirbeach a bheidh suite sa cheantar thart ar Shéadchomhartha Náisiúnta Mhainistir Phroinsias, beidh sé ina lárphointe i gCeathrú na Mainistreach agus beidh sé ceaptha ar shlí a fhágfaidh go mbeifear in ann imeachtaí amuigh faoin aer a bhaineann leis an líon mór féilte a sheoltar sa Chathair i rith na bliana a réachtáil ann.

Tríd an tSráid Uirbeach, ina dtabharfar tús áite do choisithe agus do rothaithe, éascófar forbairt na bhfoirgneamh nua atá beartaithe le haghaidh láithreán Cheathrú na Mainistreach..

Maidir leis an tionscadal seo, ceaptar go rachfar ar aghaidh chuig céim na tairisceana i Ráithe 1 den bhliain 2023.




Tithe Tae

Sa bhliain 2022, críochnaíodh na hoibreacha caomhantais ar dhá sheomra tae ar Ché Bateman. Tá na Tithe Tae suite ar bhealach isteach tábhachtach chuig Ceathrú na Mainistreach agus i dtosach Thionscadal an Ghairdín Cois Abhann. Faoi láthair, tá Comhairle Chontae Chill Chainnigh ag lorg Léirithe Spéise le haghaidh oibreoir na Seomraí Tae.




**OPENING OF THE TEA HOUSES,
SKATEBOARD PARK AND WALKWAY
MAY 2022**



Ciseach Dhroichead an Ghraoinigh

Nuair a críochnaíodh an Gairdín Cois Abhann i láithreán shean-Ghrúdlann Smithwick, is é atá sa nasc deiridh atá ar iarraidh ó na siúláin Cois Abhann i lár na Cathrach ná fad gairid 150m de shiúlán díreach ó thuaidh ó Dhroichead an Ghraoinigh. Rinneadh dearadh tosaigh le haghaidh an tsiúláin a chríochnú sa bhliain 2022 agus ceapadh meitheal dearthóireachta don tionscadal sa bhliain 2022 d'fhonn leanúint ar aghaidh chuig céim na pleanála i leith an tionscadail.



Tionscadal an Tholsel

Sa bhliain 2022, rinneadh dul chun cinn maidir leis an miondearadh le haghaidh Thionscadal an Tholsel. Táthar chun an Tholsel a nuachóiriú agus beidh ionad nua cuairteora ar fáil ann agus, ag an am céanna, coimeádfar feidhm chathartha an fhoirgnimh ar bun.

Sa bhliain 2022 freisin, rinneadh dul chun cinn maidir leis an obair ar an Taispeántas Cuairteora. Mar thoradh ar an tionscadal, soláthrófar ardaitheoir san fhoirgneamh, rud a fhágfaidh go mbeidh an foirgneamh sorochtana agus comhlíontach go hiomlán i gcomhréir le ceanglais an Achta um Míchumas agus na Rialachán Foirgníochta.s.



TIONSCADAIL BHAILE MHC ANDÁIN

Teach na Seisiún

Tá Teach na Seisiún (*An sean-Teach Cúirte*) i mBaile Mhic Andáin á athfhorbairt ag Comhairle Chontae Chill Chainnigh faoi láthair le maoiniúchán ón gCiste Athghiniúna Tuaithe, ó LEADER agus ó chistí dílse Comhairle Chontae Chill Chainnigh agus beidh sé le hathúsáid ag Comhairle Dhearthra & Cheardaíochta na hÉireann. Tugann an fhorbairt seo deis chun úsáid inbhuanaithe nua a chur ar fáil le haghaidh an fhoirgnimh agus, ag an am céanna, chun beogacht Bhaile Mhic Andáin a chur chun cinn mar mhol cruthaitheachta agus ealaíne sa réigiún.

Tá an obair ar an bhforbairt atá á déanamh ag Richard McEvoy Contracting Ltd le cur i gcrích i Ráithe 1 den bhliain 2023. Cuireadh moill leis an tionscadal sa bhliain 2022 de bharr saincheistean na ndáil le hinfhaighteacht ábhar tógála mar gheall ar an gcogadh san Úcráin agus mar gheall ar ghanntanais iar-COVID.



Leabharlann Bhaile Mhic Andáin



Tá Leabharlann Bhaile Mhic Andáin, nach n-oireann do riachtanais leabharlainne nua-aimseartha faoi láthair, le hathlonnú achar gearr óna suíomh láithreach ar Shráid an Mhairéasaigh go dtí sean-Halla Spóirt an Pobail.

Rinneadh maoiniúchán le haghaidh an tionscadail, faoin gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe, a dhaingníú sa bhliain 2021. Sa bhliain 2022, críochnaíodh dearadh mionsonraithe an tionscadail agus táthar ag fanacht le daingniú críochnaitheach an mhaoiniúcháin sular féidir leanúint ar aghaidh chuig céim na tairisceana.